



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2025  
(OR. en)

14098/25  
ADD 1

DRS 86  
ECOFIN 1360  
EF 349

## NÓTA CLÚDAIGH

|                           |                                                                                                                                                                                                      |
|---------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | An Coimisiún Eorpach                                                                                                                                                                                 |
| dáta a fuarthas:          | 15 Deireadh Fómhair 2025                                                                                                                                                                             |
| chuig:                    | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                                                                            |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 110230 annex                                                                                                                                                                                 |
| Ábhar:                    | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN (AE) .../...<br>ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803<br>a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú<br>Airgeadais 18 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 110230 annex.

Faoi iamh: D(2025) 110230 annex

**GA**  
**IARSCRÍBHINN**

**IFRS 18**

**Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais**

**D110230/01**

## Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 18

### Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais

#### Cuspóir

---

- 1 Leagtar amach leis an gCaighdeán seo ceanglais maidir le cur i láthair agus nochtadh faisnéise i *ráitis airgeadais ilchuspóireacha* (ráitis airgeadais) chun cuidiú lena áirithiú go soláthraíonn siad faisnéis ábhartha a léiríonn go dílis sócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam agus costais eintitis.

#### Raon feidhme

---

- 2 **Cuirfidh eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm maidir le faisnéis a chur i láthair agus a nochtadh i ráitis airgeadais a ullmhaítear i gcomhréir le *Caighdeán Chuntasaíochta IFRS*.**
- 3 Leagtar amach leis an gCaighdeán seo ceanglais ghinearálta agus shonracha maidir le cur i láthair faisnéise sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais, sa ráiteas maidir le staid airgeadais agus sa ráiteas ar athruithe sa chothromas. Leagtar amach leis an gCaighdeán seo freisin ceanglais maidir le nochtadh faisnéise sna *nótaí*. Le IAS 7 *Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid* leagtar amach ceanglais maidir le cur i láthair agus nochtadh faisnéise maidir le sreabhadh airgid. Mar sin féin, tá feidhm ag na ceanglais ghinearálta maidir le ráitis airgeadais i míreanna 9- 43 agus 113- 114 maidir leis an ráiteas faoi shreabhadh airgid.
- 4 Leagtar amach le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS eile na ceanglais maidir le haithint, tomhas, cur i láthair agus nochtadh le haghaidh idirbhearta sonracha agus teagmhais eile.
- 5 Níl feidhm ag an gCaighdeán seo maidir le cur i láthair agus nochtadh faisnéise i ráitis airgeadais eatramhacha chomhdhlúite a ullmhaítear lena gcuirtear IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach* i bhfeidhm. Mar sin féin, tá feidhm ag míreanna 41- 45 agus 117- 125 maidir le ráitis airgeadais den sórt sin.
- 6 Úsáidtear téarmaíocht sa Chaighdeán seo atá oiriúnach d'eintitis atá dírithe ar bhrabús, lena n-áirítear eintitis ghnó na hearnála poiblí. Má chuireann eintitis a bhfuil gníomhaíochtaí neamhbhrabúsacha acu san earnáil phríobháideach nó san earnáil phoiblí an Caighdeán seo i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu na tuairiscí a úsáidtear le haghaidh míreanna líne, catagóirí, fo-iomláin nó iomláin áirithe sna ráitis airgeadais agus le haghaidh na ráiteas airgeadais iad féin a leasú.
- 7 Ar an gcuma chéanna, maidir le heintitis nach bhfuil cothromas acu mar a shainmhínítear in IAS 32 *Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair* (mar shampla, roinnt cistí frithpháirteacha) agus eintitis nach cothromas é a scairchaipiteal (mar shampla, roinnt eintiteas comharchumainn), d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu cur i láthair ráiteas airgeadais leasanna comhaltaí nó sealbhóirí aonad a oiriúnú.
- 8 Soláthraíonn eintitis go leor athbhreithniú airgeadais ón lucht bainistíochta, rud atá ar leithligh ó na ráitis airgeadais (féach mír 10), ina dtugtar tuairisc agus míniú ar phríomhghnéithe fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an eintitis, mar aon leis na príomhéiginnteachtaí atá roimhe. Tá athbhreithniú den sórt sin lasmuigh de raon feidhme Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS.

#### Ceanglais ghinearálta maidir le ráitis airgeadais

---

##### Cuspóir na ráiteas airgeadais

- 9 Is é is cuspóir do ráitis airgeadais faisnéis airgeadais a sholáthar maidir le sócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam agus costais eintitis tuairiscithe atá úsáideach d'úsáideoirí ráiteas airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar na hionchais le haghaidh glan- insreafaí airgid chuig an eintiteas amach anseo agus chun measúnú a dhéanamh ar mhaoirseacht an lucht bainistíochta ar acmhainní eacnamaíocha an eintitis.

##### Tacar iomlán de ráitis airgeadais

- 10 **Cuimsítear an méid seo a leanas i dtacar iomlán de ráitis airgeadais:**
- (a) ráiteas (nó ráitis) ar fheidhmíocht airgeadais le haghaidh na tréimhse tuairiscithe (féach mír 12);
  - (b) ráiteas maidir le staid airgeadais i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe;

- (c) ráiteas ar athruithe sa chothromas le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;
  - (d) ráiteas faoi shreabhadh airgid le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;
  - (e) nótaí le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;
  - (f) faisnéis chomparáideach i leith na tréimhse roimhe sin mar a shonraítear i míreanna 31–32; agus
  - (g) ráiteas maidir le staid airgeadais i dtús na tréimhse roimhe sin má cheanglaítear sin le mír 37.
- 11 Tagraítear do na ráitis a liostaítear i míreanna 10(a)- 10(d) (agus dá bhfaisnéis chomparáideach) mar na *príomhráitis airgeadais*. Féadfaidh eintiteas teidil a úsáid le haghaidh na ráiteas nach iad na teidil a úsáidtear sa Chaighdeán seo iad. Féadfaidh eintiteas an teideal ‘clár comhardaithe’ a úsáid in ionad ‘ráiteas staid airgeadais’, mar shampla. Ina theannta sin, cé go n- úsáideann an Caighdeán seo téarmaí amhail ‘*ioncam cuimsitheach eile*’, ‘*brabús nó caillteanas*’ agus ‘*ioncam cuimsitheach iomlán*’, féadfaidh eintiteas téarmaí eile a úsáid chun na hiomláin, na fo- iomláin agus na míreanna líne a cheanglaítear leis an gCaighdeán seo a lipéadú fad agus atá siad lipéadaithe ar bhealach a léiríonn saintréithe na míreanna go dílis, mar a cheanglaítear le mír 43. Mar shampla, féadfaidh eintiteas an téarma ‘glanioncam’ a úsáid chun ‘brabús nó caillteanas’ a lipéadú.
- 12 Cuirfidh eintiteas a ráiteas/ráitis ar fheidhmíocht airgeadais i láthair mar cheann de na nithe seo a leanas:
- (a) ráiteas aonair ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile, ina bhfuil brabús nó caillteanas agus ioncam cuimsitheach eile curtha i láthair in dhá roinn — má roghnaítear an rogha sin, cuirfidh eintiteas an roinn brabúis nó caillteanais i láthair ar dtús agus an roinn maidir le hioncam cuimsitheach eile díreach ina dhiaidh sin; nó
  - (b) ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ráiteas ar leithligh ina gcuirfear ioncam cuimsitheach i láthair a thosóidh le brabús nó caillteanas — má roghnaítear an rogha sin, beidh an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas díreach roimh an ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair.
- 13 Sa Chaighdeán seo:
- (a) tagraítear don roinn brabúis nó caillteanais ar a dtugtar tuairisc i mír 12(a) agus don ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas a bhfuil tuairisc air i mír 12(b) mar an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas; agus
  - (b) maidir leis an roinn ioncaim chuimsitheach eile ar a dtugtar tuairisc i mír 12(a) agus an ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair a bhfuil tuairisc air i mír 12(b), tagraítear dóibh mar an ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair.
- 14 Cuirfidh eintiteas gach ceann de na príomhráitis airgeadais i láthair ar bhealach ina dtugtar an tsuntasacht chéanna dóibh i dtacar iomlán de ráitis airgeadais.

## Ról na bpríomhráiteas airgeadais agus na nótaí

- 15 Chun cuspóir na ráiteas airgeadais a bhaint amach (féach mír 9), cuireann eintiteas faisnéis i láthair sna príomhráitis airgeadais agus nochtann sé faisnéis sna nótaí. Ní gá d’eintiteas ach *faisnéis ábhartha* a chur i láthair nó a nochtadh (féach míreanna 19 agus B1- B5).
- 16 Is é ról na bpríomhráiteas airgeadais a choimri struchtúrtha a sholáthar ar shócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreafaí airgid aitheanta eintitis tuairiscithe, atá úsáideach d’úsáideoirí ráiteas airgeadais maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) forbhreathnú intuigthe a fháil ar shócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreafaí airgid aitheanta an eintitis;
  - (b) comparáidí a dhéanamh idir eintitis, agus idir tréimhsí tuairiscithe le haghaidh an eintitis chéanna; agus
  - (c) míreanna nó réimsí a shainathint ar ina leith a d’fhéadfadh úsáideoirí ráiteas airgeadais a bheith ag iarraidh faisnéis bhreise a lorg sna nótaí.
- 17 Is é ról na nótaí an fhaisnéis ábhartha is gá a sholáthar:
- (a) chun é a chur ar a gcumas d’úsáideoirí ráiteas airgeadais na míreanna líne a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais a thuiscint (féach mír B6); agus
  - (b) chun na príomhráitis airgeadais a fhorlíonadh le faisnéis bhreise chun cuspóir na ráiteas airgeadais a bhaint amach (féach mír B7).

- 18 Úsáidfídh eintiteas róil na príomhráiteas airgeadais agus na nótaí, a bhfuil tuairisc orthu i míreanna 16- 17, chun a chinneadh ar cheart faisnéis a áireamh sna príomhráitis airgeadais nó sna nótaí. Ciallaíonn róil éagsúla na bpríomhráiteas airgeadais agus na nótaí go bhfuil difríocht idir méid na faisnéise a cheanglaítear sna nótaí agus an méid a cheanglaítear sna príomhráitis airgeadais. Ciallaíonn na difríochtaí:
- (a) chun na hachóimrí struchtúrtha a bhfuil tuairisc orthu i mír 16 a sholáthar, go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear sna príomhráitis airgeadais níos comhiomlánaithe ná an fhaisnéis a sholáthraítear sna nótaí; agus
  - (b) chun an fhaisnéis a bhfuil tuairisc uirthi i mír 17 a sholáthar, go soláthraítear sna nótaí faisnéis níos mionsonraithe maidir le sócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreafaí airgid an eintitis, lena n- áirítear *dí- chomhiomlánú* na faisnéise a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais.

## **Faisnéis a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais nó a nochtar sna nótaí**

- 19 Sonraítear le roinnt Caighdeán Cuntasaíochta IFRS faisnéis a cheanglaítear a chur i láthair sna príomhráitis airgeadais nó a nochtadh sna nótaí. Ní gá d'eintiteas cur i láthair ná nochtadh sonrach a sholáthar a cheanglaítear le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS mura bhfuil an fhaisnéis a eascraíonn as an gcur i láthair nó as an nochtadh sin ábhartha. Is amhlaidh an cás fiú má tá liosta ceanglas sonrach i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS nó má thugtar tuairisc orthu sna Caighdeáin sin mar íoscheanglais.
- 20 Breithneoidh eintiteas cé acu a sholáthróidh nó nach soláthróidh sé nochtáí breise nuair nach bhfuil comhlíontacht leis na ceanglais shonracha i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS leordhóthanach chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar an tionchar atá ag idirbhearta agus ag teagmhais agus dálaí eile ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht airgeadais an eintitis.

## **Faisnéis a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais**

- 21 Bunaítear le mír 16 gurb é ról na bpríomhráiteas airgeadais achoimrí struchtúrtha a sholáthar atá úsáideach chun na gcíoch a shonraítear sa mhír sin (dá ngairtear *achóimre struchtúrtha úsáideach* ina dhiaidh seo). Úsáidfídh eintiteas ról na bpríomhráiteas airgeadais chun a chinneadh cén fhaisnéis ábhartha atá le cur i láthair sna ráitis sin, mar a leagtar amach i míreanna 22- 24.
- 22 **Chun achoimre struchtúrtha úsáideach a sholáthar i bpríomhráiteas airgeadais, comhlíonfaidh eintiteas ceanglais shonracha lena gcinntear struchtúr an ráitis. Is iad seo a leanas na ceanglais shonracha:**
- (a) maidir leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas — na ceanglais i míreanna 47, 69, 76 agus 78;
  - (b) maidir leis an ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair — na ceanglais i míreanna 86- 88;
  - (c) maidir leis an ráiteas staide airgeadais — na ceanglais i míreanna 96 agus 104;
  - (d) maidir leis an ráiteas ar athruithe sa chothromas — na ceanglais i mír 107; agus
  - (e) maidir leis an ráiteas faoi shreabhadh airgid — na ceanglais i mír 10 de IAS 7.
- 23 Ceanglaítear le roinnt Caighdeán Cuntasaíochta IFRS go gcuirtear na míreanna líne sonracha i láthair ar leithligh sna príomhráitis airgeadais (mar shampla míreanna 75 agus 103 den Chaighdeán seo). Ní gá d'eintiteas mír líne a chur i láthair ar leithligh i bpríomhráiteas airgeadais mura gá déanamh amhlaidh chun go soláthrófar achoimre struchtúrtha úsáideach sa ráiteas. Is amhlaidh an cás fiú má tá liosta de mhíreanna líne sonracha a cheanglaítear i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS nó má thugtar tuairisc ar na míreanna líne mar íoscheanglais (féach mír B8).
- 24 Cuirfidh eintiteas míreanna líne breise agus fo- iomláin bhreise i láthair más gá cuir i láthair den sórt chun achoimre struchtúrtha úsáideach a sholáthar le príomhráiteas airgeadais. Nuair a chuireann eintiteas míreanna líne breise nó fo- iomláin bhreise i láthair, beidh na míreanna líne sin nó na fo- iomláin sin (féach mír B9):
- (a) ina méideanna a aithnítear agus a thomhaistear i gcomhréir le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS;
  - (b) comhoiriúnach leis an struchtúr ráitis a chruthaítear leis na ceanglais a liostaítear i mír 22;
  - (c) comhsheasmhach ó thréimhse go tréimhse, i gcomhréir le mír 30; agus

- (d) ar taispeáint ar bhealach nach mbeidh níos feiceálaí ná na hiomláin ná na fo- iomláin a cheanglaítear le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS.

## Sainaithint na ráiteas airgeadais

- 25 Sainaithneoidh eintiteas na ráitis airgeadais go soiléir agus dealóidh sé iad ó fhaisnéis eile sa doiciméad foilsithe céanna sin (féach mír B10).
- 26 Níl feidhm ag Caighdeán Chuntasaíochta IFRS ach maidir le ráitis airgeadais, agus ní gá go bhfuil feidhm acu maidir le faisnéis eile a sholáthraítear i dtuarascáil bhliantúil, i gcomhdú rialála nó i ndoiciméad eile. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach gur féidir le húsáideoirí ráiteas airgeadais faisnéis a ullmhaítear agus úsáid á baint as Caighdeán Chuntasaíochta IFRS a dhealú ó fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach d'úsáideoirí ach nach bhfuil faoi réir na gceanglas sin.
- 27 Sainaithneoidh eintiteas go soiléir gach príomhráiteas airgeadais agus na nótaí. Ina theannta sin, nochtfaidh eintiteas go feiceálach, agus déanfaidh sé athrá nuair is gá chun go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear intuigthe:
- (a) ainm an eintitis tuairiscithe nó modh eile sainaitheantais, agus aon athrú ar an bhfaisnéis sin ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin;
  - (b) cé acu is le heintiteas aonair nó le grúpa eintiteas iad na ráitis airgeadais;
  - (c) dáta dheireadh na tréimhse tuairiscithe nó na tréimhse a chumhdaítear leis na ráitis airgeadais;
  - (d) an t- airgeadra tuairiscithe, mar a shainmhínítear in IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*; agus
  - (e) an leibhéal slánaithe a úsáidtear le haghaidh na méideanna sna ráitis airgeadais (féach mír B11).

## Minicíocht an tuairiscithe

- 28 Soláthróidh eintiteas tacar iomlán de ráitis airgeadais go bliantúil ar a laghad. Nuair a athraíonn eintiteas deireadh a thréimhse thuairiscithe agus nuair a sholáthraíonn sé ráitis airgeadais le haghaidh tréimhse níos faide nó níos giorra ná 1 bhliain amháin, nochtfaidh an t-eintiteas, i dteannta na tréimhse a chumhdaítear leis na ráitis airgeadais, na nithe seo a leanas:
- (a) an chúis le tréimhse níos faide nó níos giorra a úsáid; agus
  - (b) an fíoras nach bhfuil na méideanna a áirítear sna ráitis airgeadais go hiomlán inchomparáide.
- 29 De ghnáth, ullmhaíonn eintiteas ráitis airgeadais go comhsheasmhach le haghaidh thréimhse 1 bhliain amháin. Ar chúiseanna praiticiúla, áfach, is fearr le roinnt eintiteas tuairisciú a dhéanamh le haghaidh tréimhse 52 sheachtain, mar shampla. Ní chuirtear bac ar an gcleachtas sin leis an gCaighdeán seo.

## Comhsheasmhacht an chur i láthair, an nochtadh agus an aicmithe

- 30 Coinneoidh eintiteas cur i láthair, nochtadh agus *aicmiú* míreanna sna ráitis airgeadais ó thréimhse thuairiscithe go chéile ach amháin i gcás inarb amhlaidh:
- (a) gur léir, tar éis athrú mór ar chineál oibríochtaí an eintitis nó athbhreithniú ar a ráitis airgeadais, go mbeadh cur i láthair, nochtadh nó aicmiú eile níos iomchuí ag féachaint do na critéir maidir le beartais chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm in IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* (féach mír B12); nó
  - (b) go gceanglaítear le Caighdeán Cuntasaíochta IFRS athrú ar chur i láthair, ar nochtadh nó ar aicmiú.

## Faisnéis chomparáideach

- 31 Ach amháin nuair a cheadaítear nó nuair a cheanglaítear a mhalairt le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS, soláthróidh eintiteas faisnéis chomparáideach (is é sin, faisnéis le haghaidh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin) le haghaidh na méideanna uile a thuairiscítear i ráitis airgeadais na tréimhse reatha. Cuirfidh eintiteas faisnéis chomparáideach san áireamh le haghaidh faisnéis insinte agus thuairisciúil más gá sin chun tuiscint a fháil ar ráitis airgeadais na tréimhse reatha (féach mír B13).

- 32 Cuirfidh eintiteas tréimhse thuairiscithe reatha agus tréimhse roimhe sin i láthair i ngach ceann dá phríomhráitis airgeadais agus sna nótaí. Leagtar amach le míreanna B14- B15 ceanglais a bhaineann le faisnéis chomparáideach bhreise.

### **Athrú ar bheartas cuntasáochta, athráiteas cúlghabhálach nó athaicmiú**

- 33 Má athraíonn eintiteas cur i láthair, nochtadh nó aicmiú míreanna ina ráitis airgeadais, athaicmeoidh sé méideanna comparáideacha ach amháin i gcás ina bhfuil an t-athaicmiú dodhéanta. Nuair a athaicmíonn eintiteas méideanna comparáideacha, nochtfaidh sé na nithe seo a leanas (lena n-áirítear i dtaca leis an staid a bhí ann i dtús na tréimhse roimhe sin):
- (a) cineál an athaicmithe;
  - (b) méid gach míre nó gach aicme míreanna a athaicmítear; agus
  - (c) an chúis atá leis an athaicmiú.
- 34 Nuair atá sé dodhéanta méideanna comparáideacha a athaicmiú, nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas:
- (a) an chúis nach n-athaicmítear na méideanna; agus
  - (b) cineál na gcoigeartuithe a dhéanfaí dá n-athaicmeofaí na méideanna.
- 35 Trí inchomparáideacht idirthréimhse na faisnéise a fheabhsú, tugtar cúnamh d'úsáideoirí ráiteas airgeadais cinní eacnamaíocha a dhéanamh, go háirithe trí chaoi a thabhairt don mheasúnú ar threochtaí i bhfaisnéis chun críoch réamhaisnéise. In imthosca áirithe, tá sé dodhéanta faisnéis chomparáideach a athaicmiú le haghaidh tréimhse thuairiscithe áirithe roimhe sin chun comhsheasmhacht leis an tréimhse reatha a bhaint amach. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nár bhailigh eintiteas sonraí sa tréimhse (sna tréimhsí) roimhe sin ar bhealach a fhágann gur féidir athaicmiú a dhéanamh, agus d'fhéadfadh sé a bheith dodhéanta an fhaisnéis a athchruthú.
- 36 Leagtar amach le IAS 8 na coigeartuithe ar fhaisnéis chomparáideach a cheanglaítear nuair a athraíonn eintiteas beartas cuntasáochta nó nuair a cheartaíonn sé earráid.
- 37 Cuirfidh eintiteas i láthair an tríú ráiteas staide airgeadais i dtús na tréimhse roimhe sin chomh maith leis an bhfaisnéis chomparáideach a cheanglaítear i míreanna 31–32 más rud é:
- (a) go gcuireann sé beartas cuntasáochta i bhfeidhm go cúlghabhálach, go ndéanann sé athráiteas cúlghabhálach ar mhíreanna ina ráitis airgeadais nó go ndéanann sé athaicmiú ar mhíreanna ina ráitis airgeadais; agus
  - (b) go bhfuil éifeacht ábhartha ag an gcur i bhfeidhm cúlghabhálach, ag an athráiteas cúlghabhálach nó ag an athaicmiú ar an bhfaisnéis sa ráiteas staide airgeadais i dtús na tréimhse roimhe sin.
- 38 Sna himthosca a bhfuil tuairisc orthu i mír 37, cuirfidh eintiteas trí ráiteas staide airgeadais i láthair — ráiteas maidir le staid airgeadais mar atá ag:
- (a) deireadh na tréimhse tuairiscithe reatha.
  - (b) deireadh na tréimhse roimhe sin; agus
  - (c) tús na tréimhse roimhe sin.
- 39 Nuair a cheanglaítear ar eintiteas an tríú ráiteas staide airgeadais a chur i láthair agus mír 37 á cur i bhfeidhm aige, nochtfaidh sé an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 33- 36 agus IAS 8. Mar sin féin, ní gá dó na nótaí gaolmhara a ghabhann leis an ráiteasstaide airgeadais i dtús na tréimhse roimhe sin a sholáthar.
- 40 Is é dáta thús na tréimhse roimhe sin dáta an tríú ráiteas sin staide airgeadais, gan beann ar cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear le ráitis airgeadais eintitis faisnéis chomparáideach le haghaidh tréimhsí níos luaithe (mar a cheadaítear le míreanna B14–B15).

## **Comhiomlánú agus dí-chomhiomlánú**

### **Prionsabail comhiomlánaithe agus dí-chomhiomlánaithe- chomhiomlánaithe**

- 41 Chun críocha an Chaighdeáin seo, is éard is mír ann sócmhainn, dliteanas, ionstraim chothromais nó cúlchiste cothromais, ioncam, costas nó sreabhadh airgid nó aon *chomhiomlánú* nó *dí-chomhiomlánú*

ar shócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costas nó sreafaí airgid den sórt sin. Is éard is mír líne ann mír a chuirtear i láthair ar leithligh sna príomhráitis airgeadais. Nochtar faisnéis ábhartha eile faoi mhíreanna sna nótaí. Mura sárófaí ceanglais shonracha maidir le comhiomlánú nó dí- chomhiomlánú i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS dá ndéanfaí amhlaidh, déanfaidh eintiteas an méid seo a leanas (féach míreanna B16- B23):

- (a) sócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais nó sreafaí airgid a aicmiú agus a chomhiomlánú ina míreanna bunaithe ar shaintréithe comhroinnte;
- (b) míreanna a dhí- chomhiomlánú bunaithe ar shaintréithe nach comhroinntear;
- (c) míreanna líne a chomhiomlánú nó a dhí- chomhiomlánú chun míreanna líne a chur i láthair sna príomhráitis airgeadais a chomhlíonann ról na bpríomhráiteas airgeadais maidir le hachóimrí struchtúrtha úsáideacha a sholáthar (féach mír 16);
- (d) míreanna a chomhiomlánú nó a dhí- chomhiomlánú chun faisnéis a nochtadh sna nótaí a chomhlíonann ról na nótaí maidir le faisnéis ábhartha a sholáthar (féach mír 17); agus
- (e) a áirithiú nach ndéanfaidh comhiomlánú ná dí- chomhiomlánú sna ráitis airgeadais faisnéis ábhartha a dhoiléiriú (féach mír B3).

42 Agus na prionsabail i mír 41 á gcur i bhfeidhm, déanfaidh eintiteas míreanna a dhí- chomhiomlánú aon uair a bheidh an fhaisnéis a thiocfaidh as sin ábhartha. Más rud é, agus mír 41(c) á cur i bhfeidhm, nach gcuireann eintiteas faisnéis ábhartha i láthair sna príomhráitis airgeadais, nochtfaidh sé an fhaisnéis sna nótaí. Leagtar amach le míreanna B79 agus B111 samplaí d'ioncam, de chostais, de shócmhainní, de dliteanais agus de mhíreanna cothromais a bhféadfadh saintréithe atá neamhchosúil go leordhóthanach a bheith acu gur gá iad a chur i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas nó sa ráiteas staide airgeadais nó iad a nochtadh sna nótaí chun faisnéis ábhartha a sholáthar.

43 **Lipéadóidh eintiteas míreanna a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais (is é sin, iomláin, fo- iomláin agus míreanna líne) nó míreanna a nochtar sna nótaí ar bhealach a léiríonn saintréithe na míre go dílis (féach míreanna B24- B26) agus tabharfaidh sé tuairisc orthu. Chun léiriú dílis a thabhairt ar mhír, soláthróidh eintiteas gach tuairisc agus míniú is gá d'úsáideoir ráiteas airgeadais chun an mhír a thuiscint. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gur ghá d'eintiteas brí na dtéarmaí a úsáideann an t- eintiteas agus faisnéis faoin gcaoi a ndearna sé sócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreafaí airgid a chomhiomlánú nó a dhí- chomhiomlánú a chur san áireamh sna tuairiscí agus sna mínithe.**

## Fritháireamh

44 Ní dhéanfaidh eintiteas sócmhainní agus dliteanais ná ioncam agus costais a fhritháireamh, mura gceanglaítear nó mura gceadaítear sin le Caighdeán Cuntasaíochta IFRS (féach míreanna B27- B28).

45 Déanann eintiteas idir shócmhainní agus dliteanais, agus ioncam agus costais, a thuairiscíú ar leithligh. Le fritháireamh sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais nó sa ráiteas staide airgeadais, ach amháin i gcás ina léiríonn an fritháireamh substaint an idirbhirt nó an teagmhais eile, laghdaítear cumas úsáideoirí na hidirbhearta agus na teagmhais eile agus na dálaí a tharla a thuiscint agus measúnú a dhéanamh ar shreafaí airgid an eintitis amach anseo. Ní fritháireamh é sócmhainní a thomhas glan ó lamháltais luachála — mar shampla, lamháltais dífheidhmeachta ar fhardail agus lamháltais le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar shócmhainní airgeadais.

## Ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas

46 Cuirfidh eintiteas gach mír ioncaim agus costais san áireamh i dtréimhse thuairiscithe sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas mura gceanglaítear nó mura gceadaítear a mhalairt le Caighdeán Cuntasaíochta IFRS (féach míreanna 88- 95 agus B86).

## Catagóirí sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas

47 Aicmeoidh eintiteas ioncam agus costais a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas i gceann amháin de chúig chatagóir (féach mír B29):

- (a) an chatagóir oibriúcháin (féach mír 52);
- (b) an chatagóir infheistíochta (féach míreanna 53- 58);
- (c) an chatagóir maoiniúcháin (féach míreanna 59- 66);

**(d) an chatagóir cánacha ioncain (féach mír 67); agus**

**(e) catagóir na n- oibríochtaí scortha (féach mír 68).**

- 48 Leagtar amach le míreanna 52- 68 ceanglais maidir le hioncam agus costais a aicmiú sna catagóirí oibríúcháin, infheistíochta, maoiniúcháin, cánacha ioncain agus oibríochtaí scortha. Ina theannta sin, leagtar amach le míreanna B65- B76 ceanglais maidir leis an gcaoi a n- aicmítear difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte, gnóthachan nó caillteanas ar an suíomh glan airgeadaíochta, agus gnóthachain agus caillteanas ar dhíorthaigh agus ar ionstraimí fálaithe ainmnithe sna catagóirí.

## **Eintitis a bhfuil príomhghníomhaíochtaí gnó sonraithe acu**

- 49 Chun ioncam agus costais a aicmiú sna catagóirí oibríúcháin, infheistíochta agus maoiniúcháin, déanfaidh eintiteas measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil príomhghníomhaíocht ghnó shonraithe aige — is é sin, ceann de na príomhghníomhaíochtaí gnó seo a leanas (féach míreanna B30- B41):

- (a) infheistiú i gceinálacha áirithe sócmhainní, dá ngairtear infheistiú i sócmhainní ina dhiaidh seo (féach mír 53); nó
- (b) maoiniú a sholáthar do chustaiméirí.

- 50 Agus míreanna 55- 58 agus 65- 66 á gcur i bhfeidhm, déanann eintiteas ag a bhfuil príomhghníomhaíocht ghnó shonraithe roinnt ioncain agus costas a aicmiú sa chatagóir oibríúcháin, ar ioncam agus costais iad a d'aicmeofaí sa chatagóir infheistíochta nó maoiniúcháin dá mba rud é nach príomhghníomhaíocht ghnó í an ghníomhaíocht.

- 51 Más rud é, maidir le heintiteas:

- (a) go n- infheistíonn sé i sócmhainní mar phríomhghníomhaíocht ghnó, nochtfaidh sé an méid sin.
- (b) go soláthraíonn sé maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó, nochtfaidh sé an méid sin.
- (c) go sainaithníonn sé toradh difriúil óna mheasúnú ar cé acu a infheistíonn nó nach n- infheistíonn sé i sócmhainní nó a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn sé maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó (féach mír B41), nochtfaidh sé an méid seo a leanas:
- (i) an fíoras go bhfuil athrú tagtha ar thoradh an mheasúnaithe agus dáta an athraithe.
- (ii) méid agus aicmiú na míreanna ioncain agus costais roimh dháta an athraithe ar thoradh an mheasúnaithe sa tréimhse reatha agus ina dhiaidh sin agus méid agus aicmiú na míreanna sa réamhthréimhse le haghaidh na míreanna a bhfuil athrú tagtha ar an aicmiú ina leith mar gheall ar thoradh athraithe an mheasúnaithe, ach amháin má tá sé dodhéanta é sin a dhéanamh. Mura nochtann eintiteas an fhaisnéis toisc go bhfuil sé dodhéanta é sin a dhéanamh, nochtfaidh an t- eintiteas an méid sin.

## **An chatagóir oibríúcháin**

- 52 Aicmeoidh eintiteas sa chatagóir oibríúcháin an t- ioncan agus na costais uile a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas nach n- aicmítear in aon cheann de na catagóirí seo a leanas (féach mír B42):

- (a) an chatagóir infheistíochta;
- (b) an chatagóir maoiniúcháin;
- (c) an chatagóir cánacha ioncain; nó
- (d) catagóir na n- oibríochtaí scortha.

## **An chatagóir infheistíochta**

- 53 Ach amháin mar a cheanglaítear le míreanna 55- 58 le haghaidh eintiteas ag a bhfuil príomhghníomhaíocht ghnó shonraithe, aicmeoidh eintiteas sa chatagóir infheistíochta ioncam agus costais a shonraítear i mír 54 ón méid seo a leanas:

- (a) infheistíochtaí i ngnólachtaí comhlachaithe, i gcomhfhiontair agus i bhfochuideachtaí neamh- chomhdhlúite (féach míreanna B43- B44);
- (b) airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim; agus
- (c) sócmhainní eile má ghineann siad toradh go haonarach agus go neamhspleách den chuid is mó ar acmhainní eile an eintitis (féach míreanna B45- B49).

- 54 **San ioncam agus sna costais ó na sócmhainní a shainaithnítear i mír 53 a aicmeoidh eintiteas sa chatagóir infheistíochta, cuimseofar na méideanna a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas (féach mír B47):**
- (a) an t- ioncam a ghintear leis na sócmhainní;
  - (b) an t- ioncam agus na costais a eascraíonn as tomhas tosaigh na sócmhainní agus as tomhas na sócmhainní ina dhiaidh sin, lena n- áirítear dí- aithint na sócmhainní; agus
  - (c) na costais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith fáil agus diúscairt na sócmhainní — mar shampla, costais idirbhirt agus costais a bhaineann leis na sócmhainní a dhíol.

### ***Eintitis a bhfuil príomhghníomhaíochtaí gnó sonraithe acu***

- 55 I gcás na sócmhainní a shonraítear i mír 53(a) (is é sin, infheistíochtaí i ngnólachtaí comhlachaithe, i gcomhfhiontair agus i bhfochuideachtaí neamh- chomhdhlúite) a n- infheistíonn eintiteas iontu mar phríomhghníomhaíocht ghnó (féach mír B38), aicmeoidh an t- eintiteas an t- ioncam agus na costais a shonraítear i mír 54 mar seo a leanas:
- (a) sa chatagóir infheistíochta má dhéantar cuntas ar na sócmhainní trí mhodh an chothromais a chur i bhfeidhm (féach míreanna B43(a) agus B44(a)); nó
  - (b) sa chatagóir oibriúcháin mura ndéantar cuntas ar na sócmhainní trí mhodh an chothromais a chur i bhfeidhm (féach míreanna B43(b)- (c) agus B44(b)- (c)).
- 56 I gcás na sócmhainní a shonraítear i mír 53(b) (is é sin, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim), aicmeoidh eintiteas an t- ioncam agus na costais a shonraítear i mír 54 sa chatagóir infheistíochta ach amháin sna cásanna seo a leanas:
- (a) infheistíonn sé mar phríomhghníomhaíocht ghnó i sócmhainní airgeadais faoi raon feidhme mhír 53(c) — agus sa chás sin aicmeoidh sé an t- ioncam agus na costais sa chatagóir oibriúcháin.
  - (b) ní chomhlíonann sé na ceanglais in (a) ach soláthraíonn sé maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó — sa chás sin aicmeoidh sé an méid seo a leanas:
    - (i) an t- ioncam agus na costais ó airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a bhaineann le maoiniú a sholáthar do chustaiméirí, mar shampla airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim arna sealbhú le haghaidh ceanglais rialála ghaolmhara — sa chatagóir oibriúcháin.
    - (ii) an t- ioncam agus na costais ó airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim nach mbaineann le maoiniú a sholáthar do chustaiméirí — trí rogha beartais cuntasáíochta a chur i bhfeidhm chun an t- ioncam agus na costais a shonraítear i mír 54 a aicmiú sa chatagóir oibriúcháin nó sa chatagóir infheistíochta. Beidh an rogha maidir le beartas cuntasáíochta comhsheasmhach leis an rogha a dhéanfaidh an t- eintiteas chun críoch an bheartais cuntasáíochta ghaolmhair maidir le hioncam agus costais ó dhliteanais i mír 65(a)(ii).
- 57 Mura féidir le heintiteas a chuireann mír 56(b) i bhfeidhm idirdhealú a dhéanamh idir an t- airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a bhfuil tuairisc orthu i míreanna 56(b)(i) agus 56(b)(ii), cuirfidh sé an rogha maidir le beartas cuntasáíochta i mír 56(b)(ii) i bhfeidhm chun ioncam agus costais a aicmiú ó gach airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim sa chatagóir oibriúcháin.
- 58 I gcás na sócmhainní a shonraítear i mír 53(c) (is é sin, sócmhainní eile má ghineann siad toradh go haonarach agus go neamhspleách den chuid is mó ar acmhainní eile an eintitis) a n- infheistíonn eintiteas iontu mar phríomhghníomhaíocht ghnó (féach mír B40), aicmeoidh an t- eintiteas an t- ioncam agus na costais a shonraítear i mír 54 sa chatagóir oibriúcháin.

### **An chatagóir maoiniúcháin**

- 59 **Chun a chinneadh cén t- ioncam agus cé na costais atá le haicmiú sa chatagóir maoiniúcháin, déanfaidh eintiteas idirdhealú idir na nithe seo a leanas:**
- (a) dliteanais a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú (féach míreanna B50- B51); agus
  - (b) dliteanais seachas iad sin a bhfuil tuairisc orthu in (a) — is é sin, dliteanais a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann le maoiniú a thiomsú amháin (féach mír B53).
- 60 I gcás na ndlitéanas a shonraítear i mír 59(a) (is é sin, dliteanais a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú), seachas mar a leagtar amach i míreanna 63- 66, aicmeoidh eintiteas sa chatagóir maoiniúcháin na méideanna a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas le haghaidh na nithe seo a leanas:

- (a) ioncam agus costais a eascraíonn as tomhas tosaigh agus tomhas ina dhiaidh sin na ndlíteanas, lena n- áirítear dí- aithint na ndlíteanas (féach mír B52); agus
  - (b) na costais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith eisiúint agus mhúchadh na ndlíteanas — mar shampla, costais idirbhirt.
- 61 I gcás na ndlíteanas a shonraítear i mír 59(b) (is é sin, dlíteanas a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann le maoiniú a thiomsú amháin), seachas mar a leagtar amach i míreanna 63- 64, aicmeoidh eintiteas na nithe seo a leanas sa chatagóir maoiniúcháin:
- (a) ioncam úis agus costais úis, i gcás ina sainaitníonn an t- eintiteas an t- ioncam agus na costais sin chun ceanglais eile i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS a chur i bhfeidhm, agus sa chás sin amháin; agus
  - (b) ioncam agus costais a eascraíonn as athruithe ar rátaí úis, i gcás ina sainaitníonn an t- eintiteas an t- ioncam agus na costais sin chun ceanglais eile i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS a chur i bhfeidhm, agus sa chás sin amháin.
- 62 Leagtar amach le míreanna B56- B57 conas a chuirfidh eintiteas na ceanglais i míreanna 59- 61 i bhfeidhm maidir le conarthaí hibrideacha ina bhfuil óstach ar dlíteanas é.
- 63 Níl feidhm ag na ceanglais i míreanna 60- 61 maidir le gnóthachain agus caillteanas ar dhíorthaigh agus ar ionstraimí fálaithe ainmnithe. Cuirfidh eintiteas míreanna B70- B76 i bhfeidhm chun gnóthachain agus caillteanas den sórt sin a aicmiú.
- 64 Déanfaidh eintiteas an méid seo a leanas a eisiáimh ón gcatagóir maoiniúcháin agus a aicmiú sa chatagóir oibriúcháin:
- (a) ioncam agus costais ó chonarthaí infheistíochta eisithe ina bhfuil gnéithe rannpháirtíochta a aithnítear agus IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais* á chur i bhfeidhm (féach mír B58); agus
  - (b) ioncam airgeadais árachais agus costais airgeadais árachais a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas lena gcuirtear IFRS 17 *Conarthaí Árachais* i bhfeidhm.

### ***Eintitis a bhfuil príomhghníomhaíochtaí gnó sonraithe acu***

- 65 Má sholáthraíonn eintiteas maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó, aicmeoidh sé ioncam agus costais mar seo a leanas (féach mír B59):
- (a) ó na dlíteanas a shonraítear i mír 59(a) (is é sin, dlíteanas a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú):
    - (i) má bhaineann na dlíteanas le maoiniú a sholáthar do chustaiméirí — sa chatagóir oibriúcháin.
    - (ii) mura mbaineann na dlíteanas le maoiniú a sholáthar do chustaiméirí — trí rogha beartais cuntasaíochta a chur i bhfeidhm chun an t- ioncam agus na costais a shonraítear i mír 60 a aicmiú sa chatagóir oibriúcháin nó sa chatagóir maoiniúcháin. Beidh an rogha maidir le beartas cuntasaíochta comhsheasmhach leis an rogha a dhéanann an t- eintiteas chun críoch an bheartais cuntasaíochta ghaolmhair maidir le hioncam agus costais ó airgead tirim agus ó choibhéisí airgid i mír 56(b)(ii).
  - (b) ó na dlíteanas a shonraítear i mír 59(b) (is é sin, dlíteanas a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann le maoiniú a thiomsú amháin):
    - (i) má shonraítear an t- ioncam agus na costais i mír 61 — sa chatagóir maoiniúcháin; nó
    - (ii) mura sonraítear an t- ioncam agus na costais i mír 61 — sa chatagóir oibriúcháin.
- 66 Mura féidir le heintiteas a chuireann mír 65(a) i bhfeidhm idirdhealú a dhéanamh idir na dlíteanas a bhfuil tuairisc orthu i míreanna 65(a)(i) agus 65(a)(ii), cuirfidh sé an rogha maidir le beartas cuntasaíochta i mír 65(a)(ii) i bhfeidhm chun ioncam agus costais a aicmiú ó gach dlíteanas den sórt sin sa chatagóir oibriúcháin.

### **An chatagóir cánacha ioncaim**

- 67 Aicmeoidh eintiteas sa chatagóir cánacha ioncaim costas cánach nó ioncam cánach a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus IAS 12 *Cánacha Ioncaim* á chur i bhfeidhm, agus aon difríocht luacha ghaolmhar de bharr athrú sa ráta malairte (féach míreanna B65- B68).

## Catagóir na n- oibríochtaí scortha

- 68 Aicmeoidh eintiteas ioncam agus costais ó oibríochtaí scortha i gcatagóir na n- oibríochtaí scortha mar a cheanglaítear le IFRS 5 *Sócmhainní Neamhreatha Arna Sealbhú le Diol agus Oibríochtaí Scortha*.

## Na hiomláin agus na fo- iomláin atá le cur i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas

- 69 Cuirfidh eintiteas iomláin agus fo- iomláin i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) *brabús nó caillteanas oibriúcháin* (féach mír 70);
- (b) *brabús nó caillteanas roimh mhaoiniúchán agus cánacha ioncaim* (féach mír 71), faoi réir mhír 73; agus
- (c) *brabús nó caillteanas* (féach mír 72).

- 70 Cuimsíonn brabús nó caillteanas oibriúcháin an t- ioncam agus na costais uile a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin.

- 71 Cuimsítear an méid seo a leanas le brabús nó caillteanas roimh mhaoiniúchán agus cánacha ioncaim:

- (a) brabús nó caillteanas oibriúcháin; agus
- (b) gach ioncam agus costas arna n- aicmiú sa chatagóir infheistíochta.

- 72 Is éard is brabús nó caillteanas ann iomlán an ioncaim lúide costais a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas. Dá réir sin, cuimsíonn sé an t- ioncam agus na costais uile arna n- aicmiú i ngach catagóir sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas (féach mír 47).

- 73 Ní chuirfidh eintiteas mír 69(b) i bhfeidhm má chuireann sé an beartas cuntasaiochta a leagtar amach i mír 65(a)(ii) i bhfeidhm maidir le hioncam agus costais a aicmiú sa chatagóir oibriúcháin ó dhliteanais nach mbaineann le maoiniú a sholáthar do chustaiméirí. Cuirfidh eintiteas den sórt sin mír 24 i bhfeidhm, áfach, chun a chinneadh an gcuirfidh sé fo- iomlán breise i láthair tar éis brabús oibriúcháin agus roimh an gcatagóir maoiniúcháin. Mar shampla, cuirfeadh an t- eintiteas fo- iomlán i láthair le haghaidh brabús nó caillteanas oibriúcháin agus ioncam agus costais ó infheistíochtaí a ndéantar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais má chinneann an t- eintiteas gur gá déanamh amhlaidh chun achoimre struchtúrtha úsáideach ar a ioncam agus ar a chostais a sholáthar.

- 74 Má chuireann eintiteas a bhfuil tuairisc air i mír 73 fo- iomlán breise i láthair lena gcuimsítear brabús nó caillteanas oibriúcháin agus gach ioncam agus costas a aicmítear sa chatagóir infheistíochta, ní dhéanfaidh sé an fo- iomlán a lipéadú ar bhealach a thugann le tuiscint go n- eisiatar leis an bhfo- iomlán méideanna maoiniúcháin, amhail ‘brabús roimh mhaoiniúchán’. Agus mír 43 á cur i bhfeidhm, cuirfidh an t- eintiteas lipéad ar an bhfo- iomlán ar bhealach lena léirítear go dílis na méideanna a áirítear leis an bhfo- iomlán.

## Míreanna atá le cur i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas nó atá le nochtadh sna nótaí

- 75 Cuirfidh eintiteas i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas míreanna líne maidir leis na nithe seo a leanas (féach mír B77):

- (a) méideanna a cheanglaítear leis an gCaighdeán seo, eadhon:
  - (i) ioncam, agus na míreanna líne a bhfuil tuairisc orthu in (b)(i) agus (c)(i) á gcur i láthair ar leithligh;
  - (ii) costais oibriúcháin, agus míreanna líne á gcur i láthair ar leithligh mar a cheanglaítear le míreanna 78 agus 82(a);
  - (iii) sciar den bhrabús nó den chaillteanas ag gnólachtaí comhlachaithe agus comhfhiontair a ndearnadh cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais;
  - (iv) costas cáin ioncaim nó ioncam; agus
  - (v) méid amháin le haghaidh iomlán na n-oibríochtaí scortha (féach IFRS 5);
- (b) méideanna a cheanglaítear le IFRS 9, eadhon:
  - (i) ioncam úis arna ríomh ag úsáid mhodh an úis ghlain;

- (ii) caillteanais lagaithe (lena n-áirítear cealuithe caillteanais lagaithe nó gnóthachain lagaithe) arna gcinneadh i gcomhréir le Roinn 5.5 de IFRS 9;
  - (iii) gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as dí-aithint sócmhainní airgeadais arna dtomhas de réir costas amúchta;
  - (iv) aon ghnóthachan nó aon chaillteanais a eascraíonn as an difríocht idir luach cóir sócmhainne airgeadais agus a costas amúchta roimhe sin ar dháta an athaicmithe ó thomhas an chostais amúchta go tomhas ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanais; agus
  - (v) aon ghnóthachan nó caillteanais carnach a aithníodh roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile a athaicmítear chuig brabús nó caillteanais ar dháta athaicmithe sócmhainne airgeadais ó thomhas ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile chuig tomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanais; agus
- (c) méideanna a cheanglaítear le IFRS 17, eadhon:
- (i) ioncam árachais;
  - (ii) costais seirbhíse árachais ó chonarthaí arna n-eisiúint faoi raon feidhme IFRS 17;
  - (iii) ioncam nó costais ó chonarthaí athárachais arna sealbhú;
  - (iv) ioncam airgeadais árachais nó costais ó chonarthaí arna n-eisiúint faoi raon feidhme IFRS 17; agus
  - (v) ioncam airgeadais nó costais ó chonarthaí athárachais arna sealbhú.
- 76 Cuirfidh eintiteas leithdháileadh brabús nó caillteanais i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanais (lasmuigh de na catagóirí uile ar a bhfuil tuairisc orthu i mír 47) le haghaidh na tréimhse tuairiscithe atá inchurtha i leith an mhéid seo a leanas:
- (a) leasanna neamh-urlámhais; agus
  - (b) *úinéirí* na máthairchuideachta.
- 77 Leagtar amach le míreanna B78- B79 ceanglais maidir leis an gcaoi a n- úsáideann eintiteas a bhreithiúnas chun a chinneadh an gcuirfidh sé míreanna líne breise i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanais nó an nochtfaidh sé míreanna sna nótaí.

## **Costais a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin a chur i láthair agus a nochtadh**

- 78 I gcatagóir oibriúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanais, déanfaidh eintiteas costais a aicmiú agus a chur i láthair i míreanna líne ar bhealach lena soláthraítear an achoimre struchtúrtha is úsáidí ar a chostais, ag úsáid ceann amháin nó an dá shaintréith seo a leanas (féach míreanna B80- B85):
- (a) cineál na gcostas; nó
  - (b) feidhm na gcostas laistigh den eintiteas.
- 79 Cuimseoidh aon mhír líne aonair costais oibriúcháin arna gcomhiomlánú ar bhonn aon cheann amháin de na saintréithe sin, ach ní gá an tsaintréith chéanna a úsáid mar bhonn comhiomlánaithe le haghaidh gach mír líne (féach mír B81).
- 80 Agus costais á n- aicmiú de réir cineáil ('costais cineáil'), soláthraíonn eintiteas faisnéis maidir le costais oibriúcháin a bhaineann le cineál na n- acmhainní eacnamaíocha arna n- ídiú chun gníomhaíochtaí an eintitis a chur i gcrích gan tagairt do na gníomhaíochtaí ar i ndáil leo a ídíodh na hacmhainní eacnamaíocha sin. Áirítear leis an bhfaisnéis sin faisnéis faoi chostais amhábhair, costas sochair fostaithe, dímhéas agus amúchadh.
- 81 Agus costais á n- aicmiú de réir feidhme laistigh den eintiteas, déanann eintiteas costais oibriúcháin a leithdháileadh agus a chomhiomlánú de réir na gníomhaíochta lena mbaineann an acmhainn ídithe. Mar shampla, is mír líne feidhme é costas díolachán ina gcomhcheanglaítear costais a bhaineann le táirgeadh eintitis nó gníomhaíochtaí eile ginte ioncaim amhail: costas amhábhair, costas sochair fostaithe, dímhéas agus amúchadh. Dá bhrí sin, agus costais á n- aicmiú de réir feidhme, d'fhéadfadh eintiteas an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) costais a bhaineann le hacmhainní eacnamaíocha den chineál céanna (amhail costas sochair fostaithe) a leithdháileadh ar roinnt míreanna líne feidhme (amhail costas díolachán agus taighde agus forbartha); agus

- (b) leithdháileadh costas a bhaineann le hacmhainní eacnamaíocha de chineálacha éagsúla (amhail costas amhábharr, costas sochair fostaithe, dímhéas agus amúchadh) a áireamh le haon mhír líne feidhme amháin.
- 82 Má chuireann eintiteas mír líne amháin nó níos mó i láthair lena gcuimsítear costais arna n- aicmiú de réir feidhme i gcatagóir oibriúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) mír líne ar leithligh a chur i láthair maidir lena chostas díolachán, má aicmíonn an t- eintiteas costais oibriúcháin i bhfeidhmeanna lena n- áirítear feidhm costais díolachán. Áireofar leis an mír líne sin an costas fardail iomlán a bhfuil tuairisc air i mír 38 de IAS 2 *Fardail*.
- (b) tuairisc cháilíochtúil a nochtadh ar chineál na gcostas a áirítear le gach mír líne feidhme.
- 83 I gcás eintiteas a chuireann mír líne amháin nó níos mó i láthair lena gcuimsítear costais arna n- aicmiú de réir feidhme i gcatagóir oibriúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas, nochtfaidh sé freisin an méid seo a leanas i nóta aonair:
- (a) an t- iomlán le haghaidh gach ceann díobh seo a leanas:
- (i) dímhéas, lena gcuimsítear na méideanna a cheanglaítear a nochtadh le mír 73(e)(vii) de IAS 16 *Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh*, mír 79(d)(iv) de IAS 40 *Réadmhaoin Infheistíochta* agus mír 53(a) de IFRS 16 *Léasanna*;
- (ii) amúchadh, lena gcuimsítear an méid a cheanglaítear a nochtadh le mír 118(e)(vi) de IAS 38 *Sócmhainní Dolúimhsithe*;
- (iii) sochair fostaithe, lena gcuimsítear an méid le haghaidh sochair fostaithe arna n- aithint ag eintiteas a chuireann IAS 19 *Sochair Fostaithe* i bhfeidhm agus an méid le haghaidh seirbhísí arna bhfáil ó fhóstaíthe arna n- aithint ag eintiteas a chuireann IFRS 2 *Iocaíocht Scairbhunaithe* i bhfeidhm;
- (iv) caillteanais lagaithe agus cealuithe caillteanas lagaithe, lena gcuimsítear na méideanna a cheanglaítear a nochtadh le míreanna 126(a) agus 126(b) de IAS 36 *Lagú Sócmhainní*; agus
- (v) díluachálacha agus cealuithe díluachálacha fardal, lena gcuimsítear na méideanna a cheanglaítear a nochtadh le míreanna 36(e) agus 36(f) de IAS 2; agus
- (b) maidir le gach iomlán a liostaítear in (a)(i)-(v):
- (i) an méid a bhaineann le gach mír líne sa chatagóir oibriúcháin (féach mír B84); agus
- (ii) liosta d'aon mhír líne lasmuigh den chatagóir oibriúcháin lena n- áirítear méideanna a bhaineann leis an iomlán freisin.
- 84 Ceanglaítear le mír 41 ar eintiteas míreanna a dhí- chomhiomlánú chun faisnéis ábhartha a sholáthar. Mar sin féin, tá eintiteas a chuireann mír 83 i bhfeidhm díolmhaíthe ón méid seo a leanas a nochtadh:
- (a) i ndáil le míreanna líne feidhme a chuirtear i láthair i gcatagóir oibriúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas — faisnéis dhí- chomhiomlánaithe faoi mhéideanna na gcostas cineáil a áirítear le gach mír líne, thar na méideanna a shonraítear i mír 83; agus
- (b) i ndáil le costais cineáil a cheanglaítear go sonrach le Caighdeán Cuntasaíochta IFRS a nochtadh sna nótaí — faisnéis dhí- chomhiomlánaithe faoi mhéideanna na gcostas a áirítear le gach mír líne feidhme a chuirtear i láthair i gcatagóir oibriúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas, thar na méideanna a shonraítear i mír 83.
- 85 Baineann an díolúine i mír 84 le dí- chomhiomlánú costas oibriúcháin. Mar sin féin, ní dhíolmhaíonn sé eintiteas ó cheanglais shonracha maidir le nochtadh a bhaineann leis na costais sin a chur i bhfeidhm i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS.

## Ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair

- 86 Cuirfidh eintiteas iomlán ioncain maidir leis na nithe seo a leanas sa ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair:
- (a) brabús nó caillteanas;
- (b) ioncam cuimsitheach eile (féach míreanna B86- B87); agus
- (c) ioncam cuimsitheach, arb é iomlán an bhrabúis nó an chaillteanais agus ioncain chuimsithigh eile é.

- 87 Cuirfidh eintiteas leithdháileadh ioncaim chuimsithigh i láthair le haghaidh na tréimhse tuairiscithe atá inchurtha i leith na nithe seo a leanas:
- (a) leasanna neamh-urlámhais; agus
  - (b) úinéirí na máthairchuideachta.

## **Ioncam cuimsitheach eile**

- 88 Aicmeoidh eintiteas ioncam agus costais a áirítear leis an ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair i gceann amháin de dhá chatagóir:
- (a) ioncam agus costais a athaicmeofar chuig brabús nó cailteanas nuair a chomhlíontar coinníollacha sonracha; agus
  - (b) ioncam agus costais nach n- athaicmeofar chuig brabús nó cailteanas.
- 89 Cuirfidh eintiteas míreanna líne i láthair, i ngach ceann de chatagóirí an ráitis ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair, le haghaidh na nithe seo a leanas:
- (a) an sciar d'ioncam cuimsitheach eile ag gnólachtaí comhlachaithe agus comhfhiontair a ndéantar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais; agus
  - (b) míreanna eile ioncaim chuimsithigh eile.
- 90 Déanfaidh eintiteas *coigeartuithe athaicmithe* a bhaineann le gnéithe d'ioncam cuimsitheach eile a chur i láthair sa ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair nó a nochtadh sna nótaí (féach míreanna B88- B89).
- 91 Sonraítear le Caighdeán Chuntasáíochta IFRS eile cé acu a dhéantar nó nach ndéantar méideanna a áiríodh roimhe sin le hioncam cuimsitheach eile a athaicmiú chuig brabús nó cailteanas agus cathain a dhéantar amhlaidh. Tagraítear sa Chaighdeán seo d'athaicmithe den sórt sin mar choigeartuithe athaicmithe. Áiríonn eintiteas coigeartú athaicmithe leis an gcomhpháirt ghaolmhar d'ioncam cuimsitheach eile sa tréimhse ina n-athaicmítear an coigeartú chuig brabús nó cailteanas. D'fhéadfadh sé gur chuir eintiteas na méideanna sin san áireamh in ioncam cuimsitheach eile mar ghnóthachain neamhréadaithe sa tréimhse reatha nó i réamhthréimhsí. Asbhainfidh eintiteas iad ó ioncam cuimsitheach eile sa tréimhse ina n-athaicmítear na gnóthachain réadaithe chuig brabús nó cailteanas ionas nach n-áireofar faoi dhó iad in ioncam cuimsitheach iomlán.
- 92 Cuirfidh eintiteas a nochtfaidh coigeartuithe athaicmithe sna nótaí na míreanna ioncaim chuimsithigh eile i láthair sa ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair tar éis aon choigeartú athaicmithe gaoimhar.
- 93 Cuirfidh eintiteas i láthair sa ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair nó nochtfaidh sé sna nótaí an méid cánacha ioncaim a bhaineann le gach mír d'ioncam cuimsitheach eile, lena n- áirítear coigeartuithe athaicmithe (féach míreanna 61A agus 63 de IAS 12).
- 94 Féadfaidh eintiteas míreanna ioncaim chuimsithigh eile a chur i láthair ar cheann de na bealaí seo a leanas:
- (a) glan ó iarmhairtí cánach gaolmhara; nó
  - (b) roimh iarmhairtí cánach gaolmhara, agus taispeántar méid amháin le haghaidh mhéid comhiomlán na gcánacha ioncaim a bhaineann leis na míreanna sin.
- 95 Má roghnaíonn eintiteas an rogha mhalartach i mír 94(b), leithdháilfidh sé an cháin idir na catagóirí a leagtar amach i mír 88.

## **Ráiteas staide airgeadais**

---

### **Sócmhainní agus dliteanais a aicmiú mar shócmhainní agus dliteanais reatha nó neamhreatha**

- 96 Cuirfidh eintiteas sócmhainní reatha agus neamhreatha, agus dliteanais reatha agus neamhreatha, i láthair mar aicmithe ar leithligh ina ráiteas staide airgeadais i gcomhréir le míreanna 99–102 ach amháin i gcás ina soláthraítear achoimre struchtúrtha níos úsáidí le cur i láthair atá bunaithe ar leachtacht. Nuair atá feidhm ag an eisceacht sin, cuirfidh eintiteas na sócmhainní agus na dliteanais uile i láthair in ord leachtachta (féach míreanna B90–B93).
- 97 Cibé modh cur i láthair a ghlactar, nochtfaidh eintiteas an méid a bhfuil coinne lena aisghabháil nó lena shocrú tar éis níos mó ná 12 mhí le haghaidh gach míre líne sócmhainne agus dliteanais ina dtugtar le chéile méideanna a bhfuil coinne lena n-aisghabháil nó lena socrú:

- (a) tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe; agus
- (b) níos mó ná 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe.

98 Nuair a chuireann eintiteas sócmhainní reatha agus neamhreacha, agus dliteanais reatha agus neamhreacha, i láthair mar aicmithe ar leithligh ina ráiteas staide airgeadais, ní aicmeoidh sé sócmhainní cánach iarchurtha (dliteanais) mar shócmhainní reatha (dliteanais).

### **Sócmhainní reatha**

99 Aicmeoidh eintiteas sócmhainn mar shócmhainn reatha sna cásanna seo a leanas (féach míreanna B94- B95):

- (a) go bhfuil coinne aige le réadú na sócmhainne, nó go mbeartaíonn sé í a dhíol nó a ídiú, ina ghnáth-thimthriall oibriúcháin;
- (b) go bhfuil an tsócmhainn ina sheilbh aige go príomha chun críche trádála;
- (c) go bhfuil coinne aige leis go réadófar an tsócmhainn laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe; nó
- (d) gur airgead tirim nó coibhéis airgid thirim í an tsócmhainn (mar a shainmhínítear in IAS 7) ach amháin i gcás ina mbaineann srian leis an tsócmhainn nach féidir í a mhalartú nó a úsáid chun dliteanas a shocrú ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis na tréimhse tuairiscithe.

100 Aicmeoidh eintiteas na sócmhainní uile seachas na sócmhainní sin a shonraítear i mír 99 mar shócmhainní neamhreacha.

### **Dlitéanais reatha**

101 Aicmeoidh eintiteas dliteanas mar dhliteanas reatha sna cásanna seo a leanas:

- (a) tá coinne aige leis go socróidh sé an dliteanas ina ghnáth- thimthriall oibriúcháin (féach míreanna B96 agus B107- B108);
- (b) tá an dliteanas ina sheilbh aige go príomha chun críche trádála (féach mír B97);
- (c) tá an dliteanas le socrú laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe (féach míreanna B97- B98 agus B107- B108); nó
- (d) níl sé de cheart aige, i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe, socrú an dliteanais a chur siar go ceann 12 mhí ar a laghad tar éis na tréimhse tuairiscithe (féach míreanna B99–B108).

102 Aicmeoidh eintiteas na dliteanais uile seachas na dliteanais sin a shonraítear i mír 101 mar dhliteanais neamhreacha.

### **Míreanna atá le cur i láthair sa ráiteas staide airgeadais nó atá le nochtadh sna nótaí**

103 Cuirfidh eintiteas i láthair sa ráiteas staide airgeadais míreanna líne le haghaidh na nithe seo a leanas:

- (a) réadmhaoin, gléasra agus trealamh;
- (b) réadmhaoin infheistíochta;
- (c) sócmhainní doláimhsithe;
- (d) cáilmheas;
- (e) sócmhainní airgeadais (gan méideanna a thaispeántar faoi (g), (j) agus (k) a áireamh);
- (f) punanna conarthaí faoi raon feidhme IFRS 17 ar sócmhainní iad, arna ndí-chomhiomlánú mar a éilítear le mír 78 de IFRS 17;
- (g) infheistíochtaí a dtugtar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais;
- (h) sócmhainní bitheolaíochta a thagann faoi raon feidhme IAS 41 *Talmhaíocht*;
- (i) fardail;
- (j) infháltais trádála agus infháltais eile;
- (k) airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim;

- (l) iomlán na sócmhainní a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú le díol agus sócmhainní a áirítear le grúpaí diúscartha a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú le díol i gcomhréir le IFRS 5;
  - (m) suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile;
  - (n) forálacha;
  - (o) dliteanais airgeadais (gan méideanna a thaispeántar faoi (m) agus (n) a bheith san áireamh);
  - (p) punanna conarthaí faoi raon feidhme IFRS 17 ar dliteanais iad, arna ndí-chomhiomlánú mar a éilítear le mír 78 de IFRS 17;
  - (q) dliteanais agus sócmhainní le haghaidh cáin reatha, mar a shainmhínítear in IAS 12;
  - (r) dliteanais chánach iarchurtha agus sócmhainní cánach iarchurtha, mar a shainmhínítear in IAS 12; agus
  - (s) dliteanais a áirítear i ngrúpaí diúscartha a aicmítear mar dhliteanais arna sealbhú lena ndíol i gcomhréir le IFRS 5.
- 104 Cuirfidh eintiteas na nithe seo a leanas i láthair sa ráiteas staide airgeadais:
- (a) leasanna neamh-urlámhais; agus
  - (b) caipiteal eisithe agus cúlchistí is inchurtha i leith úinéirí na máthairchuideachta.
- 105 Leagtar amach le míreanna B109- B111 ceanglais maidir leis an gcaoi a n- úsáideann eintiteas a bhreithiúnas chun a chinneadh an gcuirfidh sé míreanna líne breise i láthair sa ráiteas staide airgeadais nó an nochtfaidh sé míreanna sna nótaí.
- 106 Faoi réir mhír 96, ní fhorordaítear leis an gCaighdeán seo an t- ord ná an fhormáid ina gcuireann eintiteas míreanna i láthair sa ráiteas staide airgeadais. Ina theannta sin, féadfar na tuairiscí a úsáidtear agus ordú míreanna nó comhiomlánú míreanna comhchosúla a leasú de réir chineál an eintitis agus a idirbheart, chun achoimre struchtúrtha úsáideach ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar chothromas an eintitis a sholáthar. Mar shampla, féadfaidh institiúid airgeadais na tuairiscí i mír 103 a leasú chun achoimre struchtúrtha úsáideach a sholáthar ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar chothromas institiúide airgeadais.

## Ráiteas ar athruithe sa chothromas

### Faisnéis atá le cur i láthair sa ráiteas ar athruithe sa chothromas

- 107 Cuirfidh eintiteas ráiteas ar athruithe sa chothromas i láthair mar a cheanglaítear le mír 10. Áireofar leis an ráiteas ar athruithe sa chothromas an méid seo a leanas:
- (a) ioncam cuimsitheach iomlán le haghaidh na tréimhse tuairiscithe, ina léirítear ar leithligh na méideanna iomlána is inchurtha i leith úinéirí na máthairchuideachta agus leasanna neamh-urlámhais;
  - (b) i gcás gach gné den chaipiteal gnáthscaireanna, na héifeachtaí atá ag cur i bhfeidhm cúlghabhálach nó ag athráiteas cúlghabhálach a aithnítear i gcomhréir le IAS 8; agus
  - (c) i gcás gach gné den chaipiteal gnáthscaireanna, réiteach idir an tsuim ghlanluacha i dtús agus i ndeireadh na tréimhse, ina gcuirtear i láthair ar leithligh (ar a laghad) na hathruithe atá mar thoradh ar na nithe seo a leanas:
    - (i) brabús nó caillteanas;
    - (ii) ioncam cuimsitheach eile; agus
    - (iii) idirbhearta le húinéirí ina gcáil mar úinéirí, a thaispeánann ranníocaíochtaí ag úinéirí agus dáileacháin orthu ar leithligh agus athruithe ar leasanna úinéireachta i bhfochuideachtaí nach mbíonn caillteanas i rialú mar thoradh orthu.
- 108 Ceanglaítear le IAS 8 coigeartuithe cúlghabhálacha le haghaidh athruithe ar bheartais chuntasaíochta, a mhéid is indéanta, ach amháin i gcás ina gceanglaítear a mhalairt leis na ceanglais aistrithe i gCaighdeán Cuntasaíochta IFRS eile. Ceanglaítear le IAS 8 freisin go ndéantar athráitis go cúlghabhálach chun earráidí a cheartú, a mhéid is indéanta. Ní athruithe ar chothromas iad coigeartuithe cúlghabhálacha ná athráitis cúlghabhálacha, ach is coigeartuithe ar iarmhéid tosaigh tuillimh choimeáda iad, seachas nuair a cheanglaítear le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS go ndéantar coigeartú cúlghabhálach ar ghné eile den chaipiteal gnáthscaireanna. Ceanglaítear le mír 107(b) ar eintiteas an coigeartú iomlán ar gach gné den chaipiteal gnáthscaireanna a eascraíonn as athruithe ar bheartais chuntasaíochta agus, ar leithligh, de thoradh

earráidí a cheartú, a chur i láthair sa ráiteas ar athruithe sa chothromas. Cuirfidh eintiteas na coigeartuithe sin i láthair le haghaidh gach réamhthréimhse tuairiscithe agus le haghaidh thús na tréimhse.

## **Faisnéis atá le cur i láthair sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó atá le nochtadh sna nótaí**

- 109 I gcás gach gné den chaipiteal gnáthscaireanna, cuirfidh eintiteas anailís ar ioncam cuimsitheach eile de réir míre i láthair sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó nochtfaidh sé sna nótaí í (féach mír 107(c)(ii)).
- 110 Cuirfidh eintiteas i láthair sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó nochtfaidh sé sna nótaí an méid díbhinní a aithnítear mar dháileacháin ar úinéirí le linn na tréimhse tuairiscithe, agus an méid gaolmhar díbhinní in aghaidh na scaire.
- 111 I mír 107, áirítear leis na gnéithe den chaipiteal gnáthscaireanna, mar shampla, gach aicme de chothromas ranníochta, iarmhéid carnach gach aicme d'ioncam cuimsitheach eile agus tuilleamh coimeáda.
- 112 Tá athruithe ar chothromas eintitis idir tús agus deireadh na tréimhse tuairiscithe ina léiriú ar an méadú nó ar an laghdú ar a ghlansócmhainní le linn na tréimhse. Ach amháin i gcás athruithe atá mar thoradh ar idirbhearta le húinéirí ina gcáil mar úinéirí (amhail ranníocaíochtaí cothromais, athfháil ionstraimí cothromais dílse an eintitis agus díbhinní) agus ar chostais idirbhirt a bhaineann go díreach le hidirbhearta den sórt sin, léirítear leis an athrú foriomlán ar chothromas le linn tréimhse an méid iomlán ioncaim agus speansais, lena n-áirítear gnóthachain agus caillteanais, arna nginiúint ag gníomhaíochtaí an eintitis le linn na tréimhse sin.

## **Nótaí**

---

### **Struchtúr**

- 113 Nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas sna nótaí:
- (a) faisnéis faoin mbunús atá le hullmhú na ráiteas airgeadais (féach míreanna 6A- 6N de IAS 8) agus na beartaí chuntasaíochta shonracha a úsáideadh (féach míreanna 27A- 27I de IAS 8);
  - (b) faisnéis a cheanglaítear le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS nach gcuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais; agus
  - (c) faisnéis eile nach gcuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais, ach is gá chun aon cheann acu a thuiscint (féach mír 20).
- 114 Cuirfidh eintiteas nótaí i láthair ar bhealach córasach, a mhéid is infheidhmithe (féach mír B112). Agus bealach córasach á chinneadh, breithneoidh an t-eintiteas an éifeacht ar shothuigtheacht agus inchomparáideacht a ráiteas airgeadais. Déanfaidh eintiteas crostagairt do gach mír sna príomhráitis airgeadais d'aon fhaisnéis ghaolmhar sna nótaí. Má áirítear méideanna a nochtar leis na nótaí i mír líne amháin nó níos mó sna príomhráitis airgeadais, nochtfaidh eintiteas sa nóta an mhír líne nó na míreanna líne lena n- áirítear na méideanna.
- 115 Féadfaidh eintiteas nótaí ina soláthraítear faisnéis maidir le bunús ullmhú na ráiteas airgeadais agus maidir le beartaí shonracha chuntasaíochta a úsáidtear a nochtadh mar roinn ar leithligh sna ráitis airgeadais.
- 116 Mura nochtar in áit éigin eile iad i bhfaisnéis a fhoilsítear in éineacht leis na ráitis airgeadais, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas sna nótaí:
- (a) sainchónaí agus foirm dhlíthiúil an eintitis, tír a ionchorpraithe agus seoladh a oifige cláraithe (nó a phríomháite gnó, i gcás nach ionann sin agus an oifig chláráithe);
  - (b) tuairisc ar chineál oibríochtaí agus ar phríomhghníomhaíochtaí an eintitis;
  - (c) ainm na máthairchuideachta agus ainm mháthairchuideachta deiridh an ghrúpa; agus
  - (d) más eintiteas le saolré theoranta é, faisnéis maidir le fad a shaolré.

## Tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht

### Tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht a shainithint

- 117 Is éard is *tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe* ann fo- iomlán ioncaim agus costas (féach míreanna B113- B122):
- (a) a úsáideann eintiteas i gcumarsáid phoiblí lasmuigh de ráitis airgeadais;
  - (b) a úsáideann eintiteas chun dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine a chur in iúl d'úsáideoirí ráiteas airgeadais; agus
  - (c) nach liostaítear i mír 118, nó nach gceanglaítear go sonrach a chur i láthair nó a nochtadh le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS.
- 118 Is iad seo a leanas fo- iomláin ioncaim agus costas nach tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht iad:
- (a) brabús nó caillteanas comhlán (ioncam lúide costas díolachán) agus fo- iomlán chomhchosúla (féach mír B123);
  - (b) brabús nó caillteanas oibriúcháin roimh dhímheas, amúchadh agus laguithe faoi raon feidhme IAS 36;
  - (c) brabús nó caillteanas oibriúcháin agus ioncam agus costais ó gach infheistíocht a ndéantar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromaí;
  - (d) i gcás eintitis a chuireann mír 73 i bhfeidhm, fo- iomlán lena gcuimsítear brabús nó caillteanas oibriúcháin agus an t- ioncam agus na costais uile a aicmítear sa chatagóir infheistíochta;
  - (e) brabús nó caillteanas roimh chánacha ioncaim; agus
  - (f) brabús nó caillteanas ó oibríochtaí leanúnacha.
- 119 Toimhdeoidh eintiteas go gcuireann fo- iomlán ioncaim agus costas a úsáideann sé i gcumarsáid phoiblí lasmuigh dá ráitis airgeadais dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine in iúl d'úsáideoirí ráiteas airgeadais, mura rud é, agus mír 120 á cur i bhfeidhm aige, go ndéanann an t- eintiteas an toimhde a fhrisnéis.
- 120 Ceadáítear d'eintiteas an toimhde a bhfuil tuairisc uirthi i mír 119 a fhrisnéis agus a dhearbhu nach gcuirtear dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine in iúl le fo- iomlán, ach sin sa chás amháin go bhfuil faisnéis réasúnach ar féidir tacú léi ar fáil a léiríonn bunús an dearbhaithe (féach míreanna B124- B131)

### Nochtadh maidir le tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht

- 121 Is é is cuspóir do na nochtaí le haghaidh tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht go soláthroidh eintiteas faisnéis chun cuidiú le húsáideoirí ráiteas airgeadais an méid seo a leanas a thuiscint:
- (a) gné na feidhmíochta airgeadais a chuirtear in iúl, dar leis an lucht bainistíochta, le tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe; agus
  - (b) an chaoi a gcuirtear an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe i gcomparáid leis na tomhais a shainítear le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS.
- 122 Nochtfaidh eintiteas faisnéis faoi na tomhais uile a chomhlíonann an sainmhíniú ar thomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht i mír 117 i nóta aonair (féach míreanna B132- B133). Áireofar leis an nóta sin ráiteas go soláthraíonn na tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine agus nach gá go bhfuil siad inchomparáide le tomhais a roinneann lipéid nó tuairiscí comhchosúla arna soláthar ag eintitis eile.
- 123 Déanfaidh eintiteas gach tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe a lipéadú agus a thuairisciú ar bhealach soiléir agus intuigthe nach gcuirfidh úsáideoirí ráiteas airgeadais ar míthreoir (féach míreanna B134- B135). Maidir le gach tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe, nochtfaidh an t- eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) tuairisc ar an ngné feidhmíochta airgeadais a chuirtear in iúl, dar leis an lucht bainistíochta, leis an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe. Áireofar leis an tuairisc sin mínithe ar an bhfáth, dar leis an lucht bainistíochta, go soláthraítear leis an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe faisnéis úsáideach maidir le feidhmíocht airgeadais an eintitis.

- (b) an chaoi a ríomhtar an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe.
  - (c) réiteach idir an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe agus an fo- iomlán is inchomparáide go díreach a liostaítear i mír 118 nó iomlán nó fo- iomlán a cheanglaítear go sonrach a chur i láthair nó a nochtadh le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS (féach míreanna B136- B140).
  - (d) an éifeacht chánach ioncaim (a chinntear trí mhír B141 a chur i bhfeidhm) agus an éifeacht ar leasanna neamh- urlámhais maidir le gach mír a nochtar sa réiteach a cheanglaítear le (c).
  - (e) tuairisc ar an gcaoi a gcuireann an t- eintiteas mír B141 i bhfeidhm chun an éifeacht cánach ioncaim a cheanglaítear le (d) a chinneadh.
- 124 Má athraíonn eintiteas an chaoi a ríomhann sé tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe, má chuireann sé tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe nua leis, má scoireann sé de thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht a nochtadh roimhe sin a úsáid nó má athraíonn sé an chaoi a gcinneann sé éifeachtaí cánach ioncaim na míreanna réitigh a cheanglaítear le mír 123(d), nochtfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) míniú lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar an athrú, ar an mbreisiú nó ar an scor agus ar a éifeachtaí.
  - (b) na cúiseanna atá leis an athrú, leis an mbreisiú nó leis an scor.
  - (c) faisnéis chomparáideach athshonraithe chun an t- athrú, an breisiú nó an scor a léiriú ach amháin má tá sé dodhéanta é sin a dhéanamh. Ní rogha beartais cuntasaíochta é roghnú eintitis de thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht. Mar sin féin, agus measúnú á dhéanamh an bhfuil sé dodhéanta an fhaisnéis chomparáideach a athshonrú, cuirfidh eintiteas na ceanglais i míreanna 50- 53 de IAS 8 i bhfeidhm.
- 125 Mura nochtann eintiteas an fhaisnéis chomparáideach athshonraithe a cheanglaítear le mír 124(c) toisc go bhfuil sé dodhéanta é sin a dhéanamh, nochtfaidh sé an méid sin.

## Caipiteal

- 126 **Nochtfaidh eintiteas sna nótaí faisnéis a chuireann ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais meastóireacht a dhéanamh ar chuspóirí, ar bheartais agus ar phróisis an eintitis chun caipiteal a bhainistiú.**
- 127 Chun mír 126 a chomhlíonadh, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas sna nótaí:
- (a) faisnéis cháilíochtúil maidir lena chuspóirí, a bheartais agus a phróisis chun caipiteal a bhainistiú, lena n-áirítear:
    - (i) tuairisc ar a mbainistíonn sé mar chaipiteal;
    - (ii) nuair atá eintiteas faoi réir ceanglais chaipitil arna bhforchur go seachtrach, cineál na gceanglas sin agus conas a ionchorpraítear na ceanglais sin sa bhainistiú ar chaipiteal; agus
    - (iii) conas a chomhlíonann sé a chuspóirí chun caipiteal a bhainistiú.
  - (b) sonraí cainníochtúla a choimre faoi na nithe a bhainistíonn sé mar chaipiteal. Measann roinnt eintiteas gur cuid de chaipiteal iad roinnt dliteanas airgeadais (mar shampla, roinnt cineálacha fofhiachais). Measann eintitis eile nach bhfuil roinnt gnéithe den chaipiteal gnáthscaireanna san áireamh i gcaipiteal (gnéithe a eascraíonn as fáluithe ar an sreabhadh airgid, mar shampla).
  - (c) aon athrú ar (a) agus (b) ón tréimhse thuairiscithe roimhe sin.
  - (d) cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon sé, le linn na tréimhse thuairiscithe, aon cheanglas caipitil arna bhforchur go seachtrach a bhfuil sé faoina réir.
  - (e) i gcás nár chomhlíon sé na ceanglais chaipitil sin arna bhforchur go seachtrach, iarmhairtí an neamhchomhlíonta sin.
- 128 Bunóidh eintiteas na nochtáí nóta i mír 127 ar an bhfaisnéis arna soláthar go himmheánach do phríomhphearsanra bainistíochta.
- 129 Féadfaidh eintiteas caipiteal a bhainistiú ar roinnt bealaí agus féadfaidh sé a bheith faoi réir roinnt ceanglas caipitil éagsúil. Féadfar eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí árachais agus gníomhaíochtaí baincéireachta a áireamh in ilchuideachta, mar shampla, agus féadfaidh na heintitis sin oibriú i roinnt dlínsí. I gcás nach soláthrófaí faisnéis úsáideach le nochtadh comhiomlán ar cheanglais chaipitil agus ar an mbealach a bhainistítear caipiteal, nó dá saobhfádh sé an tuiscint atá ag úsáideoir ráitis airgeadais ar acmhainní caipitil

eintitis, nochtfaidh an t- eintiteas faisnéis ar leithligh le haghaidh gach ceanglais chaipitil a bhfuil an t- eintiteas faoina réir.

## **Nochtaí eile**

- 130 **Déanfaidh eintiteas na nithe seo a leanas a chur i láthair sa ráiteas staide airgeadais nó sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó a nochtadh sna nótaí:**
- (a) **le haghaidh gach aicme scairchaipitil:**
- (i) **an líon scaireanna atá údaraithe;**
  - (ii) **an líon scaireanna atá eisithe agus láníoctha, agus eisithe ach gan bheith láníoctha;**
  - (iii) **parluach in aghaidh na scaire, nó ráiteas nach bhfuil aon pharluach ag na scaireanna;**
  - (iv) **réiteach ar an líon scaireanna gan íoc ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;**
  - (v) **na cearta, fabhair agus srianta a ghabhann leis an aicme sin, lena n- áirítear srianta ar íocaíocht amach díbhinní agus aisiocaíocht caipitil;**
  - (vi) **an líon scaireanna san eintiteas arna sealbhú ag an eintiteas nó ag a fhochuideachtaí nó a ghnólachtaí comhlachaithe; agus**
  - (vii) **scaireanna forchoimeáda lena n- eisiúint faoi roghanna agus conarthaí maidir le díolachán scaireanna, lena n- áirítear téarmaí agus méideanna; agus**
- (b) **tuairisc ar chineál agus ar chuspóir gach cúlchiste laistigh de chothromas.**
- 131 **Nochtfaidh eintiteas nach bhfuil scairchaipiteal aige, amhail comhpháirtíocht nó iontaobhas, faisnéis atá coibhéiseach leis an bhfaisnéis a cheanglaítear le mír 130(a), a thaispeánann athruithe le linn na tréimhse tuairiscithe ar gach catagóir úis cothromais, agus na cearta, fabhair agus srianta a bhaineann le gach catagóir úis cothromais.**
- 132 **Nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas sna nótaí:**
- (a) **an méid díbhinní a beartaíodh nó a dearbhaíodh sular údaraíodh na ráitis airgeadais lena n- eisiúint ach nach n- aithnítear mar dháileachán ar úinéirí le linn na tréimhse tuairiscithe, agus an méid gaolmhar in aghaidh na scaire; agus**
- (b) **méid aon díbhinne tosaíochta carnaí nach n-aithnítear.**

## Foscúibhinn A

### Téarmaí sainmhínte

*Is dlúthchuid de Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS í an fhoscúibhinn seo.*

|                                                   |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
|---------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>comhiomlánú</b>                                | Suimiú de shócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais nó sreafaí airgid a chomhroinneann saintréithe agus a áirítear leis an aicmiú céanna.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |
| <b>aicmiú</b>                                     | Sórtáil sócmhainní, dliteanas, cothromais, ioncaim, costas agus sreafaí airgid bunaithe ar shaintréithe comhroinnte.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| <b>dí-chomhiomlánú</b>                            | Deighilt míre ina comhpháirteanna a bhfuil saintréithe acu nach gcomhroinntear.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
| <b>tuarascálacha airgeadais ilchuspóireacha</b>   | <p>Tuarascálacha lena soláthraítear faisnéis airgeadais maidir le heintiteas tuairiscithe atá úsáideach do phríomhúsáideoirí chun cinntí a dhéanamh a bhaineann le hacmhainní a sholáthar don eintiteas. Is éard atá i gceist leis na cinntí sin cinntí maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>(a) ionstraimí cothromais agus fiachais a cheannach, a dhíol nó a shealbhú;</li><li>(b) iasachtaí agus cineálacha eile creidmheasa a sholáthar nó a dhíol; nó</li><li>(c) cearta vótála a fheidhmiú, nó tionchar a imirt ar shlí eile, ar ghníomhaíochtaí lucht bainistíochta an eintitis a dhéanann difear d'úsáid acmhainní eacnamaíocha an eintitis.</li></ul> <p>Áirítear le tuarascálacha airgeadais ilchuspóireacha — ach níl siad teoranta do — ráitis airgeadais ilchuspóireacha eintitis agus nochtáí ó thaobh seasmhacht airgeadais.</p> |
| <b>ráitis airgeadais ilchuspóireacha</b>          | Cineál áirithe <i>tuarascálacha airgeadais ilchuspóireacha</i> lena soláthraítear faisnéis faoi shócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam agus costais an eintitis tuairiscithe.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |
| <b>Caighdeán Chuntasaíochta IFRS</b>              | <p>Caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta. Is éard atá iontu:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>(a) Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais;</li><li>(b) Caighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta;</li><li>(c) Léirmhínte IFRIC; agus</li><li>(d) Léirmhínte SIC.</li></ul> <p>Tugadh Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, IFRSanna agus Caighdeán IFRS ar Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS roimhe seo.</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
| <b>tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe</b> | <p>Fo-iomlán ioncaim agus costas:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>(a) a úsáideann eintiteas i gcumarsáid phoiblí lasmuigh de ráitis airgeadais;</li><li>(b) a úsáideann eintiteas chun dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine a chur in iúl d'úsáideoirí ráiteas airgeadais; agus</li><li>(c) nach liostaítear i mír 118 de IFRS 18, nó nach gceanglaítear go sonrach a chur i láthair nó a nochtadh le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS.</li></ul>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |
| <b>faisnéis ábhartha</b>                          | Is faisnéis ábhartha atá ann más rud é, mar gheall ar an bhfaisnéis sin a fhágáil ar lár, míráiteas a dhéanamh ina taobh nó i a dhoiléiriú, go bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go n-imreofaí tionchar léi ar na cinntí a dhéanann príomhúsáideoirí ráiteas airgeadais ilchuspóireach ar bhonn na ráiteas airgeadais sin, lena soláthraítear faisnéis airgeadais maidir le heintiteas tuairiscithe sonrach.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |
| <b>nótaí</b>                                      | Faisnéis i ráitis airgeadais arna soláthar sa bhreis ar an bhfaisnéis a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |
| <b>brabús nó caillteanas oibriúcháin</b>          | Iomlán an ioncaim agus na gcostas uile a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |

|                                                                      |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |
|----------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>ioncam cuimsitheach eile</b>                                      | Míreanna ioncaim agus costas (lena n- áirítear coigeartuithe athaicmithe) a aithnítear lasmuigh de bhrabús nó caillteanas mar a cheanglaítear nó mar a cheadaítear le Caighdeán Chuntaisíochta IFRS eile.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |
| <b>úinéirí</b>                                                       | Sealbhóirí éileamh a aicmítear mar chothromas.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           |
| <b>príomhráitis airgeadais</b>                                       | An ráiteas/na ráitis ar fheidhmíocht airgeadais, an ráiteas staide airgeadais, an ráiteas ar athruithe sa chothromas agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
| <b>brabús nó caillteanas</b>                                         | An t- ioncam iomlán lúide costais a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |
| <b>brabús nó caillteanas roimh mhaoiniúchán agus cánacha ioncaim</b> | Iomlán an bhrabúis nó an chaillteanais oibriúcháin agus an ioncaim agus na gcostas uile a aicmítear sa chatagóir infheistíochta.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
| <b>coigeartuithe athaicmithe</b>                                     | Méideanna a athaicmítear chuig brabús nó caillteanas sa tréimhse thuairiscithe reatha agus a áiríodh le hioncam cuimsitheach eile sa tréimhse reatha nó i réamhthréimhsí.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |
| <b>ioncam cuimsitheach iomlán</b>                                    | An t- athrú ar chothromas le linn tréimhse thuairiscithe a leanann as idirbhearta agus teagmhais eile, seachas na hathruithe sin a leanann as idirbhearta le húinéirí ina gcáil mar úinéirí.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
| <b>achóimre struchtúrtha úsáideach</b>                               | <p>Achoimre struchtúrtha a sholáthraítear i bpríomhráiteas airgeadais ar shócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreafaí airgid aitheanta eintitis tuairiscithe atá úsáideach maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(a) forbhreathnú intuigthe a fháil ar shócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreafaí airgid aitheanta an eintitis;</li> <li>(b) comparáidí a dhéanamh idir eintitis, agus idir tréimhsí tuairiscithe don eintiteas céanna; agus</li> <li>(c) míreanna nó réimsí a shainaithint ar ina leith a d'fhéadfadh úsáideoirí ráiteas airgeadais a bheith ag iarraidh faisnéis bhreise a lorg sna nótaí.</li> </ul> |

## Foscúbhinn B

### Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm

*Is dlúthchuid de Chaighdeán Cuntasaíochta IFRS í an fhoscúbhinn seo. Tugtar tuairisc inti ar chur i bhfeidhm mhíreanna 1- 132 agus tá an t- údarás céanna aici agus atá ag na codanna eile de Chaighdeán Cuntasaíochta IFRS.*

### Ceanglais ghinearálta maidir le ráitis airgeadais

---

#### Ábharthacht

- B1 Is faisnéis ábhartha atá ann más rud é, mar gheall ar an bhfaisnéis sin a fhágáil ar lár, míráiteas a dhéanamh ina taobh nó í a dhoiléiriú, go bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go n-imreofaí tionchar léi ar na cinntí a dhéanann príomhúsáideoirí ráiteas airgeadais ilchuspóireach ar bhonn na ráiteas airgeadais sin, lena soláthraítear faisnéis airgeadais maidir le heintiteas tuairiscithe sonracha.
- B2 Braitheann ábharthacht ar chineál nó ar mhéid na faisnéise, nó ar an dá rud sin. Déanann eintiteas measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil faisnéis, ina haonar nó in éineacht le faisnéis eile, ábhartha i gcomhthéacs a ráiteas airgeadais san iomlán.
- B3 Déantar faisnéis a dhoiléiriú má chuirtear in iúl í ar bhealach a mbeadh tionchar aige ar phríomhúsáideoirí ráiteas airgeadais a bheadh comhchosúil leis an bhfaisnéis sin a fhágáil ar lár nó le míráiteas a dhéanamh ina taobh. Is samplaí iad na nithe seo a leanas d'ímthosca a bhféadfadh doiléiriú faisnéise ábhartha a bheith mar thoradh orthu:
- (a) nochtar faisnéis ábhartha maidir le mír, idirbheart nó teagmhas eile sna ráitis airgeadais ach tá an teanga a úsáidtear éiginnte nó doiléir;
  - (b) tá faisnéis ábhartha maidir le mír, idirbheart nó teagmhas eile scaipthe ar fud na ráiteas airgeadais;
  - (c) déantar míreanna, idirbhearta nó teagmhais eile nach bhfuil comhchosúil a chomhiomlánú go míchuí;
  - (d) déantar míreanna, idirbhearta nó teagmhais eile atá comhchosúil a dhí-chomhiomlánú go míchuí; agus
  - (e) déantar sothuigteacht na ráiteas airgeadais a laghdú de thoradh faisnéis ábhartha a bheith á ceilt ag faisnéis neamhabhartha a mhéid nach bhfuil príomhúsáideoir in ann a chinneadh cén fhaisnéis atá ábhartha.
- B4 Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go n-imreodh faisnéis tionchar ar chinntí a dhéanann príomhúsáideoirí ráiteas airgeadais ilchuspóireach ar le heintiteas tuairiscithe sonracha iad, ní mór d'eintiteas saintréithe na n-úsáideoirí sin mar aon le himthosca dílse an eintitis a bhreithniú.
- B5 Is iomaí infheisteach, iasachtóir agus creidiúnaí eile, idir iad siúd atá ann cheana agus iad siúd a d'fhéadfadh a bheith ann, nach féidir a cheangal ar eintitis tuairiscithe faisnéis a sholáthar go díreach dóibh agus nach mór dóibh brath ar ráitis airgeadais ilchuspóireacha chun cuid mhór den fhaisnéis airgeadais a theastaíonn uathu a fháil. Dá réir sin, is iad sin na príomhúsáideoirí a ndírítear ráitis airgeadais ilchuspóireacha orthu. Ullmháitear ráitis airgeadais le haghaidh úsáideoirí a bhfuil eolas réasúnta acu ar ghníomhaíochtaí gnó agus eacnamaíocha agus a dhéanann athbhreithniú agus anailís ar an bhfaisnéis go dícheallach. Ar uairibh, is féidir go mbeidh ar úsáideoirí atá feasach dícheallach, fiú, cabhair a lorg ó chomhairleoir chun tuiscint a fháil ar fhaisnéis maidir le feiniméin chasta eacnamaíocha.

#### Róil na bpríomhráiteas airgeadais agus na nótaí

- B6 Agus mír 17(a) á cur i bhfeidhm, soláthraíonn eintiteas sna nótaí an fhaisnéis is gá d'úsáideoirí ráiteas airgeadais chun tuiscint a fháil ar na míreanna líne a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais. Áirítear na nithe seo a leanas le samplaí den fhaisnéis sin:
- (a) dí- chomhiomlánú na míreanna líne a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais;
  - (b) tuairiscí ar shaintréithe na míreanna líne a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais; agus

- (c) faisnéis faoi na modhanna, toimhdí agus breithiúnais a úsáidtear chun na míreanna a áirítear leis na príomhráitis airgeadais a aithint, a thomhas agus a chur i láthair.
- B7 Agus mír 17(b) á cur i bhfeidhm, forlíonann eintiteas na príomhráitis airgeadais leis an bhfaisnéis bhreise is gá chun cuspóir na ráiteas airgeadais a bhaint amach — is é sin:
- (a) faisnéis a cheanglaítear go sonrach le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS (féach mír 19) — mar shampla:
- (i) faisnéis a cheanglaítear le IAS 37 *Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha* faoi shócmhainní teagmhasacha agus dliteanais theagmhasacha neamhaitheanta eintitis; agus
  - (ii) faisnéis a cheanglaítear le IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí* maidir le neamhchosaint eintitis ar chineálacha éagsúla rioscaí, amhail riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca margaidh; agus
- (b) faisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis a cheanglaítear go sonrach le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS (féach mír 20).

### Faisnéis a chuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais

- B8 Mínítear le mír 23 nach gá d'eintiteas mír líne a chur i láthair ar leithligh i bpríomhráiteas airgeadais mura gá déanamh amhlaidh chun go soláthrófar achoimre struchtúrtha úsáideach sa ráiteas, fiú má cheanglaítear an mhír líne le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS. Mar shampla, ní gá d'eintiteas mír líne a liostaítear i mír 75 a chur i láthair mura gá déanamh amhlaidh chun go soláthrófar sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas achoimre struchtúrtha úsáideach ar ioncam agus ar chostais, nó mír líne a liostaítear i mír 103 mura gá déanamh amhlaidh chun go soláthrófar sa ráiteas staide airgeadais achoimre struchtúrtha úsáideach ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar chothromas. Mura gcuireann eintiteas na míreanna líne a liostaítear i míreanna 75 agus 103 i láthair, nochtfaidh sé na míreanna sna nótaí má tá an fhaisnéis a thiocfaidh as sin ábhartha (féach mír 42).
- B9 Os a choinne sin, agus mír 24 á cur i bhfeidhm, cuirfidh eintiteas míreanna líne breise i láthair anuas orthu siúd a liostaítear i míreanna 75 agus 103 más gá na cuir i láthair sin chun go soláthrófar sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas achoimre struchtúrtha úsáideach ar ioncam agus ar chostais nó chun go soláthrófar sa ráiteas staide airgeadais achoimre struchtúrtha úsáideach ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar chothromas (féach míreanna B78- B79 agus B109- B111).

### Sainaitheint na ráiteas airgeadais

- B10 Ceanglaítear le mír 25 ar eintiteas na ráitis airgeadais a shainaitheint go soiléir agus iad a idirdhealú ó fhaisnéis eile sa doiciméad foilsithe céanna. Comhlíonann eintiteas na ceanglais sin trí cheannteidil iomchuí a sholáthar le haghaidh leathanach, ráiteas, nótaí, colún agus a leithéidí. Tá gá le breithiúnas chun a chinneadh cén bealach is fearr chun faisnéis den sórt sin a sholáthar. Má sholáthraíonn eintiteas na ráitis airgeadais go leictreonach, mar shampla, breithníonn eintiteas bealaí eile chun na ceanglais a chomhlíonadh — trí chlibeáil dhigiteach iomchuí a dhéanamh ar fhaisnéis a sholáthraítear sna ráitis airgeadais, mar shampla.
- B11 Is minic a dhéanann eintiteas ráitis airgeadais níos intuigthe trí fhaisnéis a sholáthar sna mílte nó sna milliúin aonad den airgeadra tuairiscithe. Tá an cleachtas sin inghlactha fad a nochtann an t- eintiteas an leibhéal slánaithe agus nach bhfágann sé faisnéis ábhartha ar lár.

### Comhsheasmhacht an chur i láthair, an nochta agus an aicmithe

- B12 Ceanglaítear le mír 30(a) ar eintiteas cur i láthair, nochtadh nó aicmiú míreanna sna ráitis airgeadais a athrú más léir go mbeadh cur i láthair, nochtadh nó aicmiú eile níos iomchuí. Mar shampla, d'fhéadfadh fáil nó diúscairt mhór, nó athbhreithniú ar na ráitis airgeadais, a thabhairt le fios gur gá na ráitis airgeadais a athrú. Ní cheadaítear d'eintiteas cur i láthair, nochtadh ná aicmiú míreanna a athrú ina ráitis airgeadais ach amháin má sholáthraíonn an t- athrú faisnéis atá níos úsáidí d'úsáideoirí ráiteas airgeadais agus más dócha go leanfaidh an t- eintiteas de bheith ag úsáid an chur i láthair, an nochta nó an aicmithe athbhreithnithe, ionas nach ndéanfar dochar don inchomparáideacht idirthréimhsí. Nuair a dhéanann eintiteas athruithe den sórt sin, athaicmíonn sé a chuid faisnéise comparáidí i gcomhréir le míreanna 33–34.

## Faisnéis chomparáideach

### Faisnéis chomparáideach a cheanglaítear

- B13 I gcásanna áirithe, leanann faisnéis insinte a sholáthraítear sna ráitis airgeadais le haghaidh na tréimhse (na dtréimhsí) tuairiscithe roimhe sin de bheith ábhartha sa tréimhse reatha. Mar shampla, déanann eintiteas mionsonraí maidir le díospóid dhlíthiúil a nochtadh sa tréimhse reatha, ar díospóid í a raibh a toradh éiginnte ag deireadh na tréimhse roimhe sin agus atá fós le réiteach. D'fhéadfadh úsáideoirí ráiteas airgeadais tairbhiú de nochtadh faisnéise gurbh ann don éiginnteacht ag deireadh na tréimhse roimhe sin agus de nochtadh faisnéise maidir leis na bearta a rinneadh le linn na tréimhse chun an éiginnteacht a réiteach.

### Faisnéis chomparáideach bhreise

- B14 Féadfaidh eintiteas faisnéis chomparáideach a sholáthar i dteannta na faisnéise comparáidí a cheanglaítear le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS, fad a ullmhaítear an fhaisnéis sin i gcomhréir le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS. Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na príomhráitis airgeadais dá dtagraítear i mír 10 a bheith san fhaisnéis chomparáideach bhreise sin, ach ní gá tacar iomlán ráiteas airgeadais a bheith inti. Nuair is amhlaidh an cás, nochtfaidh an t-eintiteas sna nótaí faisnéis maidir leis na príomhráitis airgeadais bhreise sin.
- B15 Féadfaidh eintiteas tríú ráiteas (nó ráitis) ar fheidhmíocht airgeadais a chur i láthair, mar shampla (agus an tréimhse thuairiscithe reatha, an tréimhse roimhe sin agus tréimhse chomparáideach bhreise amháin á gcur i láthair ar an gcaoi sin). Ní cheanglaítear ar an eintiteas, áfach, an tríú ráiteas staide airgeadais, an tríú ráiteas faoi shreabhadh airgid ná an tríú ráiteas ar athruithe sa chothromas a chur i láthair (is é sin, príomhráiteas airgeadais comparáideach breise). Ceanglaítear ar an eintiteas an fhaisnéis chomparáideach a bhaineann leis an ráiteas breise sin nó leis na ráitis bhreise sin ar fheidhmíocht airgeadais a nochtadh sna nótaí.

## Comhiomlánú agus dí-chomhiomlánú

### Prionsabail comhiomlánaithe agus dí- chomhiomlánaithe

#### Próiseas comhiomlánaithe agus dí- chomhiomlánaithe

- B16 Leanann ráitis airgeadais as eintitis a bheith ag próiseáil lion mór idirbheart agus teagmhas eile. Eascraíonn sócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreafaí airgid as na hidirbhearta agus na teagmhais eile sin.
- B17 Chun na ceanglais i mír 41 a chur i bhfeidhm, déanfaidh eintiteas míreanna a chomhiomlánú bunaithe ar shaintréithe comhroinnte (is é sin, míreanna comhiomlána a bhfuil saintréithe comhchosúla acu) agus míreanna a dhí- chomhiomlánú bunaithe ar shaintréithe nach bhfuil comhroinnte (is é sin, míreanna a bhfuil saintréithe neamhchosúla acu a dhí- chomhiomlánú). Agus é sin á dhéanamh aige, déanfaidh eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) na sócmhainní, na dliteanais, an cothromas, an t-ioncam, na costais agus na sreafaí airgid a eascraíonn as idirbhearta aonair nó as teagmhais eile a shainaithint;
  - (b) sócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreafaí airgid a aicmiú agus a chomhiomlánú ina míreanna bunaithe ar a saintréithe (mar shampla, a gcineál, a bhfeidhm, a mbonn tomhais nó saintréith eile) ionas go gcuirfear míreanna líne i láthair sna príomhráitis airgeadais agus go nochtfar míreanna sna nótaí ag a bhfuil saintréith chomhchosúil amháin ar a laghad; agus
  - (c) míreanna a dhí- chomhiomlánú bunaithe ar shaintréithe neamhchosúla:
    - (i) sna príomhráitis airgeadais, de réir mar is gá chun achoimrí struchtúrtha úsáideacha a sholáthar (mar a dtugtar tuairisc air i mír 16); agus
    - (ii) sna nótaí, de réir mar is gá chun faisnéis ábhartha a sholáthar (mar a dtugtar tuairisc air i mír 17).
- B18 Féadfaidh eintiteas na céimeanna i míreanna B17(a)- B17(c) a chur i bhfeidhm in ord athraitheach chun prionsabail an chomhiomlánaithe agus an dí- chomhiomlánaithe i mír 41 a chur i bhfeidhm.

#### Bonn an chomhiomlánaithe agus an dí-chomhiomlánaithe

- B19 Mínítear le míreanna B16- B18 go n- úsáideann eintiteas a bhreithiúnas chun sócmhainní, dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreafaí airgid ó idirbhearta aonair agus ó theagmhais eile a chomhiomlánú

agus a dhí- chomhiomlánú bunaithe ar shaintréithe comhchosúla agus neamhchosúla. Leagtar amach le míreanna B78 agus B110 samplaí de shaintréithe a chuireann eintiteas san áireamh agus a bhreithiúnais á ndéanamh aige.

- B20 Dá chosúla saintréithe na sócmhainní, na ndliteanas, an chothromais, an ioncaim, na gcostas agus na sreafaí airgid, is ea is dóchúla go gcomhlíonfar lena gcomhiomlánú ról na bpríomhráiteas airgeadais (is é sin, achoimrí struchtúrtha úsáideacha a sholáthar mar a dtugtar tuairisc air i mír 16) nó na nótaí (is é sin, faisnéis ábhartha a sholáthar mar a dtugtar tuairisc air i mír 17). Dá neamhchosúla saintréithe sócmhainní, dliteanas, cothromais, ioncaim, costas agus sreafaí airgid, is ea is dóchúla go gcomhlíonfaidh dí- chomhiomlánú na míreanna ról na bpríomhráiteas airgeadais nó na nótaí.
- B21 Beidh saintréith chomhchosúil amháin ar a laghad ag na míreanna a chomhiomlánaítear agus a chuirtear i láthair mar mhíreanna líne sna príomhráitis airgeadais, seachas an sainmhíniú ar shócmhainní, dliteanas, cothromas, ioncam, costais nó sreafaí airgid a chomhlíonadh. Mar sin féin, toisc gurb é ról na bpríomhráiteas airgeadais achoimrí struchtúrtha úsáideacha a sholáthar, is dócha freisin go gcomhiomlánóidh na míreanna líne sna príomhráitis airgeadais míreanna a bhfuil saintréithe neamhchosúla leordhóthanacha acu a fhágann go bhfuil faisnéis faoi na míreanna dí- chomhiomlánaithe ábhartha.
- B22 Agus mír 41 á cur i bhfeidhm, déanfaidh eintiteas míreanna ag a bhfuil saintréithe neamhchosúla a dhí- chomhiomlánú nuair atá an fhaisnéis a thagann as sin ábhartha. D'fhéadfadh faisnéis maidir le míreanna dí- chomhiomlánaithe a bheith ábhartha mar thoradh ar shaintréith neamhchosúil amháin.
- B23 Mar shampla, d'fhéadfadh eintiteas sócmhainní airgeadais lena gcuimsítear infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí fiachais a chur i láthair sa ráiteas staide airgeadais ar leithligh ó shócmhainní neamhairgeadais. Tá saintréithe neamhchosúla ag na sócmhainní airgeadais toisc go bhfuil boinn tomhais éagsúla acu — tomhaistear cuid acu ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas agus tomhaistear cuid eile acu ar chostas amúchta. D'fhéadfadh an t- eintiteas a chinneadh dá bhrí sin, chun achoimre struchtúrtha úsáideach a sholáthar, gur gá míreanna líne a chur i láthair lena ndéantar na sócmhainní airgeadais a dhí- chomhiomlánú bunaithe ar na boinn tomhais sin. Is é an toradh a bhíonn ar an dí- chomhiomlánú sin mír líne lena gcuimsítear infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí fiachais arna dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas agus mír líne lena gcuimsítear infheistíochtaí fiachais arna dtomhas ar chostas amúchta. Ós rud é go bhfuil infheistíochtaí cothromais neamhchosúil le hinfeistíochtaí fiachais sa mhéid is go nochtann gach ceann acu an t- eintiteas do rioscaí éagsúla, dhéanfaidh an t- eintiteas measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le dí- chomhiomlánú breise sa ráiteas staide airgeadais de shócmhainní airgeadais arna dtomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas in infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí fiachais chun achoimre struchtúrtha úsáideach a sholáthar. Mura mbeadh, agus dá mbeadh an fhaisnéis a thiocfadh as ábhartha, bheadh ar an eintiteas na hinfeistíochtaí cothromais a nochtadh sna nótaí ar leithligh ó na hinfeistíochtaí fiachais. Ina theannta sin, dá mbeadh saintréithe neamhchosúla eile ag na hinfeistíochtaí cothromais, mar shampla, cheanglófaí ar an eintiteas na hinfeistíochtaí cothromais sin a dhí- chomhiomlánú a thuilleadh sna nótaí dá mbeadh an fhaisnéis a thiocfadh astu ábhartha.

## Tuairisc ar mhíreanna

- B24 Le mír 43 ceanglaítear ar eintiteas lipéadú agus tuairisc a dhéanamh ar mhíreanna a chuirtear i láthair nó a nochtar ar bhealach lena léirítear saintréithe na míre go dílis. Is minic gur comhiomlánuithe míreanna a eascraíonn as idirbhearta aonair nó as teagmhais eile a bheidh i míreanna den sórt sin agus d'fhéadfaidís a bheith éagsúil ó thaobh cé acu is comhiomlánuithe míreanna iad a bhfuil faisnéis ábhartha ina leith agus míreanna a bhfuil faisnéis neamhabhartha ina leith. Go sonrach, sna príomhráitis airgeadais nó sna nótaí:
- (a) i gcás mír dá bhfuil faisnéis ábhartha, d'fhéadfaí í a chomhiomlánú le míreanna eile dá bhfuil faisnéis ábhartha freisin — d'fhéadfadh eintiteas comhiomlánú den sórt sin a sholáthar chun achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis ach cheanglófaí air freisin faisnéis a nochtadh faoi gach mír;
  - (b) i gcás mír dá bhfuil faisnéis ábhartha, d'fhéadfaí í a chomhiomlánú le míreanna dá bhfuil faisnéis neamhabhartha — ní cheanglófaí ar eintiteas faisnéis faoi mhíreanna dí- chomhiomlánaithe a sholáthar ach amháin dá ndéanadh faisnéis neamhabhartha an fhaisnéis ábhartha a dhoiléiriú; nó
  - (c) i gcás mír dá bhfuil faisnéis neamhabhartha, d'fhéadfaí í a chomhiomlánú le míreanna eile dá bhfuil faisnéis neamhabhartha — d'fhéadfadh eintiteas comhiomlánú den sórt sin a sholáthar chun liosta míreanna a chomhlánú agus ní cheanglófaí air faisnéis faoi mhíreanna dí- chomhiomlánaithe a nochtadh, faoi réir mhír B26(b).
- B25 Ní dhéanfaidh eintiteas míreanna a chuirtear i láthair nó a nochtar a lipéadú mar 'eile' ach amháin mura féidir leis lipéad níos faisnéisí a aimsiú. Seo a leanas samplaí den chaoi a bhféadfadh eintiteas lipéad níos faisnéisí a aimsiú:
- (a) má dhéantar mír, dá bhfuil faisnéis ábhartha, a chomhiomlánú le míreanna dá bhfuil faisnéis neamhabhartha, lipéad a aimsiú lena dtugtar tuairisc ar an mír dá bhfuil faisnéis ábhartha; agus

- (b) má dhéantar míreanna dá bhfuil faisnéis neamhábhartha a chomhiomlánú:
  - (i) míreanna a bhfuil saintréithe comhchosúla acu a chomhiomlánú agus tuairisc a thabhairt orthu ar bhealach a léiríonn go dílis na saintréithe comhchosúla; nó
  - (ii) míreanna a chomhiomlánú le míreanna eile nach bhfuil saintréithe comhchosúla acu agus tuairisc a thabhairt orthu ar bhealach a léiríonn go dílis saintréithe neamhchosúla na míreanna.

B26 Mura féidir le heintiteas lipéad níos faisnéisí a aimsiú ná ‘eile’:

- (a) i gcás aon chomhiomlánaithe — úsáidfidh an t-eintiteas lipéad a thugann tuairisc chomh cruinn agus is féidir ar an mír chomhiomlánaithe, mar shampla, ‘costais oibriúcháin eile’ nó ‘costais airgeadais eile’.
- (b) i gcás comhiomlánú lena gcuimsítear míreanna dá bhfuil faisnéis neamhábhartha amháin — breithneoidh an t-eintiteas cé acu atá nó nach bhfuil an méid comhiomlánaithe mór go leordhóthanach go bhféadfadh úsáideoirí ráiteas airgeadais amhras réasúnach a chaitheamh ar cé acu a áirítear nó nach n-áirítear leis míreanna a bhféadfadh faisnéis a bheith ábhartha ina leith. Más amhlaidh an cás, is faisnéis ábhartha í an fhaisnéis chun an cheist sin a réiteach. Dá réir sin, i gcásanna den sórt sin, nochtfaidh an t-eintiteas tuilleadh faisnéise faoin méid — mar shampla:
  - (i) míniú nach n-áirítear sa mhéid aon mhíreanna a mbeadh faisnéis ábhartha ina leith; nó
  - (ii) míniú go gcuimsítear leis an méid roinnt míreanna nach mbeadh faisnéis ábhartha ina leith, mar aon le léiriú ar chineál agus ar mhéid na míre is mó.

## Fritháireamh

B27 Le mír 44 cuirtear toirmeasc ar eintiteas sócmhainní agus dliteanais nó ioncam agus costais a fhritháireamh mura gceanglaítear nó mura gceadaítear sin le Caighdeán Cuntasaíochta IFRS. Le IFRS 15 *Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí*, mar shampla, ceanglaítear ar eintiteas ioncam ó chonarthaí le custaiméirí a thomhas ag an méid comaoine a bhfuil coinne ag an eintiteas a bheith ina teideal mar mhalairt ar earraí nó seirbhísí geallta a aistriú. Léiríonn an méid ioncain a aithnítear aon lascaine trádála agus aon lacáiste toirte a cheadaíonn an t-eintiteas. Os a choinne sin, d’fhéadfadh eintiteas, le linn a ghnáthghníomhaíochtaí, idirbhearta eile a dhéanamh nach ngineann ioncam ach atá teagmhasach leis na príomhghníomhaíochtaí ginte ioncain. Chuirfeadh an t-eintiteas torthaí na n-idirbheart sin i láthair sna príomhráitis airgeadais nó nochtfaidh sé sna nótaí iad, nuair a léiríonn an cur i láthair nó an nochtadh sin substaint an idirbheart nó an teagmhais eile, trí aon ioncam a ghlanluacháil le costais ghaolmhara a eascraíonn as an idirbheart céanna. Mar shampla:

- (a) cuireann eintiteas gnóthachain agus caillteanais maidir le diúscairt sócmhainní neamhreacha i láthair sna príomhráitis airgeadais nó nochtann sé sna nótaí iad trí shuim ghlanluacha na sócmhainne agus na costais díola ghaolmhara a asbhaint ón méid comaoine ar dhíuscairt; agus
- (b) féadfaidh eintiteas glanluacháil a dhéanamh ar chaiteachas a bhaineann le foráil a aithnítear i gcomhréir le IAS 37 agus a aisíoctar faoi shocrú conarthach le tríú páirtí (comhaontú baránta soláthróra, mar shampla) in aghaidh na haisíocaíochta gaolmhaire.

B28 Ina theannta sin, cuireann eintiteas gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as grúpa idirbheart comhchosúil i láthair ar ghlanbhonn — mar shampla, gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí nó gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí airgeadais arna sealbhú le trádáil a áirítear leis an gcatagóir chéanna den ráiteas/de na ráitis ar fheidhmíocht airgeadais agus míreanna 47-68 á gcur i bhfeidhm. Nochtfaidh eintiteas gnóthachain agus caillteanais den sórt sin ar leithligh sna nótaí, áfach, má sholáthraítear faisnéis ábhartha trí dhéanamh amhlaidh.

## Ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas

### Catagóirí sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas

B29 Ceanglaítear le mír 47 ar eintiteas ioncam agus costais a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas a aicmiú i gceann amháin de chúig chatagóir. Cuimsítear leis an gcatagóir oibriúcháin an t-ioncam agus na costais uile a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas nach n-aicmítear sna catagóirí eile (féach mír 52). Níl ioncam agus costais a aicmítear i gcatagóir na n-oibriúcháin scortha agus mír 68 á cur i bhfeidhm faoi réir na gceanglas maidir le míreanna ioncain agus costas a aicmiú sna catagóirí a liostaítear i míreanna 47(a)-(d). Níl ioncam agus costais a aicmítear sa chatagóir cánacha ioncain agus mír 67 á cur i

bhfeidhm faoi réir na gceanglas chun míreanna ioncaim agus costas a aicmiú sna catagóirí a liostaítear i míreanna 47(a)- (c).

## Measúnú ar phríomhghníomhaíochtaí gnó sonraithe

- B30 Ceanglaítear le mír 49 ar eintiteas measúnú a dhéanamh ar cé acu a infheistíonn nó nach n- infheistíonn sé i sócmhainní nó a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn sé maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó. Féadfaidh eintiteas níos mó ná príomhghníomhaíocht ghnó amháin a bheith aige. Mar shampla, eintiteas a mhonaraíonn táirge agus a sholáthraíonn maoiniú do chustaiméirí freisin, féadfaidh sé a chinneadh gur príomhghníomhaíochtaí gnó iad a ghníomhaíocht monaraíochta agus a ghníomhaíocht um maoiniú do chustaiméirí aron. Chun ioncam agus costais a aicmiú sna catagóirí oibriúcháin, infheistíochta agus maoiniúcháin mar a cheanglaítear leis an gCaighdeán seo, ní gá d'eintiteas a chinneadh ach cé acu atá nó nach bhfuil ceachtar acu, nó an dá cheann acu, ag infheistiú i sócmhainní agus ag soláthar maoinithe do chustaiméirí ina bpríomhghníomhaíochtaí gnó.
- B31 Seo a leanas samplaí d'eintitis a d'fhéadfadh infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní mar phríomhghníomhaíocht ghnó:
- (a) eintitis infheistíochta mar a shainmhínítear le IFRS 10 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite*;
  - (b) cuideachtaí réadmhaoine infheistíochta; agus
  - (c) árachóirí.
- B32 Áirítear na samplaí seo a leanas le heintitis a d'fhéadfadh maoiniú a sholáthar do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó:
- (a) bainc agus institiúidí iasachta eile;
  - (b) eintitis a sholáthraíonn maoiniú do chustaiméirí chun é a chur ar a gcumas do na custaiméirí sin táirgí an eintitis a cheannach; agus
  - (c) léasóirí a sholáthraíonn maoiniú do chustaiméirí i léasanna airgeadais.
- B33 Is ábhar fíoraí é cé acu atá nó nach bhfuil infheistiú i sócmhainní nó maoiniú a sholáthar do chustaiméirí ina phríomhghníomhaíocht ghnó ag an eintiteas, agus ní maíomh amháin é. Úsáidfí eintiteas a bhreithiúnas chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil infheistiú i sócmhainní nó maoiniú a sholáthar do chustaiméirí ina phríomhghníomhaíocht ghnó, agus beidh an measúnú sin bunaithe ar fhianaise.
- B34 Go ginearálta, is dócha gur príomhghníomhaíocht ghnó eintitis é infheistiú i sócmhainní nó maoiniú a sholáthar do chustaiméirí má úsáideann an t- eintiteas cineál áirithe fo- iomláin mar tháscaire tábhachtach ar fheidhmíocht oibriúcháin. An cineál fo- iomláin sin, is fo-iomlán ar leith é atá cosúil le brabús comhlán (féach mír B123) lena n- áirítear ioncam agus costais a d'aicmeofaí sna catagóirí infheistíochta nó maoiniúcháin dá mba rud é nach príomhghníomhaíochtaí gnó iad infheistiú i sócmhainní nó maoiniú a sholáthar do chustaiméirí.
- B35 Maidir le fianaise gur táscairí tábhachtacha feidhmíochta oibriúcháin iad na fo- iomláin sin atá cosúil le brabús comhlán a bhfuil tuairisc orthu i mír B123, áirítear léi fo- iomláin den sórt sin a úsáid chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) feidhmíocht oibriúcháin a mhíniú go seachtrach; nó
  - (b) measúnú nó faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht oibriúcháin go himmheánach.
- B36 Le faisnéis faoi dheighleoga, féadfar fianaise a sholáthar gur príomhghníomhaíocht ghnó é infheistiú i sócmhainní nó maoiniú a sholáthar do chustaiméirí má chuireann eintiteas IFRS 8 *Deighleoga Oibriúcháin* i bhfeidhm. Go sonrach:
- (a) má chuimsítear gníomhaíocht ghnó aonair le deighleog intuarascála, léirítear leis sin gur táscaire tábhachtach ar fheidhmíocht oibriúcháin an eintitis í feidhmíocht na deighleoige intuarascála agus gur príomhghníomhaíocht ghnó an eintitis í gníomhaíocht ghnó na deighleoige intuarascála; agus
  - (b) má chuimsítear gníomhaíocht ghnó aonair le deighleog oibriúcháin, léirítear leis sin go bhféadfadh an ghníomhaíocht ghnó a bheith ina phríomhghníomhaíocht ghnó de chuid an eintitis má tá feidhmíocht na deighleoige oibriúcháin ina táscaire tábhachtach ar fheidhmíocht oibriúcháin an eintitis mar a dtugtar tuairisc air i mír B34.
- B37 Úsáidfí eintiteas a bhreithiúnas chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil infheistiú i sócmhainní nó maoiniú a sholáthar do chustaiméirí ina phríomhghníomhaíocht ghnó ag an eintiteas tuairiscithe agus beidh an measúnú sin bunaithe ar fhianaise. Dá réir sin, d'fhéadfadh torthaí difriúla a bheith ar an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil infheistiú i sócmhainní nó maoiniú a sholáthar do chustaiméirí ina

phríomhghníomhaíocht ghnó ag eintiteas tuairiscithe ar grúpa comhdhlúite é agus ag eintiteas tuairiscithe ar ceann de na focuicideachtaí sa ghrúpa comhdhlúite é.

- B38 Déanfaidh eintiteas measúnú ar cé acu a infheistíonn nó nach n- infheistíonn sé mar phríomhghníomhaíocht ghnó i ngnólachtaí comhlachaithe, i gcomhfhiontair agus i bhfochuicideachtaí neamh- chomhdhlúite nach ndéantar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais (féach míreanna B43(b)- (c) agus B44(b)- (c)) de réir sócmhainn aonair nó trí ghrúpaí sócmhainní a úsáid a bhfuil saintréithe comhroinnte acu. Má ullmhaíonn eintiteas ráitis airgeadais ar leithligh mar a shonraítear in IAS 27 *Ráitis Airgeadais ar Leith* agus má dhéanann sé an measúnú le haghaidh grúpaí sócmhainní, úsáidfí an t- eintiteas grúpaí sócmhainní atá comhsheasmhach leis na catagóirí a úsáidtear chun a mbonn tomhais a chinneadh agus mír 10 de IAS 27 á cur i bhfeidhm. Ní gá d'eintiteas measúnú a dhéanamh ar cé acu a infheistíonn nó nach n- infheistíonn sé mar phríomhghníomhaíocht ghnó i ngnólachtaí comhlachaithe, i gcomhfhiontair agus i bhfochuicideachtaí neamh- chomhdhlúite a ndéantar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais (féach míreanna B43(a) agus B44(a)) toisc go gceanglaítear air an t- ioncam agus na costais ó na hinfeistíochtaí sin a aicmiú sa chatagóir infheistíochta (féach mír 55(a)).
- B39 Ní gá d'eintiteas measúnú a dhéanamh ar cé acu a infheistíonn nó nach n- infheistíonn sé mar phríomhghníomhaíocht ghnó in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim (féach mír 53(b)). Ceanglaítear ar eintiteas ioncam agus costais ó airgead tirim agus ó choibhéisí airgid thirim a aicmiú sa chatagóir infheistíochta mura bhfuil feidhm ag míreanna 56(a) nó 56(b).
- B40 Déanfaidh eintiteas measúnú ar cé acu a infheistíonn nó nach n- infheistíonn sé mar phríomhghníomhaíocht ghnó i sócmhainní eile a ghineann toradh ar bhonn aonair agus go neamhspleách den chuid is mó ar acmhainní eile an eintitis (féach mír 53(c)) trí mheasúnú a dhéanamh ar shócmhainn aonair nó ar ghrúpaí sócmhainní a bhfuil saintréithe comhroinnte acu. Agus an measúnú á dhéanamh aige ar ghrúpaí sócmhainní airgeadais, úsáidfí eintiteas grúpaí sócmhainní airgeadais atá comhsheasmhach leis na haicmí sócmhainní airgeadais arna sainaithint ag an eintiteas agus mír 6 de IFRS 7 á cur i bhfeidhm aige.
- B41 Déanfaidh eintiteas measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil infheistiú i sócmhainní nó maoiniú a sholáthar do chustaiméirí ina phríomhghníomhaíocht ghnó bunaithe ar na fíorais ag an am, ionas nach n- athróidh athrú ar thoradh an mheasúnaithe toradh na measúnuithe roimhe sin. Dá réir sin, déanann eintiteas ioncam agus costais a aicmiú agus a chur i láthair agus an t- athrú ar thoradh an mheasúnaithe á chur i bhfeidhm go hionchasach ó dháta an athraithe agus ní athaicmítear méideanna arna gcur i láthair roimh dháta an athraithe. Mura bhfuil sé dodhéanta déanamh amhlaidh, ceanglaítear le mír 51(c)(ii) ar eintiteas méid agus aicmiú míreanna ioncaim agus costas a nochtadh roimh dháta an athraithe ar thoradh an mheasúnaithe sa tréimhse reatha agus ina dhiaidh sin agus méid agus aicmiú na réamhthréimhse le haghaidh míreanna ar athraíodh an t- aicmiú ina leith mar gheall ar an athrú ar thoradh an mheasúnaithe.

## Oibriúchán

- B42 Mar thoradh ar na ceanglais i míreanna 47- 66, aicmíonn eintiteas ioncam agus costais óna phríomhghníomhaíochtaí gnó i gcatagóir oibriúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas, ach amháin aon ioncam agus costas den sórt sin ó infheistíochtaí a ndéantar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais. Thairis sin, níl an chatagóir oibriúcháin teoranta d'ioncam ná do chostais ó phríomhghníomhaíochtaí gnó eintitis. Áirítear leis, an t- ioncam agus na costais uile nach n- aicmíonn eintiteas sna catagóirí eile agus míreanna 53- 68 á gcur i bhfeidhm, lena n- áirítear ioncam nó costais den sórt sin atá luaineach nó neamh- athfhillteach.

## Infheistíocht

### *Infheistíochtaí i ngnólachtaí comhlachaithe, i gcomhfhiontair agus i bhfochuicideachtaí neamh- chomhdhlúite*

- B43 Leagtar amach le míreanna 53 agus 55 ceanglais maidir le hioncam agus costais ó infheistíochtaí in eintitis chomhlachaithe agus i gcomhfhiontair a aicmiú. Cuimsítear an méid seo a leanas leis na hinfeistíochtaí sin:
- (a) infheistíochtaí i ngnólachtaí comhlachaithe agus i gcomhfhiontair a ndéantar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais i gcomhréir le mír 16 de IAS 28 *Infheistíochtaí i gComhlachtaí agus i gComhfhiontair* agus le mír 10(c) de IAS 27;
  - (b) infheistíochtaí i ngnólachtaí comhlachaithe agus i gcomhfhiontair (nó cuid díobh) a roghnaíonn eintiteas a thomhas ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas i gcomhréir le IFRS 9 agus míreanna 18- 19 de IAS 28 agus mír 11 de IAS 27 á gcur i bhfeidhm; agus

- (c) infheistíochtaí i ngnólaíochtaí comhlachaithe agus i gcomhfhiontair i ráitis airgeadais ar leithligh a ndéantar cuntas orthu ar costas agus mír 10(a) de IAS 27 á cur i bhfeidhm nó i gcomhréir le IFRS 9 agus mír 10(b) de IAS 27 á cur i bhfeidhm.
- B44 Leagtar amach le míreanna 53 agus 55 freisin ceanglais maidir le haicmiú ioncaim agus costas ó fhochuideachtaí neamh- chomhdhlúite. Cuimsítear an méid seo a leanas le hinfeistíochtaí i bhfochuideachtaí neamh- chomhdhlúite:
- (a) infheistíochtaí i bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais ar leithligh a ndéantar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais i gcomhréir le mír 10(c) de IAS 27;
- (b) infheistíochtaí i bhfochuideachtaí arna sealbhú ag eintiteas infheistíochta arna dtomhas ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas i gcomhréir le mír 31 de IFRS 10 agus mír 11A de IAS 27; agus
- (c) infheistíochtaí i bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais ar leithligh a ndéantar cuntas orthu ar costas agus mír 10(a) de IAS 27 á cur i bhfeidhm nó i gcomhréir le IFRS 9 agus mír 10(b) de IAS 27 á cur i bhfeidhm.

***Sócmhainní a ghineann toradh go haonarach agus go neamhspleách den chuid is mó ar acmhainní eile an eintitis***

- B45 Ceanglaítear le mír 53(c) ar eintiteas sócmhainní a ghineann toradh go haonarach agus go neamhspleách den chuid is mó ar acmhainní eile an eintitis a shainithint. D'fhéadfadh an toradh a bheith dearfach nó diúltach.
- B46 De ghnáth, áirítear an méid seo a leanas leis na sócmhainní a ghineann toradh go haonarach agus go neamhspleách den chuid is mó ar acmhainní eile an eintitis i mír 53(c):
- (a) infheistíochtaí fiachais nó cothromais; agus
- (b) réadmhaoine infheistíochta, agus infháiltais cíosa arna nginiúint ag na réadmhaoine sin.
- B47 Is iondúil go n- áirítear an méid seo a leanas le hioncam agus costais a shonraítear i mír 54 ó shócmhainní den sórt sin:
- (a) ús;
- (b) díbhinní;
- (c) ioncam cíosa;
- (d) dímhéas;
- (e) caillteanais lagaithe agus cealuithe caillteanas lagaithe;
- (f) gnóthachain agus caillteanais ar luach cóir; agus
- (g) ioncam agus costais ó dhí- aithint na sócmhainne, nó óna haicmiú agus atomhas mar shócmhainn arna sealbhú le díol (féach míreanna B60- B64).

***Sócmhainní nach ngineann toradh go haonarach agus go neamhspleách den chuid is mó ar acmhainní eile an eintitis***

- B48 Ní ghineann sócmhainní arna n- úsáid i gcomhcheangal ag eintiteas chun earraí nó seirbhísí a tháirgeadh nó a sholáthar toradh go haonarach agus go neamhspleách den chuid is mó ar acmhainní eile an eintitis. Áirítear an méid seo a leanas le sócmhainní den sórt sin de ghnáth:
- (a) réadmhaoine, gléasra agus trealamh;
- (b) sócmhainní a eascraíonn as táirgeadh nó soláthar earraí agus seirbhísí a n- aicmítear an t- ioncam agus na costais ina leith sa chatagóir oibriúcháin (mar shampla, infháiltais le haghaidh earraí agus seirbhísí den sórt sin); agus
- (c) má sholáthraíonn an t- eintiteas maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó, aon iasacht do chustaiméir.
- B49 Déantar ioncam agus costais ó na sócmhainní a bhfuil tuairisc orthu i mír B48 a aicmiú sa chatagóir oibriúcháin — mar shampla:
- (a) ioncam le haghaidh earraí nó seirbhísí arna dtáirgeadh nó arna sholáthar ag an eintiteas trí úsáid a bhaint as teaghlaim sócmhainní;
- (b) ioncam úis;
- (c) dímhéas agus amúchadh;

- (d) caillteanais lagaithe agus cealuithe caillteanas lagaithe;
- (e) ioncam agus costais ó dhí- aithint na sócmhainne, nó óna haicmiú agus atomhas mar shócmhainn arna sealbhú le díol (féach míreanna B60- B64); agus
- (f) ioncam agus costais a eascraíonn as comhcheangal idir gnólaigh lena n- áirítear sócmhainní as a n- eascróidh ioncam agus costais a aicmeofar sa chatagóir oibriúcháin, amhail gnóthachan ar cheannach sladmhargaidh agus atomhais ar chomaoin theagmhasach.

## **Maoiniúchán**

### ***Dlíteanais a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú***

- B50 Ceanglaítear le mír 59(a) ar eintiteas dlíteanais a shainithint a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú. In idirbhearta den sórt sin, maidir le heintiteas:
- (a) faigheann sé maoiniú i bhfoirm airgid thirim, nó múchadh dlíteanais airgeadais, nó fáiltais ionstraimí cothromais dílse an eintitis; agus
  - (b) ag dáta níos déanaí, tabharfaidh sé airgead tirim nó a ionstraimí cothromais dílse ar ais mar mhalairt.
- B51 Áirítear an méid seo a leanas le dlíteanais a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú:
- (a) ionstraim fiachais a shocrófar in airgead tirim, amhail bintíúir, iasachtaí, nótaí, bannaí agus morgáistí — faigheann eintiteas airgead tirim agus tabharfaidh sé airgead tirim ar ais mar mhalairt air sin;
  - (b) dlíteanas faoi shocrú maoiniúcháin soláthróra nuair a dhí- aithnítear an tsuim iníoctha ar earraí nó ar sheirbhísí — déantar eintiteas a urscaoileadh ón dlíteanas airgeadais i leith na n- earraí nó na seirbhísí agus tabharfaidh sé airgead tirim ar ais mar mhalairt;
  - (c) banna a shocrófar trí scaireanna eintitis a sholáthar — faigheann eintiteas airgead tirim agus tabharfaidh sé a ionstraimí cothromais dílse ar ais mar mhalairt; agus
  - (d) oibleagáid ar eintiteas a ionstraimí cothromais dílse a cheannach — faigheann eintiteas a ionstraimí cothromais dílse agus tabharfaidh sé airgead tirim ar ais mar mhalairt air sin.
- B52 Áirítear an méid seo a leanas le samplaí d'ioncam agus de chostais ó dhlíteanais den sórt sin lena gceanglaítear ar eintiteas le mír 60 iad a aicmiú sa chatagóir maoiniúcháin:
- (a) costais úis (ar ionstraimí fiachais eisithe, mar shampla);
  - (b) gnóthachain agus caillteanais ar luach cóir (ar dhlíteanas a ainmnítear ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, mar shampla);
  - (c) díbhinní ar scaireanna eisithe a aicmítear mar dhlíteanais; agus
  - (d) ioncam agus costais ó dhí- aithint an dlíteanais (féach mír B61).

### ***Dlíteanais a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann le maoiniú a thiomsú amháin***

- B53 Ceanglaítear le mír 59(b) ar eintiteas dlíteanais a shainithint a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann le maoiniú a thiomsú amháin. Áirítear an méid seo a leanas leis na dlíteanais sin:
- (a) suimeanna iníoctha ar earraí nó ar sheirbhísí a shocrófar in airgead tirim — faigheann eintiteas earraí nó seirbhísí, ní maoiniú san fhoirm a bhfuil tuairisc uirthi i mír B50(a);
  - (b) dlíteanais chonartha — tabharfaidh eintiteas earraí agus seirbhísí ar ais, ní airgead tirim nó a ionstraimí cothromais dílse mar a dtugtar tuairisc air i mír B50(b);
  - (c) dlíteanais léasa — faigheann eintiteas sócmhainn lena ngabhann ceart úsáide, ní maoiniú san fhoirm a bhfuil tuairisc uirthi i mír B50(a);
  - (d) dlíteanais phinsin le sochar sainithe — faigheann eintiteas seirbhísí fostaithe, ní maoiniú san fhoirm a bhfuil tuairisc uirthi i mír B50(a);
  - (e) forálacha maidir le díchoimisiúnú nó athbhunú sócmhainní — faigheann eintiteas sócmhainn nach maoiniú í san fhoirm a bhfuil tuairisc uirthi i mír B50(a); agus
  - (f) foráil dlíthíochta — ní fhaigheann eintiteas maoiniú mar a thuairiscítear i mír B50(a).

- B54 Áirítear an méid seo a leanas le samplaí d'ioncam agus de chostais ó dhliteanais den sórt sin lena gceanglaítear ar eintiteas le mír 61 iad a aicmiú sa chatagóir maoiniúcháin:
- (a) costais úis ar shuimeanna iníoctha a eascraíonn as earraí nó seirbhísí a cheannach, agus IFRS 9 á chur i bhfeidhm;
  - (b) costais úis ar dhliteanas conartha ag a bhfuil comhpháirt mhór maoiniúcháin mar a shonraítear le IFRS 15;
  - (c) costais úis ar dhliteanas léasa, agus IFRS 16 á chur i bhfeidhm;
  - (d) glanchostas úis (ioncam) ar ghlandlitéanas sochair shainithe (sócmhainn), agus IAS 19 á chur i bhfeidhm; agus
  - (e) an méadú ar mhéid lascainithe soláthair a eascraíonn as imeacht ama agus an éifeacht a bheadh ag aon athrú ar an ráta lascaine ar sholáthairtí, agus IAS 37 á chur i bhfeidhm.
- B55 Áirítear an méid seo a leanas le samplaí d'ioncam agus de chostais a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann le maoiniú a thiomsú amháin ach nach dtagann faoi raon feidhme mhír 61, agus a aicmítear dá réir sin sa chatagóir oibriúcháin:
- (a) costais arna n- aithint chun na hearraí nó na seirbhísí ceannaithe a bhfuil tuairisc air i mír B54(a) a ídiú;
  - (b) costas seirbhíse reatha agus seirbhíse roimhe seo a eascraíonn as plean sochair shainithe, agus IAS 19 á chur i bhfeidhm; agus
  - (c) atomhais ar luach cóir dliteanais le haghaidh comaoin theagmhasach i gcomhcheangal idir gnólachtaí a aithnítear agus IFRS 3 *Comhcheangail idir Gnólachtaí* á chur i bhfeidhm.

***Aicmiú ioncaim agus costas ó chonarthaí hibrídeacha ina bhfuil óstach ar dliteanas é***

- B56 Braitheann an chaoi a n- aicmíonn eintiteas ioncam agus costais ó chonradh hibrídeach le hóstach ar dliteanas é ar cé acu atá nó nach bhfuil an díorthach leabaithe scartha ón gconradh óstaigh. Má tá an díorthach leabaithe:
- (a) scartha ón dliteanas óstaigh:
    - (i) i gcás an dliteanais óstaigh scartha — cuireann eintiteas na ceanglais maidir le hioncam agus costais ó dhliteanais i bhfeidhm, mar a shonraítear i míreanna 52, 59- 61, 64(b) agus 65- 66; agus
    - (ii) i gcás an díorthaigh leabaithe scartha — cuireann eintiteas na ceanglais maidir le hioncam agus costais ó dhíorthaigh i bhfeidhm, mar a shonraítear i míreanna B70- B76;
  - (b) gan a bheith scartha ón dliteanas óstaigh agus má eascraíonn an conradh hibrídeach as idirbheart nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú — cuireann eintiteas na ceanglais maidir le dliteanais a eascraíonn as idirbhearta den sórt sin i bhfeidhm, mar a shonraítear i míreanna 52, 60 agus 65- 66;
  - (c) gan a bheith scartha ón dliteanas óstaigh agus mura n- eascraíonn an conradh hibrídeach as idirbheart nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú:
    - (i) más dliteanas airgeadais é an dliteanas óstaigh a thagann faoi raon feidhme IFRS 9 a thomhaistear ar chostas amúchta — aicmíonn eintiteas sa chatagóir maoiniúcháin ioncam agus costais a shonraítear i mír 60 ón gconradh tar éis aitheantas tosaigh (in ionad an ioncaim agus na gcostas a shonraítear i mír 61) (féach mír B59);
    - (ii) más conradh árachais faoi raon feidhme IFRS 17 é an conradh hibrídeach — cuireann eintiteas na ceanglais i míreanna 52 agus 64(b) i bhfeidhm; agus
    - (iii) murach sin — cuireann eintiteas na ceanglais maidir le hioncam agus costais ó dhliteanais a eascraíonn as idirbhearta den sórt sin i bhfeidhm, mar a shonraítear i míreanna 52 agus 61.
- B57 Cuirfidh eintiteas míreanna B56(b) agus B56(c) i bhfeidhm maidir le gach conradh hibrídeach ina bhfuil dliteanas óstaigh nach bhfuil an díorthach leabaithe scartha ina leith, bíodh an díorthach leabaithe scartha ag an eintiteas a chuireann mír 4.3.3 de IFRS 9 i bhfeidhm nó a chuireann mír 4.3.5 de IFRS 9 i bhfeidhm.

***Dlíteanais a eascraíonn as conarthaí infheistíochta eisithe ina bhfuil gnéithe rannpháirtíochta***

- B58 Leagtar amach le mír 64(a) ceanglais maidir le hioncam agus costais ó dhlíteanais a eascraíonn as conarthaí infheistíochta eisithe le gnéithe rannpháirtíochta arna n- aithint agus IFRS 9 á chur i bhfeidhm. Seo a leanas samplaí de chonarthaí infheistíochta den sórt sin:
- (a) conradh infheistíochta ina bhfuil gnéithe rannpháirtíochta arna eisiúint ag árachóir nach gcomhlíonann an sainmhíniú in IFRS 17 ar chonradh infheistíochta ina bhfuil gnéithe rannpháirtíochta lánroghnacha; agus
  - (b) conradh infheistíochta le gnéithe rannpháirtíochta arna eisiúint ag eintiteas infheistíochta.

***Ioncam agus costais arna n- aicmiú sa chatagóir oibriúcháin ag eintiteas a sholáthraíonn maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó***

- B59 Ceanglaítear le mír 65 ar eintiteas a sholáthraíonn maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó ioncam agus costais ó chuid de na dlíteanais, nó ó na dlíteanais uile, a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú, a aicmiú sa chatagóir oibriúcháin. Cuirfidh eintiteas na ceanglais sa mhír sin i bhfeidhm freisin maidir le hioncam agus costais ó dhíorthach a bhaineann le hidirbheart nach mbaineann leis ach an tiomsú maoinithe a shonraítear i mír B73(a), ach ní maidir leis an ioncam agus na costais ó chonradh hibrideach a shonraítear i mír B56(c)(i).

***Dí- aithint agus athruithe ar aicmiú***

***Dí- aithint sócmhainne nó dlíteanais, nó aicmiú agus atomhas sócmhainne mar shócmhainn arna sealbhú le díol***

- B60 Tagraíonn míreanna B47(g) agus B49(e) d'ioncam agus do chostais ó dhí- aithint sócmhainne, nó ó na haicmiú mar shócmhainn arna sealbhú le díol. Aicmeoidh eintiteas ioncam agus costais ar dhí- aithint sócmhainne, nó ar a haicmiú mar shócmhainn arna sealbhú le díol agus aon tomhas ina dhiaidh sin agus í á sealbhú le díol, sa chatagóir chéanna ina ndearna sé an t- ioncam agus na costais ón tsócmhainn a aicmiú díreach roimh a dí- aithint. Aicmeoidh eintiteas gnóthachain agus cailiteanais, mar shampla, mar seo a leanas:
- (a) ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh — sa chatagóir oibriúcháin;
  - (b) ar dhiúscairt réadmhaoine infheistíochta nach n- infheistíonn eintiteas inti mar phríomhghníomhaíocht ghnó — sa chatagóir infheistíochta; agus
  - (c) ón atomhas ar infheistíocht i ngnólacht comhlachaithe a ndearnadh cuntas uirthi roimhe sin trí úsáid a bhaint as modh an chothromais ar fháil chéimneach fochuideachta — sa chatagóir infheistíochta.
- B61 Aicmeoidh eintiteas ioncam agus costais ó dhí- aithint dlíteanais trí na ceanglais i míreanna 52 agus 59- 60 a chur i bhfeidhm. Aicmíonn an t- eintiteas ioncam agus costais ó dhí- aithint dlíteanais, mar shampla, mar seo a leanas:
- (a) sa chatagóir maoiniúcháin — má eascraíonn an dlíteanas as idirbheart nach mbaineann ach le heintiteas a thiomsaíonn maoiniú ach nach soláthraíonn maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó; agus
  - (b) sa chatagóir oibriúcháin — más rud é, mar chuid de shocrú maoiniúcháin soláthróra, go ndí- aithníonn eintiteas suim iníoctha le soláthróir agus go n- aithníonn sé dlíteanas faoin socrú sin.

***Athrú ar úsáid sócmhainne***

- B62 D'fhéadfadh idirbheart nó teagmhas eile athrú a dhéanamh ar an gcatagóir sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas ina n- aicmíonn eintiteas ioncam agus costais ó shócmhainn, gan an tsócmhainn a dhí- aithint. I gcásanna den sórt sin, aicmeoidh eintiteas an t- ioncam agus na costais ón idirbheart nó ón teagmhas eile sa chatagóir inar aicmigh sé ioncam agus costais ón tsócmhainn díreach roimh an idirbheart nó an teagmhas. Aicmeoidh eintiteas sa chatagóir oibriúcháin, mar shampla, aon ioncam nó costas a aithnítear sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas ar aistriú réadmhaoine ó raon feidhme IAS 16 chuig réadmhaoin infheistíochta faoi raon feidhme IAS 40.

## **Grúpaí sócmhainní agus dliteanas**

- B63 Leagtar amach le míreanna B60- B62 ceanglais maidir le hioncam agus costais ó shócmhainn nó ó dhliteanas óna dí- aithint, óna haicmiú agus óna tomhas ina dhiaidh sin agus í á sealbhú le díol, nó óna hathrú ar úsáid. D'fhéadfadh na torthaí sin le haghaidh grúpa sócmhainní (nó grúpa sócmhainní agus dliteanas) a ghin ioncam agus costais a d'aicmigh eintiteas i gcatagóirí difriúla díreach roimh an idirbheart nó teagmhas eile a bheith mar thoradh ar idirbheart nó teagmhas eile. Aicmeoidh eintiteas ioncam nó costais ó idirbheart nó ó theagmhas eile den sórt sin mar seo a leanas:
- (a) sa chatagóir infheistíochta más rud é, seachas aon sócmhainn cánach ioncaim, gur ghin na sócmhainní uile sa ghrúpa ioncam agus costais a d'aicmigh an t- eintiteas sa chatagóir infheistíochta díreach roimh an idirbheart nó teagmhas eile; agus
  - (b) sa chatagóir oibriúcháin murach sin.
- B64 Aicmíonn eintiteas mar seo a leanas, mar shampla:
- (a) sa chatagóir oibriúcháin — gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairt fochuideachta comhdhlúite, má bhí sócmhainní san áireamh leis an bhfochuideachta lenar gineadh ioncam agus costais a d'aicmigh an t- eintiteas sa chatagóir oibriúcháin díreach roimh an diúscairt. Áirítear leis na gnóthachain agus caillteanais athaicmiú ó chothromas go brabús nó caillteanas difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte a cheanglaítear le mír 48 de IAS 21.
  - (b) sa chatagóir oibriúcháin — caillteanas lagaithe a eascraíonn as grúpa diúscartha a aicmiú mar ghrúpa arna shealbhú le díol ag an eintiteas a chuireann IFRS 5 i bhfeidhm, má bhí sócmhainní san áireamh leis an ngrúpa diúscartha lenar gineadh ioncam agus costais a d'aicmigh an t- eintiteas sa chatagóir oibriúcháin díreach roimh a aicmiú mar ghrúpa arna shealbhú le díol.
  - (c) sa chatagóir infheistíochta — gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairt fochuideachta comhdhlúite, más rud é gur réadmhaoine infheistíochta amháin iad sócmhainní na fochuideachta nár infheistigh an t- eintiteas tuairiscithe comhdhlúite ann mar phríomhghníomhaíocht ghnó agus sócmhainní cánach ioncaim gaolmhara. Áirítear leis na gnóthachain agus caillteanais athaicmiú ó chothromas go brabús nó caillteanas difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte a cheanglaítear le mír 48 de IAS 21.

## **Aicmiú na ndifríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte agus an ghnóthachain nó an chaillteanais ar an suíomh glan airgeadaíochta**

- B65 Chun mír 47 a chur i bhfeidhm, aicmeoidh eintiteas difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus IAS 21 á chur i bhfeidhm sa chatagóir chéanna leis an ioncam agus na costais ó na míreanna as ar eascair na difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte eachtraí, ach amháin i gcás ina mbeadh costas míchuí nó iarracht mhíchuí i gceist dá ndéanfaí amhlaidh (féach mír B68).
- B66 Aicmíonn eintiteas difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte mar seo a leanas, mar shampla:
- (a) i gcás infháiltais a bhfuil tuairisc orthu i mír B48(b) a ainmnítear in airgeadra eachtrach, sa chatagóir chéanna leis an ioncam agus na costais ón tsócmhainn sin — is é sin, sa chatagóir oibriúcháin; agus
  - (b) i gcás ionstraim fiachais ar dliteanas í a bhfuil tuairisc uirthi i mír B51(a) a ainmnítear in airgeadra eachtrach, sa chatagóir chéanna leis an ioncam agus na costais ar an dliteanas sin — is é sin, sa chatagóir maoiniúcháin (mura soláthraíonn an t- eintiteas maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó agus mura n- aicmíonn sé an t- ioncam agus na costais ón dliteanas sa chatagóir oibriúcháin agus mír 65 á cur i bhfeidhm).
- B67 D'fhéadfadh eintiteas ioncam agus costais a aicmiú i níos mó ná catagóir amháin ó idirbheart nach mbaineann le maoiniú a thiomsú amháin. Mar shampla, d'fhéadfadh ceannach seirbhísí in idirbheart a ainmnítear in airgeadra eachtrach agus a chaibidlítear ar théarmaí creidmheasa leathnaithe a bheith ina chúis le costas chun na seirbhísí a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin a cheannach (féach mír B55(a)) agus le costais úis a aicmítear sa chatagóir maoiniúcháin (féach mír B54(a)). I gcásanna den sórt sin, faoi réir mhír B68, úsáidfídh eintiteas a bhreithiúnas chun a chinneadh cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an difríocht luacha de bharr athrú sa ráta malairte leis an méid a aicmítear sa chatagóir maoiniúcháin — agus aicmeoidh sé í sa chatagóir sin — nó cé acu a bhaineann nó nach mbaineann sí leis an méid a aicmítear i gcatagóir eile — agus aicmeoidh sé í sa chatagóir sin. Ní leithdháilfidh eintiteas idir catagóirí difríocht luacha de bharr athrú sa ráta malairte a eascraíonn as dliteanas ó idirbheart nach mbaineann le maoiniú a thiomsú amháin. Agus a bhreithiúnais á ndéanamh aige maidir le conas na difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte a aicmiú, ní gá d'eintiteas na difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte maidir le gach dliteanas den sórt sin a aicmiú sa chatagóir chéanna. Aicmeoidh eintiteas sa chatagóir chéanna difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte ar dhliteanais chomhchosúla, áfach.

- B68 Dá mbeadh costas nó iarracht mhíchuí ag baint leis na ceanglais i míreanna B65 agus B67 a chur i bhfeidhm, aicmeoidh eintiteas na difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte dá ndéantar difear sa chatagóir oibriúcháin ina ionad sin. Déanfaidh eintiteas measúnú ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann costas nó iarracht mhíchuí le difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte a aicmiú mar a dtugtar tuairisc air i míreanna B65 agus B67 le haghaidh gach míre as a n- eascraíonn difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte. Baineann an measúnú go sonrach leis na fíorais agus na himthosca a bhaineann le gach mír. Má bhaineann na fíorais agus na himthosca céanna le roinnt míreanna, d'fhéadfadh eintiteas an measúnú céanna a chur i bhfeidhm maidir le gach ceann de na míreanna.
- B69 Agus mír 28 de IAS 29 *Tuairisciú Airgeadais i nGeilleagair Hipearbhoilscitheacha* á cur i bhfeidhm, d'fhéadfadh eintiteas an gnóthachan nó an caillteanas ar an suíomh glan airgeadaíochta a chur i láthair le míreanna eile ioncam agus costas atá bainteach leis an suíomh glan airgeadaíochta, amhail ioncam úis agus costais úis agus difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte. Mura gcuireann an t- eintiteas an gnóthachan nó an caillteanas ar an suíomh glan airgeadaíochta i láthair leis an ioncam agus na costais ghaolmhara, aicmeoidh sé an gnóthachan nó an caillteanas sa chatagóir oibriúcháin.

### **Gnóthachain agus caillteanais ar dhíorthaigh agus ar ionstraimí fálaithe ainmnithe a aicmiú**

- B70 Ceanglaítear le mír 47 ar eintiteas ioncam agus costais a aicmiú i gcatagóirí sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas. Chun mír 47 a chur i bhfeidhm, aicmeoidh eintiteas gnóthachain agus caillteanais a áirítear leis an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas ar ionstraim airgeadais a ainmnítear mar ionstraim fálaithe agus IFRS 9 á chur i bhfeidhm sa chatagóir chéanna leis an ioncam agus leis na costais dá ndéantar difear leis na rioscaí dá n- úsáidtear an ionstraim airgeadais lena mbainistiú. Dá mba ghá gnóthachain agus caillteanais a ollardú chun é sin a dhéanamh, áfach, aicmeoidh eintiteas na gnóthachain agus caillteanais sin uile sa chatagóir oibriúcháin (féach míreanna B74- B75).
- B71 Aicmeoidh eintiteas gnóthachain agus caillteanais ar ghné neamhainmnithe d'ionstraim fálaithe ainmnithe sa chatagóir chéanna le gnóthachain agus caillteanais ar an ngné ainmnithe. Aicmeoidh eintiteas codanna neamhéifeachtacha de ghnóthachan nó caillteanas sa chatagóir chéanna leis na codanna éifeachtacha.
- B72 Cuirfidh eintiteas na ceanglais i mír B70 i bhfeidhm freisin maidir le gnóthachain agus caillteanais ar dhíorthach nach n- ainmnítear mar ionstraim fálaithe agus IFRS 9 á gcur i bhfeidhm, ach a úsáidtear chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú. Dá n- éileofaí ollardú gnóthachan nó caillteanas (féach míreanna B74- B75) nó dá mbainfeadh costas nó iarracht mhíchuí leis sin, áfach, déanfaidh an t- eintiteas na gnóthachain agus caillteanais uile ar an díorthach a aicmiú sa chatagóir oibriúcháin ina ionad sin.
- B73 Aicmeoidh eintiteas gnóthachain agus caillteanais ar dhíorthach nach n- úsáidtear chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú mar seo a leanas:
- (a) sa chatagóir maoiniúcháin, má bhaineann an díorthach le hidirbheart nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú (céadrogha ar cheannach ceannaithe, mar shampla, lena gceadaítear don eintiteas eisiúna méid seasta airgeadra eachtraigh a mhalartú ar líon seasta d'ionstraimí cothromais an eintitis), ach amháin má aicmíonn an t- eintiteas a sholáthraíonn maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó na gnóthachain agus na caillteanais sa chatagóir oibriúcháin agus mír B59 á cur i bhfeidhm; agus
  - (b) sa chatagóir oibriúcháin, mura gcomhlíontar na coinníollacha in (a).
- B74 Le míreanna B70 agus B72, toirmeasctar gnóthachain agus caillteanais a ollardú ar ionstraimí airgeadais a ainmnítear mar ionstraimí fálaithe agus díorthaigh nach n- ainmnítear mar ionstraimí fálaithe. D'fhéadfadh ollardú gnóthachan agus caillteanas eascairt as cásanna mar seo a leanas:
- (a) úsáideann eintiteas ionstraimí airgeadais den sórt sin chun bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le grúpa míreanna ag a bhfuil suíomhanna riosca fritháirimh (féach mír 6.6.1 de IFRS 9 le haghaidh na gcritéar go mbeidh grúpa míreanna ina mhír fhálaithe incháilithe); agus
  - (b) déanann na rioscaí a bhainistítear difear do mhíreanna líne i nós mó ná catagóirí amháin den ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.
- B75 Féadfaidh eintiteas díorthach a úsáid, mar shampla, chun bainistíocht a dhéanamh ar an nglanriosca malairte eachtraí ar ioncam (a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin) agus ar chostais úis (a aicmítear sa chatagóir maoiniúcháin). I gcásanna den sórt sin, déantar na difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte ar an ioncam a fhritháireamh leis na difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte ar na costais úis agus na gnóthachain nó caillteanais ar an díorthach. Aicmíonn an t- eintiteas na difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte ar an ioncam i gcatagóir atá difriúil leis na difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte ar na costais úis, áfach. Chun an gnóthachan nó an caillteanas ar an díorthach a chur i láthair i ngach catagóir, bheadh ar eintiteas gnóthachan nó caillteanas níos mó a chur i láthair i ngach catagóir ná mar a tharla ar an

díorthach. Agus na ceanglais i míreanna B70- B73 á gcur i bhfeidhm, ní dhéanfaidh eintiteas na gnóthachain ná na caillteanas a ollardú ar an mbealach sin agus ina ionad sin aicmeoidh sé aon ghnóthachan nó aon chaillteanas ar an díorthach sa chatagóir oibriúcháin.

- B76 Ní shonraítear leis na ceanglais i míreanna B70- B75 ach conas ioncam agus costais a aicmiú i gcatagóirí an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas. Ní fhorordaítear leo an mhír líne (nó míreanna líne) chun ioncam agus costais den sórt sin a áireamh, ná ní sháraítear leo na ceanglais i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS eile.

## **Míreanna atá le cur i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas nó atá le nochtadh sna nótaí**

- B77 D'fhéadfaí a cheangal ar eintiteas mír líne a liostaítear i mír 75, nó a shonraítear i gCaighdeán Cuntasaíochta IFRS eile, a chur i láthair i níos mó ná ceann amháin de na catagóirí a liostaítear i mír 47. D'fhéadfaí a cheangal ar eintiteas nach n- infheistíonn i sócmhainní ná nach soláthraíonn maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó, mar shampla, an mhír líne a shonraítear i mír 75(b)(ii) de chaillteanas lagaithe a chinntear i gcomhréir le Roinn 5.5 de IFRS 9 a chur i láthair i gceann de na catagóirí seo a leanas:

- (a) an chatagóir oibriúcháin — má bhaineann sí le hinfháltais le haghaidh earraí agus seirbhísí mar a bhfuil tuairisc uirthi i mír B48(b); agus
- (b) an chatagóir infheistíochta — má bhaineann sí le sócmhainní airgeadais a ghineann toradh go haonarach agus go neamhspleách den chuid is mó ar acmhainní eile an eintitis mar a dtugtar tuairisc air i mír B46.

- B78 Le míreanna 24 agus 41(c), ceanglaítear ar eintiteas míreanna líne breise a chur i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas más gá déanamh amhlaidh chun achoimre struchtúrtha úsáideach ar ioncam agus ar chostais an eintitis a sholáthar. Úsáideann eintiteas a bhreithiúnas chun an cinneadh sin a dhéanamh (lena n- áirítear cé acu is gá nó nach gá na míreanna líne a liostaítear i mír 75 a dhí- chomhiomlánú). Ceanglaítear le míreanna 20 agus 41(d) ar eintiteas míreanna a dhí- chomhiomlánú chun faisnéis ábhartha a nochtadh sna nótaí. Úsáideann eintiteas a bhreithiúnas freisin chun an cinneadh sin a dhéanamh. Ceanglaítear le mír 41 ar an eintiteas a bhreithiúnas a bhunú ar mheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil saintréithe comhroinnte (saintréithe comhchosúla) nó saintréithe nach bhfuil comhroinnte (saintréithe neamhchosúla) ag na míreanna. Áirítear leis na saintréithe sin na nithe seo a leanas:

- (a) cineál (féach mír 80);
- (b) feidhm (ról) laistigh de ghníomhaíochtaí gnó an eintitis (féach mír 81);
- (c) seasmhacht (lena n- áirítear minicíocht na míre ioncaim nó costais nó cé acu athfhillteach nó neamh- athfhillteach atá sí);
- (d) bonn tomhais;
- (e) éiginnteacht tomhais nó éiginnteacht toraidh (nó rioscaí eile a bhaineann le mír);
- (f) méid;
- (g) suíomh geografach nó timpeallacht rialála;
- (h) iarmhairtí cánach (mar shampla, má tá feidhm ag rátaí cánach éagsúla maidir le míreanna ioncaim nó costais); agus
- (i) cé acu a eascraíonn an t- ioncam nó na costais as aitheantas tosaigh idirbhirt nó teagmhais nó as athrú ina dhiaidh sin ar mheastachán a bhaineann leis an idirbheart nó leis an imeacht.

- B79 Áirítear an méid seo a leanas le hioncam agus costais a bhféadfadh saintréithe atá neamhchosúil go leordhóthanach a bheith acu gur gá iad a chur i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas chun achoimre struchtúrtha úsáideach a sholáthar nó gur gá iad a nochtadh sna nótaí chun faisnéis ábhartha a sholáthar:

- (a) díluachálacha fardal, mar aon le cealuithe díluachálacha den sórt sin;
- (b) caillteanas lagaithe le haghaidh réadmhaoine, gléasra agus trealamh, mar aon le cealuithe caillteanas lagaithe den sórt sin;
- (c) ioncam agus costais ó athstruchtúrú gníomhaíochtaí eintitis agus cealuithe aon fhoráil maidir le hathstruchtúrú;
- (d) ioncam agus costais ó dhiúscairtí réadmhaoine, gléasra agus trealamh;
- (e) ioncam agus costais ó dhiúscairtí infheistíochtaí;
- (f) ioncam agus costais ó shocraíochtaí dlíthíochta;
- (g) cealuithe soláthairtí; agus

- (h) ioncam agus costais neamh- athfhillteacha nach n- áirítear in (a)- (g).

## **Costais a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin a chur i láthair agus a nochtadh**

### ***Saintréithe an chineáil agus na feidhme a úsáid***

- B80 Agus cinneadh á dhéanamh maidir le conas saintréithe an chineáil agus na feidhme a úsáid chun an achoimre struchtúrtha is úsáidí a sholáthar mar a cheanglaítear le mír 78, breithneoidh eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) cad iad na míreanna líne lena soláthraítear an fhaisnéis is úsáidí maidir le príomhghnéithe nó príomhspreagthaí bhrabúsachta an eintitis. Mar shampla, i gcás eintiteas miondíola, d'fhéadfadh costas díolachán a bheith ina phríomhghné nó ina phríomhspreagadh brabúsachta. Dá gcuirfí mír líne maidir le costas díolachán i láthair, d'fhéadfaí faisnéis ábhartha a sholáthar faoi cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis an ioncam a ghintear ó dhíol earraí na costais dhíreacha den chuid is mó, i gcás miondíoltóirí, agus faoin gcorrlach faoina gcumhdaítear iad. Mar sin féin, ní dócha go gcuirfidh costas na ndíolachán faisnéis ábhartha ar fáil faoi ghnéithe nó spreagthaí tábhachtacha na brabúsachta mura bhfuil an nasc idir ioncam agus costais chomh díreach céanna. I gcás roinnt eintiteas seirbhíse, mar shampla, d'fhéadfadh faisnéis faoi chostais oibriúcháin a aicmítear de réir cineáil, amhail sochair fostaithe, a bheith níos ábhartha d'úsáideoirí ráiteas airgeadais toisc gurb iad na costais sin príomhspreagthaí na brabúsachta.
  - (b) cad iad na míreanna líne is dlúithe a léiríonn an bealach a bhainistítear an ghnólacht agus conas a thuairiscíonn an lucht bainistíochta go hinmheánach. Mar shampla, d'fhéadfadh eintiteas monaraíochta a bhainistítear ar bhonn mórfheidhmeanna costais a aicmiú de réir feidhme chun críoch tuairiscithe inmheánaigh. Os a choinne sin, d'fhéadfadh eintiteas ag a bhfuil príomhfeidhm aonair, amhail maoiniú a sholáthar do chustaiméirí, a chinneadh go soláthraítear le míreanna líne ina gcumaisítear costais a aicmítear de réir cineáil an fhaisnéis is úsáidí chun críoch tuairiscithe inmheánaigh.
  - (c) cad atá i gceist le gnáthchleachtas tionscail. Má aicmíonn eintitis i dtionscal costais ar an mbealach céanna, is fusa d'úsáideoirí ráiteas airgeadais costais idir eintitis sa tionscal céanna a chur i gcomparáid le chéile.
  - (d) cé acu a bheadh nó nach mbeadh leithdháileadh costas áirithe ar fheidhmeanna treallach a mhéid nach soláthródh na míreanna líne a chuirtear i láthair léiriú dílis ar na feidhmeanna. I gcásanna den sórt sin, aicmeoidh eintiteas na costais sin de réir cineáil.
- B81 I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh eintiteas atá ag breithniú na bhfachtóirí a leagtar amach i mír B80 a chinneadh go soláthraítear an achoimre struchtúrtha is úsáidí agus roinnt costas á n- aicmiú agus á gcur i láthair de réir cineáil agus costas eile de réir feidhme. Mar shampla:
- (a) d'fhéadfadh na fachtóirí i míreanna B80(a)- (b) a léiriú go soláthraítear an achoimre struchtúrtha is úsáidí trí chostais a aicmiú agus a chur i láthair de réir feidhme, cé is moite de chostais áirithe a mbeadh an leithdháileadh ar fheidhmeanna treallach ina leith (féach mír B80(d)); agus
  - (b) d'fhéadfadh eintiteas a bhfuil dhá chineál éagsúla príomhghníomhaíochtaí gnó aige roinnt costas a aicmiú agus a chur i láthair de réir feidhme agus costais eile de réir cineáil chun faisnéis a sholáthar faoi príomhspreagthaí a bhrabúsachta.
- B82 Má dhéanann eintiteas roinnt costas de réir cineáil agus costais eile de réir feidhme a aicmiú agus a chur i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas, déanfaidh sé na míreanna líne a eascraíonn as sin a lipéadú ar bhealach lena sainaithnítear go soiléir na costais a áirítear le gach mír líne. Mar shampla, má áiríonn eintiteas roinnt sochar fostaithe le mír líne feidhme agus sochair eile fostaithe i mír líne cineáil, shainaithneofaí go soiléir ar an lipéad le haghaidh na míre líne cineáil nach n- áirítear leis na sochair fostaithe uile (mar shampla, 'sochair fostaithe seachas na sochair sin a áirítear le costas díolachán').
- B83 Agus mír 30 á cur i bhfeidhm, déanfaidh eintiteas costais a aicmiú agus a chur i láthair go comhsheasmhach ó thréimhse tuairiscithe amháin go dtí an chéad thréimhse thuairiscithe eile mura bhfuil feidhm ag míreanna 30(a) nó 30(b). Mar shampla, má chuireann eintiteas lagú ar cháilmheas i láthair mar mhír líne cineáil i dtréimhse tuairiscithe amháin, cuirfidh sé aon lagú comhchosúil ar cháilmheas i láthair freisin mar mhír líne cineáil i dtréimhsí tuairiscithe ina dhiaidh sin mura bhfuil feidhm ag míreanna 30(a) nó 30(b). Mura ndéantar lagú comhchosúil ar cháilmheas i dtréimhse ina dhiaidh sin, ní hionann costas nialasach sa thréimhse sin ina dhiaidh sin agus athrú ar aicmiú agus ar chur i láthair.
- B84 Cuirfidh eintiteas costais i láthair de réir cineáil, nó nochtfaidh sé roinnt costas de réir cineáil trí mhír 83 a chur i bhfeidhm. Ní gá gurb iad na méideanna a aithnítear mar chostas sa thréimhse na méideanna a chuirtear i láthair nó a nochtar. D'fhéadfaí a áireamh leo méideanna a aithníodh mar chuid de shuim ghlanluacha sócmhainne. Más rud é go ndéanann eintiteas:

- (a) méideanna a chur i láthair nach iad na méideanna a aithnítear mar chostas sa tréimhse iad, cuirfidh sé mír líne bhreise i láthair freisin le haghaidh an athraithe ar shuim ghlanluacha na sócmhainní dá ndéantar difear. Mar shampla, agus mír 39 de IAS 2 á cur i bhfeidhm, d'fhéadfadh eintiteas mír líne a chur i láthair le haghaidh athruithe ar fhardail earraí críochnaithe agus obair idir lámha.
- (b) agus mír 83(b) á cur i bhfeidhm aige, méideanna a nochtadh nach iad na méideanna a aithnítear mar chostas sa tréimhse, tabharfaidh an t-eintiteas míniú cáilíochtúil ar an bhfioras sin, lena sainaitheofar na sócmhainní lena mbaineann.

### ***Comhiomlánú na gcostas oibriúcháin***

- B85 Chun mír 78 a chur i bhfeidhm, breithneoidh eintiteas cén leibhéal comhiomlánaithe le haghaidh costais oibriúcháin a sholáthraíonn an achoimre struchtúrtha is úsáidí. Mar shampla, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí riaracháin éagsúla a bheith ag eintiteas (amhail acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, dlí agus cuntasaíocht). Chun achoimre struchtúrtha úsáideach a sholáthar, d'fhéadfadh an t-eintiteas costais oibriúcháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a chomhiomlánú bunaithe ar a saintréith chomhroinnte — is costais iad uile le haghaidh acmhainní a ídítear i ngníomhaíochtaí riaracháin. Dá réir sin, d'fhéadfadh an t-eintiteas iad a chur i láthair i mír líne a lipéadaítear mar 'chostais riaracháin'. D'fhéadfadh sé go mbeidh costais ag an eintiteas freisin maidir le hacmhainní a ídítear i ngníomhaíochtaí díola. Tá saintréith neamhchosúil ag na costais sin ó na costais riaracháin — eascraíonn costais díola as acmhainní a ídítear i ngníomhaíochtaí díola agus eascraíonn costais riaracháin as acmhainní a ídítear i ngníomhaíochtaí riaracháin. Tá na saintréithe sin neamhchosúil go leordhóthanach go bhféadfaí gá a bheith le dí-chomhiomlánú — cur i láthair i míreanna líne ar leithligh le haghaidh costais díola agus costais riaracháin — chun achoimre struchtúrtha úsáideach ar chostais an eintitis a sholáthar.

## **Ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair**

### **Ioncam cuimsitheach eile**

- B86 Sonraítear le roinnt Caighdeán Cuntasaíochta IFRS imthosca ina n-áiríonn eintiteas míreanna áirithe lasmuigh den ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas sa tréimhse thuairiscithe reatha. Sonraítear dhá imthoisc den sórt sin le IAS 8: ceartú earráidí agus iarmhairt athruithe ar bheartais chuntasaíochta. Le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS eile, ceanglaítear ar eintiteas gnéithe d'ioncam cuimsitheach eile a chomhlíonann sainmhíniú an *Chreata Choincheapúil le haghaidh Tuairiscíú Airgeadais* ar ioncam nó ar chostais a eisiamh ó bhrabús nó caillteanas (féach mír B87).
- B87 Le hAguisín A, sainmhínítear 'ioncam cuimsitheach eile'. Áirítear an méid seo a leanas le gnéithe d'ioncam cuimsitheach eile:
- (a) athruithe ar bharrachas athluachála (féach IAS 16 agus IAS 38);
  - (b) atomhais ar phleananna sochair shainithe (féach IAS 19);
  - (c) gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as ráitis airgeadais oibríochta eachtraí a aistriú (féach IAS 21);
  - (d) gnóthachain agus caillteanais ó infheistíochtaí in ionstraimí cothromais a ainmnítear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 5.7.5 de IFRS 9;
  - (e) gnóthachain agus caillteanais ar shócmhainní airgeadais arna dtomhas ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2A de IFRS 9;
  - (f) an sciar éifeachtach de ghnóthachain agus de chaillteanais ar ionstraimí fálaithe i bhfálú ar an sreabhadh airgid agus na gnóthachain agus na caillteanais ar ionstraimí fálaithe a fhálaíonn infheistíochtaí in ionstraimí cothromais a ainmnítear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 5.7.5 de IFRS 9 (féach Caibidil 6 de IFRS 9);
  - (g) i gcás dliteanais áirithe a ainmnítear mar thomhaiste ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, méid an athraithe ar luach cóir atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa an dliteanais (féach mír 5.7.7 de IFRS 9);
  - (h) athruithe ar luach amluacha roghanna nuair a scartar luach intreach agus amluach conartha céadrogha ó chéile agus nuair nach n-ainmnítear ach na hathruithe ar an luach intreach mar an ionstraim fálaithe (féach Caibidil 6 de IFRS 9);
  - (i) athruithe ar luach gnéithe réamhcheaptha de chonarthaí réamhcheaptha nuair a scartar an ghné réamhcheaptha agus an spotghné de chonradh réamhcheaptha ó chéile agus nuair nach

n- ainmnítear ach na hathruithe ar an spotghné mar an ionstraim fálaíthe, agus athruithe ar luach bhonn airgeadra eachtraigh an raoin difríochta ionstraime airgeadais nuair a eisiatar ó ainmniú na hionstraime airgeadais sin é mar an ionstraim fálaíthe (féach Caibidil 6 de IFRS 9);

- (j) ioncam airgeadais árachais agus costais airgeadais árachais ó chonarthaí a eisítear faoi raon feidhme IFRS 17 atá eisiata ó bhrabús nó caillteanas nuair atá an t- ioncam airgeadais árachais iomlán nó na costais airgeadais árachais iomlána dí- chomhiomlánaithe chun méid arna chinneadh le leithdháileadh córasach agus mír 88(b) de IFRS 17 á cur i bhfeidhm a áireamh mar bhrabús nó caillteanas, nó le méid lena gcuirtear deireadh le neamhréireanna cuntasáiochta leis an ioncam airgeadais nó leis na costais airgeadais a eascraíonn ar na míreanna forluiteacha, agus mír 89(b) de IFRS 17 á cur i bhfeidhm; agus
- (k) ioncam airgeadais agus costais airgeadais ó chonarthaí athárachais arna sealbhú eisiata ó bhrabús nó caillteanas nuair atá an t- ioncam airgeadais athárachais iomlán nó na costais airgeadais athárachais iomlána dí- chomhiomlánaithe chun méid arna chinneadh le leithdháileadh córasach agus mír 88(b) de IFRS 17 á cur i bhfeidhm a áireamh mar bhrabús nó caillteanas.

B88 Eascraíonn coigeartuithe athaicmithe as diúscairt oibríochta eachtraí (féach IAS 21), mar shampla, agus nuair a dhéanann roinnt sreafaí airgid réamhaisnéise fálaíthe difear do bhrabús nó caillteanas (féach mír 6.5.11(d) de IFRS 9 i ndáil le fáluite ar an sreabhaidh airgid).

B89 Ceanglaítear le mír 90 ar eintiteas coigeartuithe athaicmithe a bhaineann le gnéithe d'ioncam cuimsitheach eile a chur i láthair sa ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair nó a nochtadh sna nótaí. Ní eascraíonn coigeartuithe athaicmithe as athruithe ar bharrachas athluachála a aithnítear i gcomhréir le IAS 16 nó IAS 38 ná as atomhais ar phleananna sochar sainithe a aithnítear i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn eintiteas na gnéithe sin in ioncam cuimsitheach eile agus ní dhéanann sé iad a athaicmiú ina mbrabús nó caillteanas i dtréimhsí tuairiscithe ina dhiaidh sin. Féadfaidh eintiteas athruithe ar bharrachas athluachála a aistriú chuig tuilleamh coimeádta i dtréimhsí ina dhiaidh sin de réir mar a úsáidtear an tsócmhainn nó nuair a dhí- aithnítear í (féach IAS 16 agus IAS 38). I gcomhréir le IFRS 9, ní thagann coigeartuithe athaicmithe chun cinn más é an toradh atá ar an bhfálú ar an sreabhadh airgid nó ar chuntas a dhéanamh ar amluach rogha (nó ar ghné réamhcheaptha de chonradh réamhcheaptha nó ar bhonn airgeadra eachtraigh an raoin difríochta ionstraime airgeadais) go bhfuil méideanna ann a bhaineann eintiteas den chúlchiste um fhálú art an sreabhadh airgid nó de ghné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna, faoi seach, agus go n- áirítear go díreach iad leis an gcostas tosaigh nó le suim eile ghlánluacha sócmhainne nó dliteanais. Aistríonn eintiteas na méideanna sin go díreach chuig sócmhainní nó dliteanais.

## Ráiteas staide airgeadais

### Sócmhainní agus dliteanais a aicmiú mar shócmhainní agus dliteanais reatha nó neamhreatha

B90 Agus mír 96 á cur i bhfeidhm, i gcás ina soláthraíonn eintiteas earraí nó seirbhísí laistigh de thimthriall oibriúcháin atá inaitheanta go soiléir, soláthraítear faisnéis úsáideach le haicmiú ar leithligh sócmhainní agus dliteanas reatha agus neamhreatha sa ráiteas staide airgeadais trí idirdhealú a dhéanamh idir na glansócmhainní a bhíonn i gcúrsaíocht leanúnach mar chaipiteal oibre agus na glansócmhainní sin a úsáidtear in oibríochtaí fadtéarmacha an eintitis. Le haicmiú ar leithligh den sórt sin, cuirtear i dtábhacht freisin sócmhainní a bhfuil coinne ag eintiteas lena réadú laistigh den timthriall oibriúcháin reatha agus dliteanais atá le socrú laistigh den tréimhse chéanna.

B91 I gcás roinnt eintiteas, amhail institiúidí airgeadais, soláthraítear achoimre struchtúrtha níos úsáidí le cur i láthair sócmhainní agus dliteanas in ord méadaitheach nó laghdaitheach leachtachta ná cur i láthair reatha/neamhreatha toisc nach soláthraíonn an t- eintiteas earraí ná seirbhísí laistigh de thimthriall oibriúcháin atá inaitheanta go soiléir.

B92 Agus mír 96 á cur i bhfeidhm, ceadaítear d'eintiteas cuid dá shócmhainní agus dá dhliteanais a chur i láthair ag úsáid aicmiú reatha/neamhreatha agus cuid eile in ord leachtachta nuair a sholáthraíonn sé achoimre struchtúrtha níos úsáidí. D'fhéadfadh gá a bheith le bonn measctha cur i láthair nuair atá oibríochtaí ilghnéitheacha ag eintiteas.

B93 Tá faisnéis maidir le dátaí ionchasacha le haghaidh réadú sócmhainní agus dliteanas úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar leachtacht agus ar shócmhainneacht eintitis. Ceanglaítear le IFRS 7 go nochtfar an anailís aibíochta ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais. Áirítear le sócmhainní airgeadais infháltais trádála agus infháltais eile, agus áirítear le dliteanais airgeadais suimeanna iníoctha trádála agus eile. Is úsáideach freisin í faisnéis maidir le dáta ionchasach aisghabhála sócmhainní neamhairgeadaíochta, amhail fardail, agus an dáta ionchasach socraíochta dliteanas, amhail forálacha, bíodh sócmhainní agus dliteanais

aicmithe mar shócmhainní agus mar dhliteanais reatha nó neamhreatha. Nochtann eintiteas sna nótaí, mar shampla, an méid fardal a bhfuil coinne aige lena aisghabháil níos mó ná 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe.

## **Sócmhainní reatha**

- B94 Ceanglaítear le mír 100 ar eintiteas na sócmhainní uile nach n- aicmítear mar shócmhainní reatha a aicmiú mar shócmhainní neamhreatha. Úsáidtear an téarma ‘neamhreatha’ sa Chaighdeán seo chun sócmhainní inláimhsithe, doláimhsithe agus airgeadais de chineál fadtéarmach a chur san áireamh. Ní thoirmisctear leis tuairiscí malartacha a úsáid fad is atá an bhrí soiléir.
- B95 Is éard is timthriall oibriúcháin eintitis ann an méid ama idir sócmhainní a fháil le haghaidh a bpróiseála agus réadú na sócmhainní i bhfoirm airgid thirim nó i gcoibhéisí airgid thirim. Nuair nach bhfuil gnáth-thimthriall oibriúcháin eintitis inaitheanta go soiléir, glactar leis gur 12 mhí atá ann. Áirítear le sócmhainní reatha sócmhainní (amhail fardail agus infháiltais trádála) a dhíoltar, a ídítear nó a réadaítear mar chuid den ghnáth-thimthriall oibriúcháin fiú nuair nach bhfuil coinne leis go réadófar iad laistigh de 12 mhí i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe. Áirítear freisin le sócmhainní reatha sócmhainní arna sealbhú go príomha chun críche trádála (is samplaí díobh sin iad roinnt sócmhainní airgeadais a chomhlíonann an sainmhíniú in IFRS 9 ar shócmhainn arna sealbhú le trádáil) agus an chuid reatha de shócmhainní airgeadais neamhreatha.

## **Dlíteanais reatha**

### ***Gnáth-thimthriall oibriúcháin (féach mír 101(a))***

- B96 Tá roinnt dliteanas reatha, amhail suimeanna iníoctha trádála agus roinnt fabhruithe le haghaidh fostaithe agus costais oibriúcháin eile, mar chuid den chaipiteal oibre a úsáidtear i ngnáth- thimthriall oibriúcháin eintitis. Aicmíonn eintiteas míreanna den sórt sin mar dhlíteanais reatha fiú má tá siad le socrú níos mó ná 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe. Tá feidhm ag an ngnáth-thimthriall oibriúcháin céanna maidir le haicmiú shócmhainní agus dhlíteanais an eintitis. Nuair nach bhfuil gnáth-thimthriall oibriúcháin an eintitis inaitheanta go soiléir, glactar leis gur 12 mhí atá ann.

### ***Arna sealbhú go príomha chun críche trádála (féach mír 101(b)) nó atá le socrú laistigh de 12 mhí (féach mír 101(c))***

- B97 Ní shocraítear dlíteanais reatha eile mar chuid den ghnáth-thimthriall oibriúcháin, ach tá siad le socrú laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe nó sealbhaítear iad go príomha chun críche trádála. Is samplaí iad roinnt dlíteanais airgeadais a chomhlíonann an sainmhíniú ar ‘arna sealbhú le trádáil’ in IFRS 9, rótharraingtí bainc, agus an chuid reatha de dhlíteanais airgeadais neamhreatha, díbhinní iníoctha, cánacha ioncaim agus suimeanna iníoctha eile nach mbaineann le trádáil. Maidir le dlíteanais airgeadais lena soláthraítear maoiniú ar bhonn fadtéarmach (i.e. ní cuid den chaipiteal oibre a mbaintear úsáid as i ngnáth-thimthriall oibriúcháin an eintitis iad) agus nach bhfuil le socrú laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe, is dlíteanais neamhreatha iad, faoi réir mhíreanna B99–B103.
- B98 Aicmíonn eintiteas a dhlíteanais airgeadais mar dhlíteanais reatha nuair atá siad le socrú laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe, fiú sna cásanna a leanas:
- (a) ba thréimhse níos faide ná 12 mhí é an téarma bunaidh; agus
  - (b) cuirtear i gcrích comhaontú chun íocaíochtaí a athmhaoiniú, nó chun íocaíochtaí a athsceidealú, ar bhonn fadtéarmach tar éis na tréimhse tuairiscithe agus sula n-údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

### ***Ceart chun socraíocht a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad (mír 101(d))***

- B99 Maidir le ceart eintitis socraíocht dlíteanais a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis na tréimhse tuairiscithe, ní mór dó bunús a bheith aige agus, mar a léirítear i míreanna B100–B103, ní mór dó a bheith ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- B100 An ceart atá ag eintiteas socraíocht dlíteanais a eascraíonn as socrú iasachta a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis na tréimhse tuairiscithe, féadfaidh sé a bheith faoi réir an t-eintiteas na coinníollacha a chomhlíonadh a shonraítear sa socrú iasachta sin (dá ngairtear ‘cúnaint’ anseo feasta). Chun críocha mhír 101(d) a chur i bhfeidhm, is fíor an méid seo a leanas maidir leis na cúnaint sin:
- (a) déanann siad difear do cé acu is ann nó nach ann don cheart sin i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe — mar a léirítear i míreanna B102–B103—má cheanglaítear ar eintiteas an cúnant a chomhlíonadh

i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe nó roimhe sin. Déanann cúnant den sórt sin difear do cé acu is ann nó nach ann don cheart i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe fiú mura ndéantar measúnú ar chomhlíonadh an chúnaínt ach amháin tar éis na tréimhse tuairiscithe (mar shampla, cúnant atá bunaithe ar staid airgeadais an eintitis i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe ach nach ndéantar measúnú ar a chomhlíontacht ach amháin go dtí tar éis na tréimhse tuairiscithe);

- (b) ní dhéanann siad difear do cé acu is ann nó nach ann don cheart sin i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe más rud é nach gceanglaítear ar eintiteas an cúnant a chomhlíonadh ach amháin go dtí tar éis na tréimhse tuairiscithe (mar shampla, cúnant atá bunaithe ar staid airgeadais an eintitis sé mhí tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe).
- B101 Má tá sé de cheart ag eintiteas, i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe, oibleagáid a thar-rolladh ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis na tréimhse tuairiscithe faoi shaoráid iasachta atá ann cheana, aicmíonn sé an oibleagáid mar oibleagáid neamh-reatha, fiú dá mbeadh sí dlite laistigh de thréimhse níos giorra murach sin. Mura bhfuil ceart den sórt sin ag an eintiteas, ní chuireann an t-eintiteas san áireamh an fhéidearthacht atá ann an oibleagáid a athmhaoiniú agus aicmíonn sé an oibleagáid mar oibleagáid reatha.
- B102 Nuair a sháraíonn eintiteas cúnant a bhaineann le socrú iasachta fadtéarmach ar nó roimh dheireadh na tréimhse tuairiscithe, agus nuair atá sé mar éifeacht aige sin go mbeidh an dliteanas iníoctha ar éileamh, aicmíonn sé an dliteanas mar dhliteanas reatha, fiú más rud é gur aontaigh an t-iasachtóir, tar éis na tréimhse tuairiscithe agus roimh údarú na ráiteas airgeadais le haghaidh eisiúna, gan íocaíocht a éileamh mar thoradh ar an sárú. Aicmíonn eintiteas dliteanas mar dhliteanas reatha toisc, i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe, nach bhfuil sé de cheart aige a shocraíocht a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis an dáta sin.
- B103 Aicmíonn eintiteas dliteanas mar dhliteanas neamhreatha, áfach, má chomhaontaigh an t-iasachtóir faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe tréimhse chairde a sholáthar a rachaidh in éag 12 mhí ar a laghad tar éis na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfaidh an t-eintiteas an sárú a chur ina cheart agus nach bhféadfaidh an t-iasachtóir aisíocaíocht láithreach a éileamh lena linn.
- B104 Níl tionchar ag an dóchúlacht go bhfeidhmeoidh eintiteas a cheart chun socraíocht an dliteanais a chur siar go ceann 12 mhí ar a laghad tar éis na tréimhse tuairiscithe ar aicmiú dliteanais. Má chomhlíonann dliteanas na critéir i mír 101- 102 maidir le haicmiú mar dhliteanas neamhreatha, aicmítear é mar dhliteanas neamhreatha fiú má bheartaíonn an lucht bainistíochta go socróidh an t-eintiteas an dliteanas laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe nó má tá coinne aige lena leithéid, nó fiú má shocraíonn an t-eintiteas an dliteanas idir deireadh na tréimhse tuairiscithe agus an dáta ar a n-údaráítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint. I gceachtar de na himthosca sin, áfach, d'fhéadfadh sé gur ghá don eintiteas faisnéis a nochtadh maidir le huainiú na socraíochta chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar thionchar an dliteanais ar staid airgeadais an eintitis (féach míreanna 6C(c) de IAS 8 agus B105(d)).
- B105 Má tharlaíonn na teagmhais seo a leanas idir deireadh na tréimhse tuairiscithe agus an dáta ar a n-údaráítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint, nochtfar na teagmhais sin mar theagmhais neamhchoigeartúcháin i gcomhréir le IAS 10 *Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe*:
- (a) athmhaoiniú dliteanais a aicmítear mar dhliteanas reatha ar bhonn fadtéarmach (féach mír B98);
  - (b) ceartú sáraithe ar shocrú iasachta fadtéarmaí a aicmítear mar shocrú reatha (féach mír B102);
  - (c) deonú tréimhse chairde ón iasachtóir chun sárú ar shocrú iasachta fadtéarmaí a aicmítear mar shocrú reatha a cheartú (féach mír B103); agus
  - (d) socraíocht dliteanais a aicmítear mar dhliteanas neamhreatha (féach mír B104).
- B106 Agus míreanna 101- 102 agus B96- B103 á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh eintiteas dliteanais a eascraíonn as socruithe iasachta a aicmiú mar dhliteanais neamhreatha i gcás ina bhfuil ceart an eintitis chun socraíocht na ndliteanas sin a chur siar faoi réir cúnaint a bheith á gcomhlíonadh ag an eintiteas laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe (féach mír B100(b)). I gcásanna den sórt sin, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis sna nótaí lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar an riosca go bhféadfadh na dliteanais a bheith inaisíoctha laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
- (a) faisnéis faoi na cúnaint (lena n-áirítear cineál na gcúnant agus an tráth a cheanglaítear ar an eintiteas iad a chomhlíonadh) agus suim ghlanluacha na ndliteanas gaolmhar.
  - (b) fíorais agus imthosca, más ann dóibh, a léiríonn go bhféadfadh deacracht a bheith ag an eintiteas na cúnaint a chomhlíonadh — mar shampla, an t-eintiteas a ghníomhaigh le linn na tréimhse tuairiscithe nó ina dhiaidh chun sárú féideartha a sheachaint nó a mhaolú. D'fhéadfaí a áireamh freisin sna fíorais agus sna himthosca sin an fíoras nach gcomhlíonadh an t-eintiteas na cúnaint dá ndéanfaí measúnú orthu maidir le comhlíonadh bunaithe ar imthosca an eintitis i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe.

### ***Socraíocht (míreanna 101(a), 101(c) agus 101(d))***

- B107 Chun dliteanas a aicmiú mar dhliteanas reatha nó neamh-reatha, tagraíonn socraíocht d'aistriú chuig an gcontrapháirtí a mbíonn míchadh an dliteanais mar thoradh air. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an aistriú:
- (a) airgead nó acmhainní eacnamaíocha eile — mar shampla, earraí nó seirbhísí; nó
  - (b) ionstraimí cothromais dílse an eintitis, mura bhfuil feidhm ag mír B108.
- B108 Maidir le téarmaí dliteanais a bhféadfadh socraíocht trí aistriú ionstraimí cothromais dílse an eintitis a bheith mar thoradh orthu, de rogha an chontrapháirtí, ní dhéanann siad difear dá aicmiú mar dhliteanas reatha nó neamh-reatha más rud é, agus IAS 32 á chur i bhfeidhm, go n- aicmíonn an t- eintiteas an rogha mar ionstraim chothromais, agus é á aithint ar leithligh ón dliteanas mar ghné den chaipiteal gnáthscaireanna d'ionstraim chumaisc airgeadais.

### **Míreanna atá le cur i láthair sa ráiteas staide airgeadais nó atá le nochtadh sna nótaí**

- B109 Ceanglaítear le míreanna 24 agus 41(c) ar eintiteas míreanna líne breise a chur i láthair sa ráiteas staide airgeadais más gá déanamh amhlaidh chun achoimre struchtúrtha úsáideach a sholáthar ar shócmhainní, dliteanais agus cothromas an eintitis. Úsáideann eintiteas a bhreithiúnas chun an cinneadh sin a dhéanamh (lena n- áirítear cé acu is gá nó nach gá na míreanna líne a liostaítear i mír 103 a dhí- chomhiomlánú). Ceanglaítear le mír 41 ar an eintiteas a bhreithiúnais a bhunú ar mheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil saintréithe comhroinnte (saintréithe comhchosúla) nó saintréithe nach bhfuil comhroinnte (saintréithe neamhchosúla) ag na míreanna. I gcás míreanna líne breise le haghaidh sócmhainní agus dliteanas, bunaíonn eintiteas a bhreithiúnais ar mheasúnú ar chineál nó ar fheidhm na sócmhainní nó na ndliteanas. D'fhéadfadh na saintréithe a liostaítear i míreanna B110(c)- (k) cuidiú le heintiteas cineál nó feidhm sócmhainní agus dliteanas a shainaithint.
- B110 Ceanglaítear le míreanna 20 agus 41(d) ar eintiteas míreanna a dhí- chomhiomlánú chun faisnéis ábhartha a nochtadh sna nótaí. Úsáideann eintiteas a bhreithiúnas chun é sin a dhéanamh bunaithe ar mheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil saintréithe comhroinnte (saintréithe comhchosúla) nó saintréithe nach bhfuil comhroinnte (saintréithe neamhchosúla) ag na míreanna. Áirítear leis na saintréithe sin na nithe seo a leanas:
- (a) cineál;
  - (b) feidhm (ról) i ngníomhaíochtaí gnó an eintitis;
  - (c) fad agus uainiú na haisghabhála nó na socraíochta (lena n- áirítear cé acu a aicmítear nó nach n- aicmítear sócmhainn nó dliteanas mar shócmhainn reatha nó neamh-reatha nó cé acu atá nó nach bhfuil a haisghabháil nó a socraíocht ina cuid de thimthriall oibriúcháin an eintitis);
  - (d) leachtacht;
  - (e) bonn tomhais;
  - (f) éiginnteacht tomhais nó éiginnteacht toraidh (nó rioscaí eile a bhaineann le mír);
  - (g) méid;
  - (h) suíomh geografach nó timpeallacht rialála;
  - (i) saghas, mar shampla, an saghas earra, seirbhíse nó custaiméara;
  - (j) iarmhairtí cánach — mar shampla, má tá boinn chánach éagsúla ag sócmhainní nó dliteanais; agus
  - (k) srianta ar úsáid sócmhainne nó ar inaistritheacht dliteanais.
- B111 Áirítear na nithe seo a leanas le sócmhainní, dliteanais agus míreanna cothromais a bhféadfadh saintréithe atá neamhchosúil go leordhóthanach a bheith acu gur gá iad a chur i láthair sa ráiteas staide airgeadais chun achoimre struchtúrtha úsáideach a sholáthar nó gur gá iad a nochtadh sna nótaí chun faisnéis ábhartha a sholáthar:
- (a) réadmhaoin, gléasra agus trealamh a dhí- chomhiomlánaítear ina n- aicmí i gcomhréir le IAS 16;
  - (b) infháltais a dhí- chomhiomlánaítear ina méideanna is infhaighte ó chustaiméirí trádála, ina méideanna is infhaighte ó pháirtithe gaolmhara, ina réamhiocaíochtaí agus ina méideanna eile;
  - (c) fardail a dhí- chomhiomlánaítear, agus IAS 2 á chur i bhfeidhm, ina míreanna amhail earraí ar díol, soláthairtí táirgthe, ábhair, obair idir lámha agus earraí críochnaithe;

- (d) suimeanna iníoctha trádála a dhí- chomhiomlánaítear, agus IAS 7 á chur i bhfeidhm, chun méideanna na suimeanna iníoctha sin atá mar chuid de shocruithe maoiniúcháin soláthróra a sholáthar ar leithligh;
- (e) forálacha a dhí- chomhiomlánaítear de réir a gcineáil, amhail forálacha maidir le sochair fostaithe, dliteanais díchoimisiúnaithe, nó míreanna eile; agus
- (f) caipiteal cothromais agus cúlchistí a dhí- chomhiomlánaítear ina n- aicmí éagsúla, amhail caipiteal íoctha, scairbhiseach agus cúlchistí.

## Nótaí

### Struchtúr

- B112 Ceanglaítear le mír 114 ar eintiteas nótaí a chur i láthair ar bhealach córasach, a mhéid is indéanta. Áirítear an méid seo a leanas le samplaí d'ordú nó de ghrúpáil chórasach na nótaí:
- (a) suntasacht a thabhairt do réimsí a ghníomhaíochtaí a mheasann eintiteas a bheith ar na réimsí is tábhachtaí chun tuiscint a fháil ar a fheidhmíocht airgeadais agus ar a staid airgeadais, amhail faisnéis faoi ghníomhaíochtaí gnó áirithe a ghrúpáil le chéile;
  - (b) faisnéis maidir le míreanna a thomhaistear ar bhealach comhchosúil, amhail sócmhainní a thomhaistear ar luach cóir, a ghrúpáil le chéile; nó
  - (c) ord na míreanna líne sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais agus sa ráiteas staide airgeadais a leanúint, amhail:
    - (i) ráiteas comhlíontachta le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS (féach mír 6B de IAS 8);
    - (ii) faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta (féach mír 27A de IAS 8);
    - (iii) faisnéis tacaíochta le haghaidh míreanna a chuirtear i láthair sa ráiteas staide airgeadais, sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais, sa ráiteas ar athruithe sa chothromas agus sa ráiteas faoi shreabhadh airgid, san ord ina soláthraítear gach ráiteas agus ina gcuirtear gach mír líne i láthair; agus
    - (iv) nochtáí eile, lena n- áirítear an méid seo a leanas:
      - (1) dliteanais theagmhasacha (féach IAS 37) agus gealltanais chonartha n- amhaitheanta; agus
      - (2) nochtáí neamhairgeadais — mar shampla cuspóirí agus beartais eintitis maidir le bainistíocht riosca airgeadais (féach IFRS 7).

## Tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht

### Tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht a shainithint

- B113 Sainmhínítear le mír 117 tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht D'fhéadfadh sé nach mbeadh aon tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe, go mbeadh aon tomhas feidhmíochta amháin arna shainiú ag an mbainistíocht nó níos mó ná tomhas feidhmíochta amháin arna shainiú ag an mbainistíocht ag eintiteas. Mar shampla, i gcas eintitis a chuireann a fheidhmíocht airgeadais in iúl go poiblí d'úsáideoirí ráiteas airgeadais ag úsáid iomláin agus fo- iomláin amháin a cheanglaítear a chur i láthair nó a nochtadh le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS, níl tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe aige.
- B114 Chun an sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht a chomhlíonadh, ní mór don tomhas dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine a chur in iúl d'úsáideoirí ráiteas airgeadais. Mar shampla, mura soláthraítear faisnéis faoi ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine le fo- iomlán ioncaim agus costas a bhaineann le deighleog intuarascála a nochtar i gcomhréir le IFRS 8, ní féidir leis an bhfo- iomlán sin an sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht a chomhlíonadh.
- B115 Uaireanta, áfach, d'fhéadfadh fo- iomlán ioncaim agus costas a bhaineann le deighleog intuarascála faisnéis a sholáthar faoi ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine. Má tá príomhghníomhaíocht ghnó aonair an eintitis i ndeighleog intuarascála agus má chuirtear fo- iomlán ioncaim agus costas a bhaineann leis an deighleog sin i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas, mar shampla, thabharfadh sé sin le fios go soláthraítear faisnéis leis an bhfo- iomlán faoi ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine. I gcásanna den sórt sin, chomhlíonadh fo- iomlán ioncaim agus costas a bhaineann leis an deighleog

intuascála sin an sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht dá gcomhlíonadh sé na codanna eile den sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht.

### ***Fo- iomláin ioncaim agus costas***

- B116 Is fo- iomlán d'ioncam agus de chostais é tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe. Áirítear an méid seo a leanas le samplaí de thomhais nach tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht iad toisc nach fo- iomláin ioncaim agus costas iad:
- (a) fo- iomláin ioncaim amháin nó fo- iomláin costas amháin (mar shampla, tomhas neamhspleách ar ioncam coigeartaithe nach cuid d'fho- iomlán é lena n- áirítear costais freisin);
  - (b) sócmhainní, dliteanais, cothromas nó comhcheangail de na gnéithe sin;
  - (c) cóimheasa airgeadais (mar shampla, toradh ar shócmhainní) (féach mír B117);
  - (d) bearta leachtachta nó sreafaí airgid (sreabhadh airgid saor, mar shampla); nó
  - (e) tomhais feidhmíochta neamhairgeadais.
- B117 Ní tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe é cóimheas airgeadais toisc nach fo- iomlán ioncaim agus costas é. I gcás fo- iomláin arb é an t- uimhreoir nó an t- ainmneoir i gcóimheas airgeadais é, áfach, is tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe é dá gcomhlíonadh an fo- iomlán an sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht mura mbeadh sé mar chuid de chóimheas. Dá réir sin, cuirfidh eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 121- 125 i bhfeidhm maidir le huimhreoir nó ainmneoir den sórt sin.
- B118 Maidir le fo- iomlán ioncaim agus costas a chomhlíonann an sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht i mír 117, is tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe é, bíodh sé curtha i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chailleanas nó ná bíodh.

### ***Cumarsáid phoiblí***

- B119 Ní chomhlíonann fo- iomlán an sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht ach amháin má úsáideann eintiteas é i gcumarsáid phoiblí lasmuigh dá ráitis airgeadais. Áirítear le cumarsáidí poiblí tráchtairacht an lucht bainistíochta, preaseisiúintí agus cuir i láthair d'infheisteoirí. Chun críoch tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht a shainmhíniú, eisiatar ó chumarsáid phoiblí cumarsáid ó bhéal, tras- scríbhinní i scríbhinn ar chumarsáid ó bhéal agus postálacha sna meáin shóisialta.
- B120 Baineann tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht leis an tréimhse thuairiscithe chéanna leis na ráitis airgeadais. Go sonrach, i gcás fo- iomláin:
- (a) a bhaineann le ráitis airgeadais eatramhacha ach ní leis na ráitis airgeadais bhliantúla, ní féidir leis a bheith ina thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht ach sna ráitis airgeadais eatramhacha amháin; agus
  - (b) a bhaineann le ráitis airgeadais bhliantúla ach ní le ráitis airgeadais eatramhacha, ní féidir leis a bheith ina thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht ach sna ráitis airgeadais bhliantúla amháin.
- B121 Ní bhreithneoidh eintiteas ach cumarsáid phoiblí a bhaineann leis an tréimhse thuairiscithe chun tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht le haghaidh na tréimhse tuairiscithe a shainaithint, ach amháin má eisíonn sé cumarsáid phoiblí den sórt sin go rialta tar éis dháta eisiúna a ráiteas airgeadais mar chuid dá phróiseas tuairiscithe airgeadais. Más amhlaidh an cás, breithneoidh eintiteas cumarsáid phoiblí a bhaineann leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin chun tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht a shainaithint le haghaidh na tréimhse tuairiscithe reatha.
- B122 Mar sin féin, ní cheanglaítear tomhas a úsáideadh sa chumarsáid phoiblí a bhain leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin a shainaithint mar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht don tréimhse thuairiscithe reatha má tá fianaise ann a léiríonn nach n- áireofar é sa chumarsáid phoiblí atá le heisiúint a bhaineann leis an tréimhse thuairiscithe reatha. Dá nochtfaí tomhas den sórt sin mar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin agus mura sainaithnítear amhlaidh é don tréimhse tuairiscithe reatha, athrú a bheadh ann ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht, nó scor de, a bhfuil feidhm ag na ceanglais maidir le nochtadh i mír 124 maidir leis.

### ***Fo- iomláin cosúil le brabús comhlán***

- B123 I gcomhréir le mír 118(a), ní tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht iad fo- iomláin atá cosúil le brabús comhlán. Tá fo- iomlán cosúil le brabús comhlán nuair a léirítear leis an difríocht idir cineál ioncaim

agus costais a bhaineann go díreach leis a tabhaíodh chun an t- ioncam sin a ghiniúint. I measc na samplaí tá:

- (a) glanioncam úis;
- (b) glanioncam ó tháillí agus glanioncam coimisiúin;
- (c) toradh seirbhíse árachais;
- (d) glantoradh airgeadais (ioncam infheistíochta lúide ioncam agus costais airgeadais árachais); agus
- (e) glanioncam cíosa.

### *Toimhde faoi dhearcadh an lucht bainistíochta a chur in iúl*

- B124 Luaitear le mír 119 go dtoimhdítear go gcuirtear in iúl d'úsáideoirí ráiteas airgeadais dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine le fo- iomlán ioncaim agus costas a úsáidtear i gcumarsáid phoiblí lasmuigh dá ráitis airgeadais. Agus mír 120 á cur i bhfeidhm, ceadáítear d'eintiteas an toimhde sin a fhrisnéis má tá faisnéis réasúnach ar féidir tacú léi ar fáil lena léirítear an méid seo a leanas:
- (a) ní chuireann an fo- iomlán dearcadh an lucht bainistíochta in iúl d'úsáideoirí ráiteas airgeadais maidir le gné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine (féach míreanna B125- B128); agus
  - (b) tá cúis ag an eintiteas leis an bhfo- iomlán a úsáid ina chumarsáid phoiblí seachas dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine a chur in iúl (féach mír B129).
- B125 Is iad seo a leanas samplaí d'fhaisnéis réasúnach ar féidir tacú léi a léiríonn nach gcuireann fo- iomlán dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais eintitis ina iomláine in iúl d'úsáideoirí ráiteas airgeadais:
- (a) cuireann eintiteas an fo- iomlán in iúl gan suntasacht (féach mír B126); agus
  - (b) ní úsáideann an lucht bainistíochta an fo- iomlán go himmheánach chun measúnú nó faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais an eintitis (féach míreanna B127- B128).
- B126 Is ceist bhreithiúnais é cé acu a chuireann nó nach gcuireann eintiteas fo- iomlán in iúl gan suntasacht, bunaithe ar roinnt tosca, mar shampla:
- (a) an líon tagairtí don fho- iomlán — léiríonn líon beag tagairtí easpa suntasachta, léiríonn líon mór tagairtí suntasacht; agus
  - (b) inneachar na tráchtairachta nó na hanailíse maidir leis an bhfo- iomlán nó a bheith ag brath ar an bhfo- iomlán, mar shampla:
    - (i) léirítear easpa suntasachta le tuairisc ar an bhfo- iomlán mar fhaisnéis nach gcuireann dearcadh an lucht bainistíochta in iúl agus nach soláthraítear ach amháin mar fhreagairt ar iarrataí minice ó roinnt úsáideoirí ráiteas airgeadais;
    - (ii) léirítear suntasacht le húsáid a bhaint as an bhfo- iomlán chun tacú le hanailís agus tráchtairacht an lucht bainistíochta ar fheidhmíocht airgeadais an eintitis agus chun mínithe a sholáthar ar na cúiseanna atá le hathruithe san fho- iomlán ó thréimhse go tréimhse; agus
    - (iii) léirítear suntasacht le comparáid idir an fo- iomlán agus fo- iomláin iomaitheoirí nó tagarmharcanna tionscail.
- B127 Léiríonn an úsáid a bhaineann an lucht bainistíochta as fo- iomlán chun measúnú nó faireachán a dhéanamh ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine go gcuireann an fo- iomlán dearcadh an lucht bainistíochta in iúl maidir le gné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine. Mar sin féin, má úsáideann an lucht bainistíochta fo- iomlán go himmheánach ach ní i gcumarsáid phoiblí eintitis, ní chomhlíonann an fo- iomlán an sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht.
- B128 D'fhéadfadh eintiteas fo- iomlán a chuirtear in iúl ina chumarsáid phoiblí a choigeartú lena úsáid go himmheánach ag an lucht bainistíochta chun measúnú nó faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais an eintitis. I gcásanna den sórt sin, úsáidfí an t- eintiteas a bhreithiúnas chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an fo- iomlán a úsáideann sé go himmheánach comhchosúil go leordhóthanach leis an bhfo- iomlán a úsáideann sé ina chumarsáid phoiblí ionas go mbeidh feidhm ag mír B127. Dá chosúla atá na fo- iomláin, is ea is dóchúla go gcuireann an fo- iomlán a úsáidtear i gcumarsáid phoiblí an eintitis dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine in iúl d'úsáideoirí ráiteas airgeadais.

- B129 Is samplaí d'fhaisnéis réasúnach ar féidir tacú léi agus a léiríonn go bhfuil cúis ag eintiteas fo- iomlán a úsáid ina chumarsáid phoiblí seachas chun dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine a chur in iúl d'úsáideoirí a ráiteas airgeadais iad na nithe seo a leanas maidir leis an bhfo- iomlán:
- (a) ceanglaítear é i gcumarsáid phoiblí de réir dlí nó rialacháin;
  - (b) déanann sé feidhmíocht a bhaineann le ráitis airgeadais a ullmhaítear i gcomhréir le creat cuntasáíochta seachas Caighdeán Chuntasaíochta IFRS a chur in iúl;
  - (c) úsáidtear i gcumarsáid phoiblí é chun iarraidh ó pháirtí seachtrach a chomhlíonadh; nó
  - (d) úsáidtear i gcumarsáid phoiblí é chun faisnéis seachas feidhmíocht airgeadais a chur in iúl.
- B130 Tá feidhm ag mír 120 maidir le fo- iomlán agus ní maidir le míreanna aonair ioncaim agus costas lena gcuimsítear an fo- iomlán. Dá réir sin, ní féidir le heintiteas a dhearbhuí nach gcuireann fo- iomlán dearcadh an lucht bainistíochta in iúl ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine bunaithe ar fhaisnéis a léiríonn nach léiriú é mír aonair (nó míreanna) ioncaim nó costais laistigh den fo- iomlán ar dhearcadh den sórt sin.
- B131 D'fhéadfadh eintiteas athrú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann sé as fo- iomlán chun dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine a chur in iúl d'úsáideoirí a ráiteas airgeadais. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh fo- iomlán chun bheith, nó go scoirfeadh sé de bheith, ina thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht. Tá gá le breithiúnas chun a shainiúint cé acu atá nó nach bhfuil tomhas nár sainaithníodh ar dtús mar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht tagtha chun bheith ina thomhas feidhmíochta, nó cé acu atá nó nach bhfuil tomhas a sainaithníodh roimhe sin mar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht scortha de bheith ina thomhas feidhmíochta. D'fhéadfadh rialtóir a cheangal ar eintiteas, mar shampla, fo- iomlán áirithe a thuairisciú nach gcuireann dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine in iúl nuair a úsáidtear den chéad uair é. Le himeacht ama, d'fhéadfadh sé go n- úsáidfeadh an lucht bainistíochta an tomhas go himmheánach mar thoradh ar an bpróiseas chun an fo- iomlán a tháirgeadh chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais an eintitis nó chun an tráchttaireacht agus na mínithe i gcumarsáid phoiblí a leathnú thar na ceanglais rialála, agus mar thoradh air sin go gcomhlíonann an tomhas an sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht.

## **Nochtadh maidir le tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht**

### ***Nóta aonair le haghaidh faisnéis faoi thomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht***

- B132 Le mír 122 ceanglaítear ar eintiteas an fhaisnéis uile maidir le tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht a cheanglaítear le míreanna 121- 125 a áireamh i nóta aonair. Má nochtann eintiteas faisnéis eile sa nóta sin freisin, déanfar an fhaisnéis sa nóta a lipéadú ar bhealach ina ndéantar idirdhealú soiléir idir an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 121- 125 agus an fhaisnéis eile.
- B133 Má chuireann eintiteas IFRS 8 i bhfeidhm agus má áirítear tomhas feidhmíochta bainistíocht- sainithe leis an bhfaisnéis ar dheighleog intuarascála, mar shampla, féadfaidh an t- eintiteas an fhaisnéis a cheanglaítear faoin tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe a nochtadh sa nóta céanna le faisnéis eile ar dheighleog intuarascála, ar choinníoll go ndéanann an t- eintiteas ceann de na nithe seo a leanas:
- (a) áiríonn sé leis an nóta sin an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 121- 125 le haghaidh a thomhais feidhmíochta uile arna sainiú ag an mbainistíocht agus, chun na ceanglais i mír B132 a chomhlíonadh, lipéadaíonn sé an fhaisnéis sa nóta ar bhealach ina ndéantar idirdhealú soiléir idir an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 121- 125 agus an fhaisnéis a cheanglaítear le IFRS 8; nó
  - (b) soláthraíonn sé nóta ar leithligh lena n- áirítear an fhaisnéis is gá le haghaidh a thomhais feidhmíochta uile arna sainiú ag an mbainistíocht, lena n- áirítear na tomhais sin dá n- áiríonn an t- eintiteas faisnéis leis an bhfaisnéis ar dheighleog intuarascála.

### ***Bealach soiléir agus intuigthe***

- B134 Le mír 123 ceanglaítear ar eintiteas a thomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht a lipéadú agus tuairisc a thabhairt orthu ar bhealach soiléir intuigthe nach gcuireann úsáideoirí ráiteas airgeadais ar mithreoir. Chun tuairisc den sórt sin a sholáthar, nochtfaidh eintiteas faisnéis a chuireann ar a chumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar na míreanna ioncaim nó costais a áirítear leis an bhfo- iomlán agus a eisiatar uaidh. Dá bhrí sin, déanfaidh eintiteas an méid seo a leanas:

- (a) an tomhas a lipéadú agus tuairisc a thabhairt air ar bhealach a léiríonn go dílis a shaintréithe i gcomhréir le mír 43 (féach mír B135); agus
- (b) faisnéis a sholáthar a bhaineann go sonrach le tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht — is é sin:
  - (i) má ríomh an t-eintiteas an tomhas ar bhealach seachas trí úsáid a bhaint as na beartais chuntasaíochta a d'úsáid sé le haghaidh míreanna sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais, luafaidh an t-eintiteas an fíoras sin agus na ríomhanna a d'úsáid sé le haghaidh an tomhais; agus
  - (ii) má tá ríomh an tomhais, ina theannta sin, éagsúil le beartais chuntasaíochta a cheanglaítear nó a cheadaítear le Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS, luafaidh an t-eintiteas an fíoras breise sin agus, más gá, míneoidh sé brí na dtéarmaí a úsáideann sé (féach mír B135(b)).

B135 Chun an tomhas a lipéadú agus tuairisc a thabhairt air ar bhealach a léiríonn a shaintréithe go dílis, déanfaidh eintiteas an méid seo a leanas:

- (a) an tomhas a lipéadú ar bhealach a léiríonn saintréithe an fho-iomláin (mar shampla, gan an lipéad ‘brabús oibriúcháin roimh chostais neamh-athfhillteacha’ a úsáid ach amháin le haghaidh fo-iomlán lena n-eisiatar ó bhrabús oibriúcháin na costais uile arna sainaithint ag an eintiteas mar chostais neamh-athfhillteacha); agus
- (b) míniú a thabhairt ar bhrí na dtéarmaí a úsáideann sé ina thuairiscí is gá chun gné na feidhmíochta airgeadais atá á cur in iúl a thuiscint (mar shampla, míniú a thabhairt ar an gcaoi a sainmhíníonn an t-eintiteas ‘costais neamh-athfhillteacha’).

### *Réiteach leis an iomlán nó leis an bhfo-iomlán is inchomparáide go díreach*

B136 Ceanglaítear le mír 123(c) ar eintiteas réiteach a dhéanamh idir gach tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe agus an fo-iomlán is inchomparáide go díreach a liostaítear i mír 118 nó an t-iomlán nó an fo-iomlán a cheanglaítear go sonrach a chur i láthair nó a nochtadh le Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS. Mar shampla, déanfaidh eintiteas a nochtann sna nótaí tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe ar bhrabús nó cailteanas oibriúcháin coigeartaithe an tomhas sin a réiteach le brabús nó cailteanas oibriúcháin. Agus na míreanna réitigh a nochtar á gcomhiomlánú nó á ndí-chomhiomlánú, cuirfidh eintiteas na ceanglais i míreanna 41- 43 i bhfeidhm.

B137 Maidir le gach mír réitigh, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas:

- (a) an méid/na méideanna a bhaineann le gach mír líne sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais; agus
- (b) tuairisc ar an gcaoi a ríomhtar an mhír agus a rannchuidíonn sí leis an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe, agus faisnéis úsáideach (féach míreanna B138- B140) á soláthar más gá chun an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 123(a) agus 123(b) a sholáthar.

B138 Éilítear an tuairisc a cheanglaítear le mír B137(b) i gcás ina bhfuil níos mó ná mír réitigh amháin ann agus ina ríomhtar gach mír trí mhodh difriúil a úsáid nó ina rannchuidíonn sí le faisnéis úsáideach a sholáthar ar bhealach difriúil. Mar shampla, d'fhéadfadh eintiteas roinnt míreanna costais a eisiáimh ó thomhas feidhmíochta arna shainiú ag an mbainistíocht, roinnt acu toisc gur sainaithníodh nach raibh siad faoi rialú an lucht bainistíochta agus roinnt eile toisc gur sainaithníodh iad mar mhíreanna neamh-athfhillteacha. I gcásanna den sórt sin, cheanglófaí nochtadh maidir le cé na míreanna lenar rannchuidíodh leis an gcineál coigeartaithe ar leith chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a soláthraítear faisnéis úsáideach leis an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe.

B139 D'fhéadfadh feidhm a bheith ag míniú aonair maidir le níos mó ná mír amháin nó d'fhéadfadh feidhm a bheith aige maidir le gach mír réitigh go comhchoiteann. D'fhéadfadh eintiteas roinnt míreanna ioncaim nó costais a eisiáimh, mar shampla, agus tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe á ríomh bunaithe ar chur i bhfeidhm eintiteas-sonrach de ‘neamh-athfhillteach’. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh míniú aonair lena n-áirítear sainmhíniú an eintitis ar ‘neamh-athfhillteach’ a bhfuil feidhm aige maidir le gach mír réitigh an ceanglas i mír B137(b) a chomhlíonadh.

B140 Agus mír 123(c) á cur i bhfeidhm, cheadaítear d'eintiteas tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe a réiteach le hiomlán nó le fo-iomlán nach gcuirtear i láthair sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais. I gcásanna den sórt sin, maidir le heintiteas:

- (a) déanfaidh sé an t-iomlán nó an fo-iomlán sin a réiteach leis an iomlán nó leis an bhfo-iomlán is inchomparáide go díreach a chuirtear i láthair sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais; agus

- (b) ní cheanglaítear air an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 123(d) agus 123(e) le haghaidh an réitigh in (a) a nochtadh.

***Éifeacht chánach ioncaim maidir le gach mír a nochtar sa réiteach***

- B141 Ceanglaítear ar eintiteas le mír 123(d) an éifeacht chánach ioncaim a nochtadh maidir le gach mír a nochtar sa réiteach idir tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe agus an fo- iomlán is inchoimparáide go díreach a liostaítear i mír 118 nó an t- iomlán nó an fo- iomlán a cheanglaítear go sonrach a chur i láthair nó a nochtadh le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS. Cinnfidh eintiteas an éifeacht chánach ioncaim a cheanglaítear le mír 123(d) trí éifeachtaí cánach ioncaim an idirbhirt fholuitigh/na n- idirbheart foluiteach a ríomh mar seo a leanas:
- (a) ag an ráta cánach reachtúil nó ag na rátaí cánach reachtúla is infheidhme maidir leis an idirbheart nó na hidirbhearta sa dlínse chánach nó sna dlínsí cánach lena mbaineann;
- (b) bunaithe ar leithdháileadh réasúnta pro rata cháin reatha agus cháin iarchurtha an eintitis sa dlínse chánach nó sna dlínsí cánach lena mbaineann; nó
- (c) trí mhodh eile a úsáid lena mbaintear amach leithdháileadh níos iomchuí sna himthosca.
- B142 Má úsáideann eintiteas níos mó ná modh amháin chun éifeachtaí cánach ioncaim míreanna réitigh a ríomh, agus mír B141 á cur i bhfeidhm aige, nochtfaidh sé conas a chinn sé éifeachtaí cánach gach míre réitigh.

## Foscúibhinn C

### Dáta éifeachtach agus aistriú

*Is dlúthchuid de Chaighdeán Cuntasaíochta IFRS í an fhoscúibhinn seo.*

### Dáta éifeachtach

---

- C1 Cuirfidh eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm maidir le tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Ceadaitear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm maidir le tréimhse níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin sna nótaí.

### Aistriú

---

- C2 Cuirfidh eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm go cúlgabhálach agus IAS 8 á chur i bhfeidhm. Ní cheanglaítear ar eintiteas, áfach, an fhaisnéis chainníochtúil a shonraítear i mír 28(f) de IAS 8 a chur i láthair.
- C3 Ina ráitis airgeadais bhliantúla, maidir leis an tréimhse chomparáideach díreach roimh an tréimhse ina gcuirtear an Caighdeán seo i bhfeidhm den chéad uair, nochtfaidh eintiteas réiteach maidir le gach mír líne sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas idir na méideanna seo a leanas:
- (a) na méideanna athshonraithe a chuirtear i láthair agus an Caighdeán seo á chur i bhfeidhm; agus
  - (b) na méideanna a cuireadh i láthair roimhe sin agus IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* á chur i bhfeidhm.
- C4 Má chuireann eintiteas IAS 34 i bhfeidhm agus ráitis airgeadais eatramhacha chomhdhlúite á n- ullmhú aige sa chéad bhliain de chur i bhfeidhm an Chaighdeáin seo, cuirfidh an t- eintiteas i láthair sna ráitis airgeadais eatramhacha chomhdhlúite gach ceannteideal a bhfuil coinne aige lena úsáid agus an Caighdeán agus na fo- iomláin a cheanglaítear le míreanna 69- 74 den Chaighdeán seo á gcur i bhfeidhm aige, d’ainneoin na gceanglas i mír 10 de IAS 34. Ní chuirfidh eintiteas na ceanglais i mír 10 de IAS 34 i bhfeidhm maidir le ceannteidil agus fo- iomláin i ráitis airgeadais eatramhacha chomhdhlúite go dtí go mbeidh a chéad tacar de ráitis airgeadais bhliantúla arna hullmhú i gcomhréir leis an gCaighdeán seo eisthe aige.
- C5 Má chuireann eintiteas IAS 34 i bhfeidhm agus ráitis airgeadais eatramhacha á n- ullmhú aige sa chéad bhliain ina gcuirtear an Caighdeán seo i bhfeidhm, nochtfaidh an t- eintiteas, mar chuid den fhaisnéis a cheanglaítear le mír 16A(a) de IAS 34, réitigh maidir le gach mír líne a chuirtear i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas le haghaidh na dtréimhsí comparáideacha díreach roimh na tréimhse reatha agus na tréimhse carnaí reatha. Ceanglaítear na réitigh idir na méideanna seo a leanas:
- (a) na méideanna athshonraithe a chuirtear i láthair agus na beartais chuntasaíochta don tréimhse chomparáideach agus don tréimhse chomparáideach á gcur i bhfeidhm nuair a chuireann an t- eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm; agus
  - (b) na méideanna a cuireadh i láthair roimhe sin agus na beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm don tréimhse chomparáideach agus don tréimhse chomparáideach nuair a chuir an t- eintiteas IAS 1 i bhfeidhm.
- C6 Ceadaitear d’eintiteas, ach ní cheanglaítear air, na réitigh a bhfuil tuairisc orthu i míreanna C3 agus C5 a nochtadh le haghaidh na tréimhse reatha nó tréimhsí comparáideacha níos luaithe.
- C7 Ar dháta chur i bhfeidhm tosaigh an Chaighdeáin seo, ceadaitear d’eintiteas atá incháilithe chun mír 18 de IAS 28 a chur i bhfeidhm a roghnú chun infheistíocht i ngnólacht comhlachaithe nó i gcomhfhiontar a thomhas a athrú ó mhodh an chothromaíais go luach cóir trí bhrabús nó caillteanas i gcomhréir le IFRS 9. Má dhéanann eintiteas an t- athrú sin, cuirfidh an t- eintiteas an t- athrú i bhfeidhm go cúlgabhálach agus IAS 8 á chur i bhfeidhm. Déanfaidh eintiteas a chuireann mír 11 de IAS 27 i bhfeidhm an t- athrú céanna ar a ráitis airgeadais ar leithligh.

### Tarraingt siar IAS 1

---

- C8 Forsúionn an Caighdeán seo IAS 1.

## Foscríbhinn D

### Leasuithe ar Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS eile

Leagtar amach leis an bhfoscríbhinn seo na leasuithe ar Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS eile.

### IFRS 1 Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais

Leasaítear míreanna 1, 3, 4, 4A, 5, 22, 32, D30 agus E2 agus Foscríbhinn A. Cuirtear míreanna 32(za) agus 39AJ leis.

### Cuspóir

- 1 Is é cuspóir an IFRS seo a áirithiú go bhfuil ardcháilíocht faisnéise sna *chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais* de chuid eintitis, agus ina thuarascálacha airgeadais eatramhacha le haghaidh cuid den tréimhse a chumhdaítear leis na ráitis airgeadais sin, agus gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an bhfaisnéis sin:
- (a) go bhfuil sí trédhearcach d'úsáideoirí agus inchomparáide i gcaitheamh gach tréimhse a chuirtear i láthair;
  - (b) go soláthraítear léi túsphointe oiriúnach don chuntasaíocht i gcomhréir le *Caighdeán Chuntasaíochta IFRS*; agus
  - (c) gur féidir í a ghiniúint ar chostas nach mó ná na sochair.

### Raon feidhme

- ...
- 3 Is iad na chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais atá ag eintiteas na chéad ráitis airgeadais bhliantúla ina nglacann an t-eintiteas IFRSanna, trí ráiteas sainráite agus gan chuntar sna ráitis airgeadais sin maidir le comhlíontacht le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS. Is ráitis airgeadais i gcomhréir le IFRSanna na chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais atá ag eintiteas má rinne an t-eintiteas, mar shampla:
- (a) a ráitis airgeadais is déanaí roimhe sin a chur i láthair:
    - ...
    - (ii) i gcomhréir le IFRSanna ar gach slí, ach amháin nach raibh ráiteas sainráite agus gan chuntar sna ráitis airgeadais gur comhlíonadh Caighdeán Chuntasaíochta IFRS leo;
    - (iii) ina raibh ráiteas sainráite gur comhlíonadh roinnt Caighdeán Chuntasaíochta IFRS, ach ní gach IFRS;
    - ...
  - (c) pacáiste tuairiscithe a ullmhú i gcomhréir le IFRSanna chun críoch comhdhlúthúcháin gan tacar iomlán de ráitis airgeadais a ullmhú mar a shainmhínítear in IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* nó
- ...
- 4 Tá feidhm ag an IFRS seo nuair a ghlacann eintiteas IFRSanna den chéad uair. Ní bhíonn feidhm aige nuair a dhéanann eintiteas na nithe seo a leanas, mar shampla:

- (a) stopann sé de ráitis airgeadais a chur i láthair i gcomhréir le ceanglais náisiúnta, tar éis dó iad a chur i láthair roimhe sin chomh maith le tacar eile de ráitis airgeadais ina raibh ráiteas comhlíontachta sainráite agus gan chuntar maidir le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS;
  - (b) chuir sé ráitis airgeadais i láthair sa bhliain roimhe sin i gcomhréir le ceanglais náisiúnta agus bhí ráiteas comhlíontachta sainráite agus gan chuntar maidir le IFRSanna sna ráitis airgeadais sin; nó
  - (c) chuir sé ráitis airgeadais i láthair sa bhliain roimhe sin ina raibh ráiteas comhlíontachta sainráite agus gan chuntar maidir le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS, fiú má cháiligh na hiniúcháirí a dtuarascáil iniúchóireachta maidir leis na ráitis airgeadais sin.
- 4A D'ainneoin na gceanglas i míreanna 2 agus 3, ní mór d'eintiteas a chuir IFRSanna i bhfeidhm i dtréimhse thuairiscithe roimhe sin, ach nach raibh ráiteas comhlíontachta sainráite agus gan chuntar maidir le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS ina ráitis airgeadais bhliantúla is déanaí, an IFRS seo a chur i bhfeidhm nó IFRSanna a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach i gcomhréir le IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* amhail is nár scoir an t-eintiteas de IFRSanna a chur i bhfeidhm riamh.
- ...
- 5 Níl feidhm ag an IFRS seo maidir le hathruithe i mbeartais chuntasaíochta arna ndéanamh ag eintiteas a chuireann IFRSanna i bhfeidhm cheana. Tá athruithe den sórt sin faoi réir:
- (a) ceanglais maidir le hathruithe ar bheartais chuntasaíochta in IAS 8; agus
- ...

## Cur i láthair agus nochtadh

---

...

### Faisnéis chomparáideach

...

### Faisnéis chomparáideach agus achoimrí stairiúla neamh-IFRS

- 22 Cuireann roinnt eintiteas i láthair achoimrí stairiúla maidir le sonraí roghnaithe le haghaidh tréimhsí roimh an gcéad tréimhse lena gcuireann siad faisnéis chomparáideach fhoriomlán i láthair i gcomhréir le IFRSanna. Ní éilítear san IFRS seo achoimrí den sórt sin chun ceanglais aitheantais agus tomhais IFRSanna a chomhlíonadh. Ina theannta sin, cuireann roinnt eintiteas faisnéis chomparáideach i láthair i gcomhréir leis an cleachtas cuntasíochta a raibh glacadh leis roimhe seo mar aon leis an bhfaisnéis chomparáideach a éilítear le IFRS 18. In aon ráiteas airgeadais ina bhfuil achoimrí stairiúla nó faisnéis chomparáideach i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasíochta a raibh glacadh leis roimhe seo, déanfaidh eintiteas na nithe seo a leanas:

...

### Míniú ar an aistriú chuig IFRSanna

...

### Tuarascálacha airgeadais eatramhacha

- 32 Chun mír 23 a chomhlíonadh, má chuireann eintiteas tuarascáil airgeadais eatramhach i láthair i gcomhréir le IAS 34 le haghaidh cuid den tréimhse a chumhdaítear lena chéad ráitis airgeadais IFRS, comhlíonfaidh an t-eintiteas ceanglais IAS 34, mura sonraítear a mhalairt, mar aon leis na ceanglais seo a leanas:
- (za) Cuirfidh eintiteas i láthair gach ceannteideal a bhfuil coinne aige lena úsáid agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige agus na fo-iomláin a cheanglaítear le míreanna 69- 74 den Chaighdeán sin, d'ainneoin na gceanglas i mír 10 de IAS 34. Cuirfidh eintiteas na ceanglais i mír 10 de IAS 34 i bhfeidhm maidir le ceannteidil agus fo-iomláin i ráitis airgeadais chomhdhlúite tar éis dó a chéad ráitis airgeadais IFRS a eisiúint, ráitis a ullmhaíodh i gcomhréir le IFRS 18.

...

## Dáta éifeachtach

---

...

39AJ Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 1, 3, 4, 4A, 5, 22, 32, D30 agus E2, leasaítear Foscscríbhinn A agus cuirtear mír 32(za) leis. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

...

## Foscscríbhinn A

### Téarmaí sainmhínithe

|                                                                                                 |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ...                                                                                             |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
| <b>na chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais</b> | Na chéad ráitis airgeadais bhliantúla ina nglacann eintiteas <b>Caighdeán Chuntasaíochta IFRS</b> , trí ráiteas sainráite agus gan chuntar maidir le comhlíontacht le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
| ...                                                                                             |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
| <b>Caighdeán Chuntasaíochta IFRS</b>                                                            | Is caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta iad Caighdeán Chuntasaíochta IFRS. Is éard atá iontu: <ul style="list-style-type: none"><li>(a) Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais;</li><li>(b) Caighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta;</li><li>(c) Léirmhínithe IFRIC; agus</li><li>(d) Léirmhínithe SIC.</li></ul> Tugadh Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, IFRSanna agus Caighdeán IFRS ar Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS roimhe seo. |
| ...                                                                                             |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |

## Foscscríbhinn D

### Eisceachtaí ó IFRSanna eile

|     |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |
|-----|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ... |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |
|     | <b>Hipearbhoilsciú dian</b>                                                                                                                                                                                                                                                                                                |
| ... |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |
| D30 | I gcás ina dtiteann dáta normalaithe an airgeadra fheidhmiúil laistigh de thréimhse inchomparáide 12 mhí, féadfaidh an tréimhse inchomparáide a bheith níos lú ná 12 mhí, ar choinníoll go soláthraítear tacar iomlán de ráitis airgeadais (a cheanglaítear le mír 10 de IFRS 18) maidir leis an tréimhse níos giorra sin. |
| ... |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |

## Foscríbhinn E

### Díolúintí gearrthéarmacha ó IFRSanna

#### Díolúine ón gceanglas chun faisnéis chomparáideach a athshonrú le haghaidh IFRS 9

...

E2 Maidir le heintiteas a roghnaíonn chun faisnéis chomparáideach a chur i láthair nach gcomhlíonann IFRS 7 agus leagan críochnaithe IFRS 9 (arna eisiúint in 2014) ina chéad bhliain aistriúcháin, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- ...
- (d) mír 6C(c) de IAS 8 a chur i bhfeidhm chun nochtaí breise a sholáthar nuair nach bhfuil comhlíontacht leis na ceanglais shonracha in IFRSanna leordhóthanach chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí an tionchar atá ag idirbhearta áirithe, teagmhais áirithe eile agus dálaí áirithe ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht airgeadais an eintitis a thuiscint.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 39K.

\* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 39P.

\* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i míreanna 39Q agus 39R.

\* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8.

Scríostar an fonóta a ghabhann leis an sainmhíniú ar *Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS* i bhFoscríbhinn A.

## IFRS 2 *Íocaíocht Scairbhunaithe*

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 59B.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 63E.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8.

## IFRS 3 *Comhcheangail idir Gnólachtaí*

Leasaítear míreanna 50 agus B64. Cuirtear isteach mír 64R.

### An modh éadála

...

#### Tréimhse tomhais

...

- 50 Tar éis dheireadh na tréimhse tomhais, ní dhéanfaidh an faighteoir athbhreithniú ar an gcuntasaíocht ar chomhcheangal idir gnólachtaí ach amháin chun earráid a cheartú i gcomhréir le IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

...

### Dáta éifeachtach agus aistriú

#### Dáta éifeachtach

...

- 64R Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh míreanna 50 agus B64. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

...

### Foscríbhinn B

#### Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm

...

### Nochtaí (míreanna 59 agus 61 a chur i bhfeidhm)

- B64 Chun an cuspóir i mír 59 a chomhlíonadh, nochtfaidh an faighteoir an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach comhcheangal idir gnólachtaí a dhéantar le linn na tréimhse thuairiscithe:

...

- (q) an fhaisnéis seo a leanas:

...

Má tá sé dodhéanta aon fhaisnéis a éilítear leis an bhfomhír seo a nochtadh, nochtfaidh an faighteoir an méid sin agus míneoidh sé cén fáth a bhfuil an nochtadh dodhéanta. Úsáidtear san IFRS seo an téarma ‘dodhéanta’ leis an mbrí chéanna atá leis in IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRS 5 Sócmhainní Neamhreatha arna Sealbhú lena nDíol agus Oibríochtaí Scortha

Leasaítear míreanna 2, 3, 5A, 5B, 13, 17, 26A, 28, 33- 36A, 38, 39 agus 41, agus na ceannteidil roimh mhíreanna 31 agus 38. Ní leasaítear mír 31 ach cuirtear san áireamh í ar mhaithe le tagairt di a éascú. Cuirtear isteach mír 44N.

### Raon feidhme

- 2 Ceanglais an IFRS seo maidir le haicmiú, cur i láthair agus nochtadh, tá feidhm acu maidir leis na *sócmhainní neamhreatha* aitheanta uile agus na *grúpaí diúscartha* uile atá ag eintiteas. Tá feidhm ag ceanglais tomhais an IFRS seo maidir leis na sócmhainní neamhreatha aitheanta agus na grúpaí diúscartha uile (mar a leagtar amach i mír 4), ach amháin na sócmhainní sin a liostaítear i mír 5 a leanfaidh de bheith á dtomhas i gcomhréir leis an gCaighdeán a thugtar ar aird.
- 3 Sócmhainní a aicmítear mar shócmhainní neamhreatha i gcomhréir le IFRS 18 *Cur i láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*, ní athaicmeofar mar *shócmhainní reatha* iad go dtí go gcomhlíonfaidh siad na critéir chun go n-aicmeofar iad mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol i gcomhréir leis an IFRS seo. Sócmhainní, ar d'aicme iad a mbreathnódh eintiteas orthu mar shócmhainní neamhreatha de ghnáth, a fhaightear go heisiach d'fhonn iad a athdhíol, ní aicmeofar mar shócmhainní reatha iad ach amháin má chomhlíonann siad na critéir chun go n-aicmeofar iad mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol i gcomhréir leis an IFRS seo.
- ...
- 5A Ceanglais an IFRS seo maidir le haicmiú, cur i láthair, tomhas agus nochtadh atá infheidhme maidir le sócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha) a aicmítear mar shócmhainn arna sealbhú lena díol, tá feidhm acu freisin maidir le sócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha) a aicmítear mar shócmhainn arna sealbhú lena dáileadh ar úinéirí ag gníomhú dóibh ina gcáil mar úinéirí (arna sealbhú lena dáileadh ar úinéirí).
- 5B Sonraítear san IFRS seo na nochtáí a éilítear i leith sócmhainní neamhreatha (nó grúpaí diúscartha) a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol nó mar oibríochtaí scortha. Níl feidhm ag nochtáí in IFRSanna eile maidir le sócmhainní (nó grúpaí diúscartha) den sórt sin ach amháin má éilítear an méid seo a leanas leis na IFRSanna sin:
- (a) nochtáí sonracha i leith sócmhainní neamhreatha (nó grúpaí diúscartha) a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol nó mar oibríochtaí scortha; nó
  - (b) nochtáí maidir le tomhas sócmhainní agus dliteanas laistigh de ghrúpa diúscartha nach dtagann faoi raon feidhme cheanglas tomhais IFRS 5 agus nach soláthraítear na nochtáí sin cheana sna nótaí eile a ghabhann leis na ráitis airgeadais.
- D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le nochtáí breise maidir le sócmhainní neamhreatha (nó grúpaí diúscartha) a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú le díol nó mar oibríochtaí scortha chun ceanglais maidir le nochtadh IFRS 18 agus ceanglais IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* a chomhlíonadh, go háirithe míreanna 6A agus 31A de IAS 8.

### Aicmiú sócmhainní neamhreatha (nó grúpaí diúscartha) mar shócmhainní (nó mar ghrúpaí) arna sealbhú lena ndíol nó arna sealbhú lena ndáileadh ar úinéirí

...

#### Sócmhainní neamhreatha atá le tréigean

- 13 Ní aicmeoidh eintiteas sócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha) atá le tréigean mar shócmhainn arna sealbhú lena díol. Tá sé seo amhlaidh toisc go ndéanfar a suim ghlanluacha a aisghabháil go príomha trí úsáid leantach. Má chomhlíonann an grúpa diúscartha atá le tréigean na critéir i mír 32(a)–(c), áfach, cuirfidh an t-eintiteas torthaí agus sreafaí airgid an ghrúpa diúscartha i láthair nó nochtfaidh sé iad mar oibríochtaí scortha i gcomhréir le míreanna 33 agus 34 ar an dáta a scoirfear d'úsáid a bhaint as. Áirítear leis na sócmhainní

neamhreatha (nó grúpaí diúscartha) a thréigfear sócmhainní neamhreatha (nó grúpaí diúscartha) a mbainfear úsáid astu go deireadh a saolré eacnamaíche agus sócmhainní neamhreatha (nó grúpaí diúscartha) a ndéanfar iad a dhúnadh seachas a dhíol.

...

## **Tomhas sócmhainní neamhreatha (nó grúpaí diúscartha) a aicmítear mar shócmhainní (nó mar ghrúpaí) arna sealbhú lena ndíol**

---

### **Sócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha) a thomhas**

...

- 17 I gcás ina bhfuil coinne leis go rachaidh an díol thar 1 bhliain amháin, déanfaidh an t-eintiteas na costais a bhaineann le díol a thomhas ar a luach láithreach. Aicmeofar aon mhéadú ar luach láithreach na gcostas a bhaineann le díol a eascraíonn as imeacht ama i mbrabús nó caillteanas agus na ceanglais in IFRS 18 a bhaineann le hioncam agus costais a eascraíonn as atomhas sócmhainne neamhreatha (nó grúpa diúscartha) a aicmítear mar shócmhainn arna sealbhú le díol á gcur i bhfeidhm.

...

### **Athruithe ar phlean díolacháin nó ar phlean dailte ar úinéirí**

...

- 26A Má dhéanann eintiteas athaicmiú ar shócmhainn (nó grúpa diúscartha) go díreach mar shócmhainn arna sealbhú le díol go dtí sócmhainn arna sealbhú le dáileadh ar úinéirí, nó go díreach mar shócmhainn arna sealbhú le dáileadh ar úinéirí go dtí sócmhainn arna sealbhú le díol, meastar ansin an t-athrú ar aicmiú mar chuid leanúnach den bhunphlean maidir le diúscairt. Maidir leis an eintiteas:

- (a) ní leanfaidh sé an treoraíocht i míreanna 27–29 chun cuntas a choinneáil ar an athrú seo. Cuirfidh an t-eintiteas na ceanglais maidir le haicmiú, cur i láthair, tomhas agus nochtadh san IFRS seo is infheidhme maidir leis an modh diúscartha nua i bhfeidhm.

...

- 28 Cuirfidh an t-eintiteas san áireamh aon choigeartú a éilítear maidir le suim ghlanluacha sócmhainne neamhreatha a scoireann de bheith aicmithe mar shócmhainn arna sealbhú le díol nó mar shócmhainn arna sealbhú le dáileadh ar úinéirí i mbrabús nó caillteanas ó oibríochtaí leanúnacha sa tréimhse nach gcomhlíontar na critéir i míreanna 7- 9 nó 12A, faoi seach, a thuilleadh. Déanfar ráitis airgeadais le haghaidh na dtréimhsí ón aicmiú mar shócmhainn arna sealbhú le díol nó mar shócmhainn arna sealbhú le dáileadh ar úinéirí a leasú dá réir sin más fochuideachta, oibríocht chomhpháirteach, comhfhiontar, gnólacht comhlachaithe nó sciar de leas i gcomhfhiontar nó i ngnólacht comhlachaithe, é an grúpa diúscartha nó an tsócmhainn neamhreatha a scoireann de bheith aicmithe mar shócmhainn arna sealbhú le díol nó mar shócmhainn arna sealbhú le dáileadh ar úinéirí. Cuirfidh an t-eintiteas an coigeartú sin i láthair sa mhír líne chéanna sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach a úsáidtear chun gnóthachan nó caillteanas a chur i láthair, más ann dó, a aithnítear i gcomhréir le mír 37.

...

## **Cur i láthair agus nochtadh**

---

...

### **Oibríochtaí scortha**

- 31 Cuimsítear le *comhpháirt d'eintiteas* oibríochtaí agus sreafaí airgid is féidir a idirdhealú go soiléir, go hoibríochtúil agus chun críoch tuairiscithe airgeadais, ón gcuid eile den eintiteas. I bhfocail eile, bheadh comhpháirt d'eintiteas ina haonad giniúna airgid nó ina grúpa d'aonaid giniúna airgid agus i á sealbhú lena húsáid.

...

- 33 Cuirfidh eintiteas i láthair nó nochtfaidh sé an méid a leanas:

...

- (b) anailís ar an méid aonair in (a) ar:
- (i) ioncam, costais, brabús nó caillteanas iarchánach oibríochtaí scortha;
  - (ii) an costas cáin ioncaim a bhaineann leis mar a éilítear le mír 81(h) de IAS 12.
  - (iii) an gnóthachan nó caillteanas a aithnítear ar thomhas chuig luach cóir lúide costais a bhaineann le díol nó ar dhiúscairt na sócmhainní nó grúpa(i) diúscairthe arb í an oibríocht scortha í; agus
  - (iv) an costas cáin ioncaim a bhaineann leis mar a éilítear le mír 81(h) de IAS 12.
- Féadfar an anailís a chur i láthair sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach nó a nochtadh sna nótaí. Má chuirtear i láthair é sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach, aicmeofar é i gcatagóir na n-oibríochtaí scortha, i.e. ar leithligh ó oibríochtaí leanúnacha. Ní éilítear an anailís seo le haghaidh grúpaí diúscairthe ar fochuideachtaí a fuarthas as an nua iad a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar ghrúpaí diúscairthe arna sealbhú lena ndíol ar éadail (féach mír 11).
- (c) na glansreafaí airgid atá inchurtha i leith gníomhaíochtaí oibriúcháin, infheistíochta agus maoiniúcháin oibríochtaí scortha. Féadfar an fhaisnéis sin a chur i láthair sa ráiteas faoi shreabhadh airgid nó a nochtadh sna nótaí. Ní éilítear na nochtáí seo le haghaidh grúpaí diúscairthe ar fochuideachtaí a fuarthas as an nua iad a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar ghrúpaí diúscairthe arna sealbhú lena ndíol ar éadail (féach mír 11).
- (d) an méid ioncaim ó oibríochtaí leanúnacha agus ó oibríochtaí scortha atá inchurtha i leith úinéirí na máthairchuideachta. Féadfar an fhaisnéis sin a chur i láthair sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach nó a nochtadh sna nótaí.

33A Má chuireann eintiteas na míreanna brabúis nó caillteanais i láthair i ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas ar leithligh ó ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair mar a dtugtar tuairisc air i mír 12(b) de IFRS 18, cuirtear catagóir a shaináithnítear mar chatagóir a bhaineann le hoibríochtaí scortha i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.

34 Cuirfidh eintiteas na cuir i láthair agus na nochtáí i láthair arís i mír 33 le haghaidh réamhthréimhsí a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais ionas go mbainfidh na cuir i láthair agus na nochtáí leis na hoibríochtaí uile ar scoireadh díobh faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe le haghaidh na tréimhse is déanaí a chuirtear i láthair.

35 Maidir le coigeartuithe sa tréimhse reatha ar mhéideanna a aicmíodh roimhe seo i gcatagóir na n-oibríochtaí scortha a bhaineann go díreach le diúscairt oibríochta scortha i réamhthréimhse, aicmeofar ar leithligh iad freisin i gcatagóir na n-oibríochtaí scortha. Nochtfar cineál agus méid coigeartuithe den sórt sin. Is samplaí iad seo a leanas d'imthosca as a bhféadfadh na coigeartuithe sin eascairt:

...

36 Má scoireann eintiteas de chomhpháirt d'eintiteas a aicmiú mar chomhpháirt arna sealbhú le díol, déanfar torthaí oibríochtaí na comhpháirte a aicmíodh roimhe sin i gcatagóir na n-oibríochtaí scortha i gcomhréir le míreanna 33- 35 a athaicmiú agus a áireamh in ioncam ó oibríochtaí leanúnacha le haghaidh gach tréimhse a chuirtear i láthair. Tabharfar tuairisc ar na méideanna le haghaidh réamhthréimhsí mar mhéideanna a cuireadh i láthair arís.

36A Déanfaidh eintiteas atá tiomanta do phlean díolacháin lena mbaineann caillteanas i rialú fochuideachta an fhaisnéis a cheanglaítear i míreanna 33- 36 a chur i láthair nó a nochtadh nuair is grúpa diúscairthe í an fhochuideachta a chomhlíonann an sainmhíniú ar oibríocht scortha i gcomhréir le mír 32.

...

## **Sócmhainn neamhreacha nó grúpa diúscairthe a aicmítear mar shócmhainn nó mar ghrúpa arna sealbhú le díol**

38 Cuirfidh eintiteas sócmhainn neamhreacha a aicmítear mar shócmhainn arna sealbhú le díol agus sócmhainní grúpa diúscairthe a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú le díol i láthair ar leithligh ó shócmhainní eile sa ráiteas staide airgeadais. Maidir le dliteanais grúpa diúscairthe a aicmítear mar dhliteanais arna sealbhú lena ndíol, cuirfear i láthair ar leithligh iad ó dhliteanais eile sa ráiteas staide airgeadais. Ní dhéanfar na sócmhainní ná na dliteanais sin a fhritháireamh agus a chur i láthair mar mhéid amháin. Déanfar na móraicmí sócmhainní agus dliteanais a aicmítear mar shócmhainní agus mar dhliteanais arna sealbhú le díol a chur i láthair ar leithligh sa ráiteas staide airgeadais nó a nochtadh sna nótaí, ach amháin mar a cheadaítear le mír 39. Déanfaidh eintiteas aon ioncam nó costas carnach a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile a bhaineann le sócmhainn neamhreacha (nó grúpa diúscairthe) a aicmítear mar shócmhainn arna sealbhú le díol a chur i láthair ar leithligh.

- 39 Más fochuideachta a fuarthas as an nua é an grúpa diúscartha a chomhlíonann na critéir lena aicmiú mar ghrúpa arna shealbhú le díol ar éadail (féach mír 11), ní cheanglaítear cur i láthair nó nochtadh na móraicmí sócmhainní agus dliteanas.

...

## Nochtaí breise

- 41 Nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis seo a leanas sna nótaí sa tréimhse inar aicmíodh sócmhainn neamhreacha (nó grúpa diúscartha) mar shócmhainn arna sealbhú le díol nó díolta:

...

- (c) an gnóthachan nó caillteanas a aithnítear i gcomhréir le míreanna 20- 22 agus, mura gcuirtear i láthair ar leithligh iad sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an mhír líne sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach lena n- áirítear an gnóthachan nó an caillteanas sin;

...

## Dáta éifeachtach

...

- 44N Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 2, 3, 5A, 5B, 13, 17, 26A, 28, 33- 36A, 38, 39 agus 41, agus na ceannteidil roimh mhíreanna 31 agus 38. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 44A.

- \* I mí Aibreáin 2024 d’eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 44I.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le ‘IAS 8 *Beartaís Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*’ i mír 44L.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18, d’athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRS 6 *Taiscéalaíocht agus meastóireacht a dhéanamh ar acmhainní mianracha*

Leasaítear mír 6. Cuirtear isteach mír 26B.

### Sócmhainní taiscéalaíochta agus meastóireachta a aithint

#### Díolúine shealadach ó IAS 8 míreanna 11 agus 12

- 6 Agus a bheartais chuntasaíochta á bhforbairt aige, cuirfidh eintiteas a aithníonn sócmhainní taiscéalaíochta agus meastóireachta mír 10 de IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* i bhfeidhm.

...

### Dáta éifeachtach

...

- 26B Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 6. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 26A.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí*

Leasaítear míreanna 3, 8, 20, 21, 24C, 24E, 24F, 24G, B5, B7 agus B46. Cuirtear míreanna 19A- 19B agus a bhfo- cheannteideal gaolmhar, agus mír 44KK leis.

### Raon feidhme

- 3 Cuirfidh na heintitis uile an IFRS seo i bhfeidhm maidir le gach cineál ionstraime airgeadais, seachas:
- ...
- (f) ionstraimí a gceanglaítear iad a aicmiú mar ionstraimí cothromais i gcomhréir le míreanna 16A agus 16B nó míreanna 16C agus 16D de IAS 32. Ceanglaítear na nochtaí a cheanglaítear le míreanna 19A- 19B le haghaidh ionstraimí den sórt sin, áfach.
- ...

### Tábhacht na n-ionstraimí airgeadais maidir le staid airgeadais agus feidhmíocht airgeadais

...

#### Ráiteas staide airgeadais

##### Catagóirí de shócmhainní airgeadais agus de dhliteanais airgeadais

- 8 Cuirfear i láthair suimeanna glanluacha gach ceann de na catagóirí seo a leanas, mar a shonraítear in IFRS 9, sa ráiteas staide airgeadais nó nochtar sna nótaí iad:
- ...

##### Ionstraimí airgeadais a aicmítear mar chothromas i gcomhréir le míreanna 16A- 16B nó míreanna 16C- 16D de IAS 32

- 19A I gcás ionstraimí airgeadais indiola a aicmítear mar ionstraimí cothromais i gcomhréir le míreanna 16A–16B de IAS 32, nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas (a mhéid nach nochtar in áit éigin eile iad):
- (a) sonraí cainníochtúla achoimre maidir leis an méid a aicmítear mar chothromas;
  - (b) a chuspóirí, a bheartais, agus a phróisis chun bainistiú a dhéanamh ar a oibleagáid maidir le hathcheannach nó fuascailt na n-ionstraimí nuair a cheanglaíonn sealbhóirí na n-ionstraimí air déanamh amhlaidh, lena n-áirítear aon athrú ón tréimhse roimhe sin;
  - (c) eis- sreabhadh airgid ionchasach ar fhuascailt nó athcheannach na haicme ionstraimí airgeadais sin; agus
  - (d) faisnéis maidir leis an gcaoi ar cinneadh an t-eis-sreabhadh airgid ionchasach ar fhuascailt nó athcheannach.
- 19B Má rinne eintiteas aon cheann de na hionstraimí airgeadais seo a leanas a athaicmiú idir dliteanais airgeadais agus cothromas, nochtfaidh sé an méid a athaicmíodh isteach i ngach catagóir agus amach as gach catagóir (dliteanais airgeadais nó cothromas), agus uainiú agus cúis an athaicmithe sin:
- (a) ionstraim airgeadais indíola a aicmítear mar ionstraim chothromais agus míreanna 16A- 16B de IAS 32 á gcur i bhfeidhm; nó
  - (b) ionstraim lena bhforchuirtear oibleagáid ar an eintiteas scair pro rata de ghlansócmhainní an eintitis a sholáthar do pháirtí eile ar leachtú amháin agus a aicmítear mar ionstraim chothromais agus míreanna 16C- 16D de IAS 32 á gcur i bhfeidhm.

## Ráiteas ar ioncam cuimsitheach

### Míreanna ioncaim, costais, gnóthachan nó caillteanas

- 20 Déanfaidh eintiteas na míreanna ioncaim, costais, gnóthachan nó caillteanas seo a leanas a chur i láthair sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach, faoi réir na gceanglas maidir le cur i láthair in IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*, nó nochtfaidh sé sna nótaí iad:

...

### Nochtaí eile

#### Beartais chuntasaíochta

- 21 I gcomhréir le mír 27A de IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*, nochtann eintiteas faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta. An fhaisnéis maidir leis an mbonn (nó na boinn) tomhais le haghaidh ionstraimí airgeadais a úsáidtear chun na ráitis airgeadais a ullmhú, meastar gur faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a bheidh inti.

#### Cuntasaíocht fálaíthe

...

#### *Éifeachtaí na cuntasaíochta fálaíthe ar an staid airgeadais agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais*

...

- 24C Nochtfaidh eintiteas, i bhformáid tábla, na méideanna seo a leanas ar leithligh de réir catagóir riosca le haghaidh na gcineálacha fáluíthe mar a leanas:

...

- (b) le haghaidh fáluíthe sreabhaidh airgid agus fáluíthe de ghlan-infheistíocht in oibríocht eachtrach:

...

- (iv) an méid arna athaicmiú ón gcúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid nó ón gcúlchiste um aistriú airgeadra eachtraigh isteach i mbrabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18) (lena ndéantar idirdhealú idir méideanna ar úsáideadh cuntasaíocht fálaíthe dóibh roimhe seo, ach nach bhfuil coinne leis go dtarlóidh sreafaí airgid todhchaí fálaíthe maidir leo a thuilleadh, agus méideanna a aistríodh toisc go ndearna an mhír fhálaíthe difear do bhrabús nó caillteanas);
- (v) an mhír líne sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach lena n-áirítear an coigeartú athaicmithe (féach IFRS 18); agus

...

- 24E Soláthróidh eintiteas réiteach maidir le gach comhpháirt chothromais agus anailís ar ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le IFRS 18 lena ndéantar, le chéile:

...

- 24F Soláthróidh eintiteas an fhaisnéis a éilítear i mír 24E ar leithligh de réir catagóir riosca. Féadfar an dí-chomhiomlánú sin de réir riosca a nochtadh sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

#### *An rogha maidir le neamhchosaint creidmheasa a ainmniú mar neamhchosaint arna tomhas ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas*

- 24G I gcás inar ainmnigh eintiteas ionstraim airgeadais, nó cuid di, mar ionstraim arna tomhas ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas toisc go n-úsáideann sé diorthach creidmheasa chun riosca creidmheasa na hionstraime airgeadais sin a bhainistiú nochtfaidh sé:

...

- (c) ar scor d'ionstraim airgeadais a thomhas, nó cuid di, ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas, tá luach cóir na hionstraime airgeadais sin arb í an tsuim ghlanluacha nua í i gcomhréir le mír 6.7.4

de IFRS 9 agus an méid ainmniúil nó an phríomhshuim ghaolmhar í (ach amháin chun faisnéis chomparáideach a sholáthar i gcomhréir le IFRS 18, ní gá d'eintiteas leanúint den nochtadh sin i dtreimhsí ina dhiaidh sin).

...

## **Dáta éifeachtach agus aistriú**

---

...

44KK Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 3, 8, 20, 21, 24C, 24E, 24F, 24G, B5, B7 agus B46, agus cuirtear míreanna 19A- 19B agus fo- cheannteideal gaolmhar leis. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

...

## **Foscúbhinn B**

### **Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm**

## **Aicmí ionstraimí airgeadais agus an leibhéal nochtá (mír 6)**

---

...

### **Nochtadh eile – beartais chuntasaíochta (mír 21)**

B5 Le mír 21, ceanglaítear faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a nochtadh, a meastar go mbeidh faisnéis inti maidir leis an mbonn (nó na boinn) tomhais le haghaidh ionstraimí airgeadais a úsáidtear chun na ráitis airgeadais a ullmhú. Maidir le hionstraimí airgeadais, d'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh le nochtadh den sórt sin:

...

Le mír 27G de IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*, ceanglaítear ar eintitis na breithiúnais a nochtadh freisin, in éineacht le faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta nó nótaí eile, seachas na breithiúnais sin a mbaineann meastacháin leo, agus atá déanta ag an lucht bainistíochta agus beartais chuntasaíochta an eintitis á gcur i bhfeidhm acu, agus a bhfuil an tionchar is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

## **Cineál agus fairsinge na rioscaí a eascraíonn as ionstraimí airgeadais**

### **(míreanna 31–42)**

---

...

### **Nochtaí cainníochtúla (mír 34)**

B7 Ceanglaítear le mír 34(a) nochtaí a dhéanamh de mhionsonraí cainníochtúla a choimre maidir le neamhchosaint eintitis bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar go himmheánach do phríomhphearsanra bainistíochta an eintitis. I gcás ina n-úsáideann eintiteas modhanna éagsúla chun neamhchosaint a bhainistiú, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis agus úsáid á baint as an modh nó na modhanna a sholáthraíonn an fhaisnéis is ábhartha agus is iontaofa. Pléitear ábharthacht agus iontaofacht in IAS 8.

...

## **Dí-aithint (míreanna 42C–42H)**

---

...

## Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh (míreanna 13A–13F)

...

### Nochtadh na nglanmhéideanna arna gcur i láthair sa ráiteas staide airgeadais (mír 13C(c))

...

- B46 Ní mór na méideanna is gá a nochtadh le mír 13C(c) a réiteach leis na méideanna míre líne aonair arna gcur i láthair sa ráiteas staide airgeadais. Mar shampla, má chomhiomlánaíonn nó má dhí- chomhiomlánaíonn eintiteas a chuireann ceanglais IFRS 18 i bhfeidhm méideanna a chuirtear i láthair i míreanna líne ráitis airgeadais aonair nuair a sholáthraíonn an t- eintiteas na méideanna a cheanglaítear le mír 13C(c), ní mór dó na méideanna comhiomlánaithe nó dí- chomhiomlánaithe sin a réiteach ar ais leis na méideanna míre líne aonair a chuirtear i láthair sa ráiteas staide airgeadais.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 44A.

- \* I mí Aibreáin 2024 d’eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 44C.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí*.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 44Q.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le ‘IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*’ i mír 44AA.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18, d’athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

Cuirtear fonóta le ‘IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*’ i mír 44FF.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18, d’athraigh IASB teideal IAS 8.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 44II.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais chun faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a nochtadh in IAS 1 anonn go IAS 8.

## IFRS 8 Deighleoga Oibriúcháin

Leasaítear mír 23 agus cuirtear isteach mír 36D.

### Nochtadh

---

...

#### Faisnéis maidir le brabús nó cailteanas, sócmhainní agus dliteanais

- 23 Tabharfaidh eintiteas tuairisc ar thomhas brabúis nó cailteanais maidir le gach deighleog intuarascála. Tabharfaidh eintiteas tuairisc ar thomhas na sócmhainní agus na ndliteanas iomlán maidir le gach deighleog intuarascála má sholáthraítear méideanna den sórt sin go tráthrialta don phríomhchinnteoir oibriúcháin. Nochtfaidh eintiteas na nithe a leanas freisin maidir le gach deighleog intuarascála má áirítear na méideanna sonraithe sa tomhas ar bhrabús nó cailteanas deighleoge arna athbhreithniú ag an bpríomhchinnteoir oibriúcháin, nó a sholáthraítear go tráthrialta ar bhealach eile don phríomhchinnteoir oibriúcháin, fiú mura n-áirítear iad sa tomhas sin ar bhrabús nó cailteanas deighleoge:

...

- (f) míreanna ábhartha ioncaim agus costais a nochtar i gcomhréir le mír 42 de IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*;

...

### Aistriú agus dáta éifeachtach

---

...

- 36D Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 23. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 36A.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais*

Leasaítear míreanna 5.6.5, 5.6.7, 5.7.10, 6.5.11, 6.5.12, 6.5.14, 6.5.15, 6.7.2 agus B4.1.2A agus cuirtear mír 7.1.11 leis.

## Caibidil 5 Tomhas

...

### 5.6 Athaicmiú sócmhainní airgeadais

...

- 5.6.5 Má dhéanann eintiteas sócmhainn airgeadais a athaicmiú amach as an gcatagóir tomhais luacha chóir trí ioncam cuimsitheach eile agus isteach sa chatagóir tomhais costais amúchta, déantar an tsócmhainn airgeadais a athaicmiú ar a luach cóir ar an dáta athaicmiúcháin. Baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach a aithníodh roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile as cothromas agus déantar é a choigeartú in aghaidh luach cóir na sócmhainne airgeadais ar an dáta athaicmiúcháin, áfach. Mar thoradh air sin, tomhaistear an tsócmhainn airgeadais ar an dáta athaicmiúcháin amhail is gur tomhaiseadh i gcónaí í ar chostas amúchta. Déanann an coigeartú seo difear d'ioncam cuimsitheach eile ach ní dhéanann sé difear do bhrabús nó caillteanas agus dá bhrí sin, ní coigeartú athaicmithe é seo (féach IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*). Ní dhéantar coigeartú ar an nglanráta úis ná tomhas na gcaillteanas creidmheasa ionchasach de thoradh an athaicmithe. (Féach mír B5.6.1)

...

- 5.6.7 Má dhéanann eintiteas athaicmiú ar shócmhainn airgeadais amach as an gcatagóir tomhais luacha chóir trí ioncam cuimsitheach eile agus isteach sa chatagóir tomhais luacha chóir trí bhrabús nó caillteanas, leanfar den tsócmhainn airgeadais a thomhas ar luach cóir. Déantar an gnóthachan nó caillteanas carnach a aithníodh roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile a athaicmiú ó chothromas go brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18) ar an dáta athaicmiúcháin.

### 5.7 Gnóthachain agus caillteanais

...

#### Sócmhainní arna dtomhas ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile

- 5.7.10 Gnóthachan agus caillteanas ar shócmhainn airgeadais a thomhaistear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2A, aithneofar é in ioncam cuimsitheach eile, ach amháin maidir le gnóthachain nó caillteanais lagaithe (féach Roinn 5.5) agus maidir le gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí (féach míreanna B5.7.2–B5.7.2A), go dtí go ndí-aithneofar nó go n-athaicmeofar an tsócmhainn airgeadais. I gcás ina a ndí-aithneofar an tsócmhainn airgeadais, déantar an gnóthachan nó caillteanas carnach a aithníodh roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile a athaicmiú ó chothromas go brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18). Má dhéantar an tsócmhainn airgeadais a athaicmiú as an luach cóir trí chatagóir tomhais an ioncaim chuimsithigh eile, coinneoidh an t-eintiteas cuntas ar an ngnóthachan nó caillteanas carnach a aithníodh roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le míreanna 5.6.5 agus 5.6.7. Ús arna ríomh agus úsáid á baint as modh an úis ghlain, aithnítear é i mbrabús nó caillteanas.

...

## Caibidil 6 Cuntasaíocht fálaíthe

...

## 6.5 Cuntas a choinneáil ar ghaolmhaireachtaí fálaíthe cáilitheacha

...

### Fáluithe ar an sreabhadh airgid

- 6.5.11 Chomh fada agus a chomhlíonann fálú aran sreabhadh airgid na critéir cháilitheacha i mír 6.4.1, coinneofar cuntas ar an ngaolmhaireacht fálaíthe mar a leanas:

...

- (d) an méid atá carntha sa chúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid i gcomhréir le (a), coinneofar cuntas air mar a leanas:
- (i) más é a leanann ina dhiaidh sin as fálú ar idirbheart réamhaisnéise go n-aithnítear sócmhainn neamhairgeadais nó dliteanas neamhairgeadais, nó má thagann fálú ar idirbheart réamhaisnéise le haghaidh sócmhainn neamhairgeadais nó dliteanas neamhairgeadais chun bheith ina cheangaltas daingean a gcuirtear cuntasáíocht fálaíthe luacha chóir i bhfeidhm lena aghaidh, bainfidh an t-eintiteas an méid sin den chúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid agus cuirfidh san áireamh é go díreach sa chostas tosaigh nó i suim ghlanluacha eile na sócmhainne nó an dliteanais. Ní choigeartú athaicmithe é seo (féach IFRS 18) agus dá bharr sin ní dhéanann sé difear d'ioncam cuimsitheach eile.
  - (ii) i gcás fáluithe ar an sreabhadh airgid seachas iad siúd a chumhdaítear le (i), déanfar an méid sin a athaicmiú ón gcúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid chuig brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18) sa tréimhse chéanna nó sna tréimhsí céanna ina ndéanann na sreafaí airgid todhchaí fálaíthe ionchasacha difear do bhrabús nó do chaillteanas (sna tréimhsí ina n-aithnítear ioncam úis nó speansas úis, mar shampla, nó nuair a tharlaíonn díolachán réamhaisnéise).
  - (iii) más caillteanas é an méid sin, áfach, agus má tá coinne ag eintiteas leis nach ndéanfar an caillteanas sin ar fad nó cuid de a aisghabháil i gceann amháin nó níos mó de thréimhsí amach anseo, déanfaidh sé an méid nach bhfuil coinne lena aisghabháil a athaicmiú láithreach chuig brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18).

- 6.5.12 Nuair a scoireann eintiteas de cuntasáíocht fálaíthe a dhéanamh le haghaidh fálú ar an sreabhadh airgid (féach míreanna 6.5.6 agus 6.5.7(b)), coinneoidh sé cuntas ar an méid atá carntha sa chúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid i gcomhréir le mír 6.5.11(a) mar a leanas:

...

- (b) mura bhfuil coinne leis go dtarlóidh sreafaí airgid todhchaí fálaíthe níos mó, déanfar an méid sin a athaicmiú láithreach ón gcúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid chuig brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18). D'fhéadfadh sé go mbeidh coinne go fóill leis go dtarlóidh sreabhadh airgid todhchaí fálaíthe nach bhfuil thar a bheith dócháil níos mó.

### Fáluithe de ghlan-infheistíocht in oibríocht eachtrach

...

- 6.5.14 An gnóthachan nó caillteanas carntha ar an ionstraim fálaíthe a bhaineann leis an sciar éifeachtach den fhálú atá carntha sa chúlchiste um aistriú airgeadra eachtraigh, athaicmeofar ó chothromas chuig brabús nó caillteanas é mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18) i gcomhréir le míreanna 48-49 de IAS 21 ar dhiúscairt nó ar dhiúscairt pháirteach na hoibríochta eachtraí.

### Cuntas a choinneáil ar amluach roghanna

- 6.5.15 Nuair a scarann eintiteas luach intreach agus amluach conartha céadrogha óna chéile agus nuair nach n-ainmníonn sé ach an t-athrú ar luach intreach na rogha mar an ionstraim fálaíthe, (féach mír 6.2.4(a)), coinneoidh sé cuntas ar amluach na rogha mar a leanas (féach míreanna B6.5.29-B6.5.33):

...

- (b) an t-athrú ar luach cóir amluach rogha lena bhfálaítear mír fhálaíthe a bhaineann le hidirbheart, aithneofar é in ioncam cuimsitheach eile a mhéid a bhaineann sé leis an mír fhálaíthe agus carnfar

é i ngné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna. An t-athrú carnach ar luach cóir a eascraíonn as amluach na rogha a carnadh i ngné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna (an ‘méid’), coinneofar cuntas air mar a leanas:

- (i) más é a leanann ina dhiaidh sin as an mír fhálaithe go n-aithnítear sócmhainn neamhairgeadais nó dliteanas neamhairgeadais, nó ceangaltas daingean le haghaidh sócmhainn neamhairgeadais nó dliteanas neamhairgeadais a gcuirtear cuntasaiócht fálaithe luacha chóir i bhfeidhm lena aghaidh, bainfidh an t-eintiteas an méid ón ngné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna agus cuirfidh san áireamh é go díreach sa túschoistas nó i suim ghlanluacha eile na sócmhainne nó an dliteanais. Ní coigeartú athaicmithe é seo (féach IFRS 18) agus dá bharr sin ní dhéanann sé difear d’ioncam cuimsitheach eile.
  - (ii) i gcás gaolmhaireachtaí fálaithe seachas iad siúd a chumhdaítear le (i), déanfar an méid a athaicmiú ón ngné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna chuig brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18) sa tréimhse chéanna nó sna tréimhsí céanna ina ndéanann na sreafaí airgid todhchaí fálaithe ionchasacha difear do bhrabús nó caillteanas (nuair a tharlaíonn díolachán réamhaisnéise, mar shampla).
  - (iii) mura bhfuil coinne leis go ndéanfar an méid sin ar fad nó cuid de a aisghabháil i dtréimhse amháin nó níos mó sa todhchaí, áfach, déanfar an méid nach bhfuil coinne lena aisghabháil a athaicmiú láithreach chuig brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18).
- (c) an t-athrú ar luach cóir amluach rogha lena bhfálaithear mír fhálaithe a bhaineann le tréimhse ama, aithneofar é in ioncam cuimsitheach eile a mhéid a bhaineann sé leis an mír fhálaithe agus carnfar é i ngné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna. An t-amluach ar an dáta a ainmnítear an rogha mar mhír fhálaithe, a mhéid a bhaineann sé leis an mír fhálaithe, déanfar é a amúchadh ar bhonn córasach agus réasúnach i gcaitheamh na tréimhse ar lena linn a d’fhéadfadh an coigeartú fálaithe le haghaidh luach intreach na rogha difear a dhéanamh do bhrabús nó caillteanas (nó d’ioncam cuimsitheach eile), más ionstraim chothromais í an mhír fhálaithe ar ina leith a chinn eintiteas athruithe a chur i láthair ar luach cóir in ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 5.7.5.). Dá bhrí sin, déanfar an méid amúchta a athaicmiú ón ngné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna chuig brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18) i ngach tréimhse thuairiscithe. Má scoirtear de chuntasaíocht fálaithe le haghaidh na gaolmhaireachta fálaithe lena n-áirítear an t-athrú ar luach intreach na rogha mar an ionstraim fálaithe, déanfar an glanmhéid (i.e. lena n-áirítear amúchadh carnach) atá carntha sa ghné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna a athaicmiú láithreach chuig brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18).

...

## **6.7 An rogha maidir le neamhchosaint creidmheasa a ainmniú mar neamhchosaint arna tomhas ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas**

...

### **Cuntas a choinneáil ar neamhchosaintí creidmheasa a ainmnítear ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas**

- 6.7.2 Má ainmnítear ionstraim airgeadais i gcomhréir le mír 6.7.1 mar ionstraim arna tomhas ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas i ndiaidh na haitheanta tosaigh, nó murar aithníodh í roimhe sin, déanfar an difríocht, tráth an ainmnithe, idir an tsuim ghlanluacha, más ann di, agus an luach cóir, a aithint láithreach i mbrabús nó caillteanas. Maidir le sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2A, déanfar an gnóthachan nó caillteanas carnach a aithníodh roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile a athaicmiú láithreach ó chothromas go brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18).

...

## Caibidil 7 Dáta éifeachtach agus aistriú

### 7.1 Dáta éifeachtach

---

- ...
- 7.1.11 Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 5.6.5, 5.6.7, 5.7.10, 6.5.11, 6.5.12, 6.5.14, 6.5.15, 6.7.2 agus B4.1.2A. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.
- ...

## Aguisín B

### Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm

### Aicmiú (Caibidil 4)

---

#### Aicmiú sócmhainní airgeadais (Roinn 4.1)

##### Samhail ghnó an eintitis maidir le bainistiú sócmhainní airgeadais

- ...
- B4.1.2A Le samhail ghnó eintitis, déantar tagairt don bhealach a mbainistíonn eintiteas a shócmhainní airgeadais chun sreafaí airgid a ghiniúint. Is é sin, cinntear le samhail ghnó eintitis cé acu a leanfaidh nó nach leanfaidh sreafaí airgid as sreafaí airgid conarthach a bhailiú, as sócmhainní airgeadais a dhíol nó as an dá rud. Dá réir sin, ní dhéantar an measúnú sin ar bhonn cásanna nach bhfuil coinne réasúnach ag an eintiteas leis go dtarlóidh siad, amhail cásanna ar a dtugtar ‘an cás is measa’ nó ‘cás struis’. Mar shampla, má tá coinne ag eintiteas leis nach ndíolfaidh sé punann áirithe sócmhainní airgeadais ach amháin i gcás struis, ní dhéanfaidh an cás sin difear do mheasúnú an eintitis ar an tsamhail ghnó le haghaidh na sócmhainní sin má tá coinne réasúnach ag an eintiteas leis nach dtarlóidh cás den sórt sin. Má réadaítear sreafaí airgid ar bhealach atá difriúil lena raibh coinne ag an eintiteas ar an dáta a rinne an t-eintiteas measúnú ar an tsamhail gnó (má dhíolann an t-eintiteas níos mó nó níos lú sócmhainní airgeadais ná mar a bhí coinne aige leis nuair a d’aicmigh sé na sócmhainní, mar shampla), ní eascraíonn earráid réamhthréimhse as sin i ráitis airgeadais an eintitis (féach IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*), ná ní athraíonn sé an t-aicmiú ar a bhfuil fágtha de na sócmhainní airgeadais arna sealbhú sa tsamhail ghnó sin (i.e. na sócmhainní sin a d’aithin an t-eintiteas i réamhthréimhsí agus atá fós ina sheilbh) chomh fada agus a bhreithnigh an t-eintiteas an fhaisnéis ábhartha uile a bhí ar fáil an tráth a rinne sé an measúnú ar an tsamhail ghnó. Mar sin féin, nuair a dhéanann eintiteas measúnú ar an tsamhail ghnó le haghaidh sócmhainní airgeadais nuathionscanta nó nuacheannaithe, ní mór dó faisnéis faoin mbealach a réadaíodh sreafaí airgid san am atá caite a bhreithniú, chomh maith leis an bhfaisnéis ábhartha eile uile.

Cuirtear fonóta le ‘IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*,’ i mír 7.2.1.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d’athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRS 10 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite*

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*,' i mír C2.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRS 11 Comhshocruithe

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta,' i mír C1B.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRS 12 *Nochtadh Leasanna in Eintitis Eile*

Leasaítear mír B14 agus cuirtear isteach mír C1E.

### Foscúbhinn B

#### Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm

...

#### **Achoimre ar fhaisnéis airgeadais le haghaidh fochuideachtaí, comhfhiontar agus ghnólachtaí comhlachaithe (míreanna 12 agus 21)**

...

- B14 Is éard a bheidh san achoimre ar fhaisnéis airgeadais arna nochtadh i gcomhréir le míreanna B12 agus B13, na méideanna a áirítear i ráitis airgeadais IFRS an chomhfhiontair nó an ghnólachta chomhlachaithe (agus ní sciar an eintitis de na méideanna sin). Má dhéanann an t-eintiteas cuntas ar a leas sa chomhfhiontar nó sa ghnólacht comhlachaithe trí úsáid a bhaint as modh an chothromais:
- (a) déanfar na méideanna a áirítear i ráitis airgeadais IFRS an chomhfhiontair nó an ghnólachta chomhlachaithe a choigeartú chun coigeartuithe a rinne an t-eintiteas agus modh an chothromais á úsáid aige a léiriú, amhail coigeartuithe cóirluacha a rinneadh tráth na h-éadála agus coigeartuithe le haghaidh difríochtaí i mbeartais chuntasaíochta.
  - (b) soláthróidh an t-eintiteas réiteach ar an achoimre ar an bhfaisnéis airgeadais a nochtar le suim ghlanluacha a leasa sa chomhfhiontar nó sa ghnólacht comhlachaithe.

...

### Foscúbhinn C

#### Dáta éifeachtach agus aistriú

#### **Dáta éifeachtach agus aistriú**

...

- C1E Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír B14. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*,' i mír C1D.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRS 13 *Tomhas Cóirluacha*

Leasaítear mír 51 agus cuirtear isteach mír C7.

### Tomhas

---

...

**Cur i bhfeidhm maidir le sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a bhfuil suíomhanna fritháirimh acu i rioscaí margaidh nó riosca creidmheasa contrapháirtí**

...

- 51 Déanfaidh eintiteas cinneadh maidir le beartas cuntasaíochta i gcomhréir le IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* chun an eisceacht i mír 48 a úsáid. Eintiteas a úsáideann an eisceacht, cuirfidh sé an beartas cuntasaíochta sin i bhfeidhm, lena n-áirítear a bheartas maidir le coigeartuithe ar an raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh (féach míreanna 53–55) agus coigeartuithe creidmheasa (féach mír 56), más infheidhme, go comhsheasmhach ó thréimhse go tréimhse, maidir le punann faoi leith.

...

### Foscríbhinn C

#### Dáta éifeachtach agus aistriú

...

- C7 Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 51. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

## IFRS 15 *Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí*

Leasaítear mír 43 agus cuirtear isteach mír C1D.

### Aitheantas

...

#### **Oibleagáidí feidhmíochta a chomhlíonadh**

...

#### **Dul chun cinn i dtreo comhlíonadh iomlán oibleagáide feidhmíochta a thomhas**

...

*Modhanna chun dul chun cinn a thomhas*

...

- 43 De réir mar a athraíonn imthosca le himeacht ama, tabharfaidh eintiteas a thomhas ar dhul chun cinn cothrom le dáta chun léiriú a thabhairt ar aon athrú ar thoradh na hoibleagáide feidhmíochta. Déanfar cuntas ar athruithe den sórt sin ar thomhas eintitis ar dhul chun cinn mar athrú ar mheastachán cuntasaíochta i gcomhréir le IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

...

### Foscúbhinn C

#### **Dáta éifeachtach agus aistriú**

#### **Dáta éifeachtach**

...

- C1D Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 43. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*,' i mír C3(a).

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRS 16 Léasanna

Leasaítear mír 49 agus cuirtear isteach mír C1E.

### Léasaí

...

#### Cur i Láthair

...

- 49 Sa ráiteas ar bhrabús nó cailteanas agus ioncam cuimsitheach eile, cuirfidh léasaí i láthair speansas úis ar an dliteanas léasa ar leithligh ón muirear dímhéasa le haghaidh na sócmhainne lena ngabhann ceart úsáide. Le mír 61 de IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*, ceanglaítear ar eintiteas aicmiú a dhéanamh i gcatagóir maoiniúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chailteanas costas úis ar an dliteanas léasa, arna shainaithint ag an eintiteas agus mír 36(a) á cur i bhfeidhm aige.

...

### Foscríbhinn C

#### Dáta éifeachtach agus aistriú

#### Dáta éifeachtach

...

- C1E Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 49. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*,' i mír C5(a).

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRS 17 Conarthaí Árachais

Leasaítear míreanna 91, 96, 103 agus B129 agus cuirtear mír C2B leis.

### Aithint agus cur i láthair sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais (míreanna B120–B136)

...

#### Ioncam airgeadais árachais nó caiteachas airgeadais árachais (féach míreanna B128–B136)

...

91 Má aistríonn eintiteas grúpa conarthaí árachais nó má dhéanann sé conradh árachais a dhí-aithint agus mír 77 á cur i bhfeidhm:

- (a) déanfaidh sé athaicmiú go dtí brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18 Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais) ar aon mhéid atá fágtha i ndáil leis an ngrúpa (nó conradh) a aithníodh roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile toisc gur roghnaigh an t-eintiteas an beartas cuntasáíochta a leagtar amach i mír 88(b).
- (b) ní dhéanfaidh sé athaicmiú go dtí brabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18) ar aon mhéid atá fágtha i ndáil leis an ngrúpa (nó conradh) a aithníodh roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile toisc gur roghnaigh an t-eintiteas an beartas cuntasáíochta a leagtar amach i mír 89(b).

...

### Nochtadh

...

96 Le míreanna 41–43 de IFRS 18 leagtar amach ceanglais a bhaineann le comhiomlánú agus le dí-chomhiomlánú faisnéise. Is iad seo a leanas roinnt samplaí de shaintréithe a d'fhéadfadh a bheith iomchuí mar bhonn chun faisnéis arna nochtadh i ndáil le conarthaí árachais a dhí-chomhiomlánú:

- (a) an cineál conartha (mar shampla, línte mórháirgí);
- (b) limistéar geografach (mar shampla, tír nó réigiún); nó
- (c) deighleog intuairiscithe, mar a shainítear in IFRS 8 *Deighleoga Oibriúcháin*.

#### Míniú ar mhéideanna aitheanta

...

103 Déanfaidh eintiteas gach ceann de na méideanna seo a leanas a bhaineann le seirbhísí a nochtadh ar leithligh sna réitigh a éilítear i mír 100, más infheidhme:

...

- (c) comhpháirteanna infheistíochta arna n-eisiamh ó ioncam árachais agus ó chostais seirbhíse árachais (in éineacht le haisíocaíochtaí ar phréimheanna ach amháin i gcás ina nochtar aisíocaíochtaí ar phréimheanna mar chuid de na sreafaí airgid sa tréimhse a bhfuil tuairisc orthu i mír 105(a)(i)).

...

## Foscúbhinn B

### Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm

...

### Ioncam airgeadais árachais nó costais airgeadais árachais (míreanna 87–92).

---

- ...
- B129 Le míreanna 88–89, ceanglaítear ar eintiteas rogha maidir le beartas cuntasáíochta a dhéanamh i dtaobh ioncam airgeadais árachais nó costais airgeadais árachais a dhí-chomhiomlánú le haghaidh na tréimhse idir brabús nó caillteanas agus ioncam cuimsitheach eile. Cuirfidh eintiteas a rogha beartais cuntasáíochta i bhfeidhm maidir le punanna conarthaí árachais. Agus measúnú á dhéanamh ar an mbeartas cuntasáíochta iomchuí le haghaidh punann conarthaí árachais, agus mír 13 de IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* á cur i bhfeidhm, déanfaidh an t-eintiteas breithniú, le haghaidh gach punainne, ar na sócmhainní a shealbhaíonn an t-eintiteas agus ar an mbealach a dtugann sé cuntas ar na sócmhainní sin.
- ...

## Foscúbhinn C

### Dáta éifeachtach agus aistriú

#### Dáta éifeachtach

---

- ...
- C2B Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh míreanna 91, 96, 103 agus B129. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*,' i mír C3(a).

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IAS 2 Fardail

|                                                  |
|--------------------------------------------------|
| Leasaítear mír 39 agus cuirtear isteach mír 40H. |
|--------------------------------------------------|

### Nochtadh

---

- ...
- 39 Déanann roinnt eintiteas costais a aicmiú de réir cineáil i gcatagóir oibriúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chailleanas ar bhealach a fhágann go gcuirtear méideanna i láthair seachas costas fardal a aithnítear mar chostas le linn na tréimhse. Sa chás sin, cuireann an t-eintiteas i láthair na costais a aithnítear mar speansas le haghaidh amhábhair agus tomhaltán, sochair fostaithe agus costais eile in éineacht le méid an ghlanathraithe ar fhardail le haghaidh na tréimhse.

### Dáta éifeachtach

---

- ...
- 40H Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 39. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

## IAS 7 *Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid*

Leasaítear míreanna 6, 10, 12, 14, 16–18, 20, 31, 32, 35, 46 agus 47. Cuirtear míreanna 33A, 34A– 34D, agus 64 leis. Scriostar míreanna 33 agus 34.

### Sainmhínithe

- 6 Úsáidtear na téarmaí seo a leanas sa Chaighdeán seo in éineacht leis na bríonna a shonraítear:
- ...
- Is éard is *gníomhaíochtaí infheistíochta* ann éadail agus diúscairt sócmhainní fadtéarmacha agus infheistíochtaí eile nach n- áirítear i gcoibhéisí airgid thirim agus fáltas úis agus díbhinní mar a dtugtar tuairisc air i míreanna 34A– 34D.
- ...

### Cur i láthair ráiteas faoi shreabhadh airgid

- 10 Sa ráiteas faoi shreabhadh airgid, tuairisceofar sreabhadh airgid le linn na tréimhse a aicmítear de réir gníomhaíochtaí oibriúcháin, infheistíochta agus maoiniúcháin. Agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid á ullmhú ag eintiteas, cuirfidh sé an Caighdeán seo i bhfeidhm agus cuirfidh sé na ceanglais ghinearálta maidir le ráitis airgeadais i míreanna 9– 43 agus 113– 114 de IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i bhfeidhm freisin.
- ...
- 12 D’fhéadfadh sreafaí airgid nach bhfuil aicmithe mar an gcéanna a bheith san áireamh in aon idirbheart amháin.

### Gníomhaíochtaí oibriúcháin

- ...
- 14 Tá sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin díorthaithe go príomha ó phríomhghníomhaíochtaí gnóthaithe ioncaim an eintitis. Dá bhrí sin, tagann siad go ginearálta as na hidirbhearta agus as imeachtaí eile a bhfuil baint acu le brabús nó caillteanas a chinneadh. Seo a leanas samplaí de sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin:
- (a) fáltas airgid ó earraí a dhíol agus ó sheirbhísí a thabhairt;
  - (b) fáltas airgid ó ríchíosanna, táillí, coimisiúin agus ioncam eile;
  - (c) íocaíochtaí in airgead tirim le soláthróirí as earraí agus seirbhísí;
  - (d) íocaíochtaí in airgead tirim le fostaithe agus thar a gceann;
  - (e) [scriosta]
  - (f) íocaíochtaí in airgead tirim nó aisiocaíochtaí cánacha ioncaim ach amháin más féidir iad a shainaithint go sonrach le gníomhaíochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta;
  - (g) fáltas airgid agus íocaíochtaí in airgead tirim ó chonarthaí arna sealbhú chun críoch déileála nó trádála. agus
  - (h) fáltas airgid díbhinní agus fáltas airgid agus íocaíochtaí úis mar a dtugtar tuairisc air i míreanna 34B– 34D.

Féadfaidh gnóthachan nó caillteanas a áirítear i mbrabús nó i gcaillteanas aitheanta a eascairt as roinnt idirbheart, amhail díol míre gléasra. Is sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta iad na sreafaí airgid a bhaineann le hidirbhearta den sórt sin. Is sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin, áfach, iad íocaíochtaí in airgead tirim chun sócmhainní a mhonarú nó a fháil, ar sócmhainní iad arna sealbhú lena ligean ar cíos le páirtithe eile agus arna sealbhú ina dhiaidh sin lena ndíol, mar a thuairiscítear i mír 68A de IAS 16

*Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh.* Is sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin freisin iad na fáлтаis airgid ó shócmhainní den sórt sin a ligean ar cíos agus a dhíol ina dhiaidh sin.

...

## Gníomhaíochtaí infheistíochta

- 16 Tá sé tábhachtach sreafaí airgid a eascraíonn as gníomhaíochtaí infheistíochta a chur i láthair ar leithligh toisc go léirítear leis na sreafaí airgid a mhéid a rinneadh caiteachais ar acmhainní atá beartaithe ioncam agus sreafaí airgid todhchaí a ghiniúint. Caiteachas a bhfuil mar thoradh air sócmhainn aitheanta sa ráiteas staide airgeadais agus an cineál sin caiteachais amháin atá incháilithe lena aicmiú mar ghníomhaíochtaí infheistíochta. Is samplaí iad na nithe seo a leanas de shreafaí airgid a eascraíonn as gníomhaíochtaí infheistíochta:
- (a) íocaíochtaí in airgead tirim chun réadmhaoín, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe agus sócmhainní fadtéarmacha eile a fháil. Áirítear leis na híocaíochtaí sin iad siúd a bhaineann le costais forbartha chaipitlithe agus réadmhaoín, gléasra agus trealamh féin-chomhdhéanta.
  - (b) fáлтаis airgid thirim ó dhíol réadmhaoíne, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe agus sócmhainní fadtéarmacha eile.
  - (c) íocaíochtaí in airgead tirim chun cothromas nó ionstraimí fiachais eintiteas eile, lena n-áirítear leasanna i ngnólaichtaí comhlachaithe agus comhfhiontair, a fháil (seachas íocaíochtaí ar na hionstraimí sin a mheastar a bheith ina gcoibhéisí airgid thirim nó iad sin arna sealbhú chun críoch déileála nó trádála).
  - (d) fáлтаis airgid ó dhíol cothromais nó ionstraimí fiachais eintiteas eile, lena n-áirítear leasanna i ngnólaichtaí comhlachaithe agus comhfhiontair, (seachas fáлтаis ó na hionstraimí sin a mheastar a bheith ina gcoibhéisí airgid thirim agus iad sin arna sealbhú chun críoch déileála nó trádála).
  - (e) airleacain agus iasachtaí airgid a thugtar do pháirtithe eile (seachas airleacain agus iasachtaí a thugann institiúid airgeadais).
  - (f) fáлтаis airgid ó aisíocaíocht airleacan agus iasachtaí a thugtar do pháirtithe eile (seachas airleacain agus iasachtaí a thugann institiúid airgeadais).
  - (g) íocaíochtaí in airgead tirim le haghaidh conarthaí todhchaíochtaí, conarthaí réamhcheaptha, conarthaí céadrogha agus conarthaí babhtála seachas i gcás ina mbeidh na conarthaí á sealbhú chun críoch déileála nó trádála, nó ina n-aicmeofar na híocaíochtaí mar ghníomhaíochtaí maoiniúcháin.
  - (h) fáлтаis airgid ó chonarthaí todhchaíochtaí, conarthaí réamhcheaptha, conarthaí céadrogha agus conarthaí babhtála seachas i gcás ina mbeidh na conarthaí á sealbhú chun críoch déileála nó trádála, nó ina n-aicmeofar na fáлтаis mar ghníomhaíochtaí maoiniúcháin.
  - (i) fáлтаis airgid úis agus díbhinní mar a bhfuil tuairisc air i míreanna 34A- 34D.
- Nuair a dhéantar cuntas ar chonradh mar fhálú ar shuíomh inaitheanta, aicmítear sreafaí airgid an chonartha ar an mbealach céanna a n-aicmítear sreafaí airgid an tsuímh atá á fhálú.

## Gníomhaíochtaí maoiniúcháin

- 17 Tá sé tábhachtach sreafaí airgid a eascraíonn as gníomhaíochtaí maoiniúcháin a chur i láthair ar leithligh toisc go bhfuil an cur i láthair sin úsáideach chun éilimh soláthraithe caipitil don eintiteas ar shreafaí airgid todhchaí a thuar. Is samplaí iad na nithe seo a leanas de shreafaí airgid a eascraíonn as gníomhaíochtaí maoiniúcháin:
- (a) fáлтаis airgid ó eisiúint scaireanna nó ionstraimí cothromais eile;
  - (b) íocaíochtaí in airgead tirim le húinéirí chun scaireanna an eintitis a fháil nó a fhuascailt;
  - (c) fáлтаis airgid ó eisiúint bintiúr, iasachtaí, nótaí, bannaí, morgáistí agus iasachtaí gearrthéarmacha nó fadtéarmacha eile;
  - (d) aisíocaíochtaí in airgead tirim ar mhéideanna arna bhfáil ar iasacht;
  - (e) íocaíochtaí in airgead tirim arna ndéanamh ag léasaí ar an dliteanas amuigh a bhaineann le léas a laghdú;
  - (f) íocaíochtaí díbhinní in airgead tirim mar a dtugtar tuairisc air i mír 33A; agus
  - (g) íocaíochtaí úis in airgead tirim mar a dtugtar tuairisc air i míreanna 34A- 34D.

## Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin a thuairisciú

18 Déanfaidh eintiteas sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin a thuairisciú agus úsáid á baint as ceann de na modhanna seo a leanas:

- (a) an modh díreach, ina nochtar móraicmí ollfháltas airgid agus ollfócaíochtaí in airgead tirim; nó
- (b) an modh indíreach, trína ndéantar brabús nó caillteanas oibriúcháin a choigeartú i leith na nithe seo a leanas:
  - (i) éifeachtaí idirbheart de chineál neamhairgid;
  - (ii) aon iarchur nó aon fhabhrú ar fháltais nó fócaíochtaí oibriúcháin airgid thirim san am a chuaigh thart nó san am atá le teacht;
  - (iii) ioncam nó costais a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas dá n- aicmítear na sreafaí airgid gaolmhara mar shreabha airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta nó maoiniúcháin; agus
  - (iv) sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin nach n- aicmítear an t- ioncam ná na costais ghaolmhara ina leith i gcatagóir oibriúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas.

...

20 Faoin modh indíreach, déantar an glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin a chinneadh trí bhrabús nó chaillteanas oibriúcháin a choigeartú i leith iarmhairtí na nithe seo a leanas:

- (a) athruithe le linn na tréimhse ar fhardail agus ar shuimeanna oibriúcháin infhaighte agus iníoctha;
- (b) míreanna neamhairgid amhail dímhéas, soláthairtí agus gnóthachain agus caillteanas neamhréadaithe in airgeadra eachtrach a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin;
- (c) ioncam nó costais a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas dá bhfuil na héifeachtaí airgid sreafaí airgid maoiniúcháin nó infheistíochta; agus
- (d) sreafaí airgid oibriúcháin, amhail cáin ioncaim (i gcomhréir le mír 35), nach n- aicmítear an t- ioncam ná na costais chomhfhreagracha ina leith sa chatagóir oibriúcháin sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.

De rogha air sin, féadfar an glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin a chur i láthair faoin modh indíreach trí na hioncaim agus na costais a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin a thaispeáint sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas, na hathruithe i rith na tréimhse ar fhardail agus ar shuimeanna oibriúcháin infhaighte agus iníoctha agus aon sreabhadh airgid oibriúcháin eile nach n- aicmítear an t- ioncam ná na costais chomhfhreagracha ina leith sa chatagóir oibriúcháin.

...

## Ús agus díbhinní

31 Cuirfear sreafaí airgid ó ús agus ó dhíbhinní arna bhfáil agus arna n-íoc i láthair ar leithligh. Aicmeofar gach ceann acu ar bhealach comhsheasmhach ó thréimhse go tréimhse agus míreanna 32, 33A agus 34A- 34D á gcur i bhfeidhm.

32 Áirítear an méid úis a íocadh le linn tréimhse leis an ráiteas faoi shreabhadh airgid, cibé ar aithníodh mar chostas i mbrabús nó caillteanas nó ar caipitliodh é i gcomhréir le IAS 23 *Costais Iasachtaíochta*.

33 [Scriosta]

33A Aicmeoidh eintiteas díbhinní arna n- íoc mar shreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin.

34 [Scriosta]

34A Déanfaidh eintiteas, seachas na heintitis sin a bhfuil tuairisc orthu i mír 34B, an méid seo a leanas a aicmiú:

- (a) ús arna íoc (mar a dtugtar tuairisc air i mír 32) mar shreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin.
- (b) ús agus díbhinní arna bhfáil mar shreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta.

34B Cinnfidh eintiteas a infheistíonn i sócmhainní nó a sholáthraíonn maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó (a chinntear agus míreanna B30- B41 de IFRS 18 á gcur i bhfeidhm) conas díbhinní a fuarthas, an t- ús a fuarthas agus an t- ús a íocadh a aicmiú sa ráiteas faoi shreabhadh airgid trí thagairt a dhéanamh don chaoi — agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm — a n- aicmíonn sé ioncam díbhinne,

ioncam úis agus costais úis sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas. Aicmeoidh eintiteas iomlán gach ceann de na sreafaí airgid sin i gcatagóir aonair sa ráiteas faoi shreabhadh airgid (is é sin, mar ghníomhaíochtaí oibriúcháin, infheistíochta nó maoiniúcháin).

- 34C Agus mír 34B á cur i bhfeidhm, má dhéanann eintiteas an t- iomlán de gach ioncam díbhinne, ioncam úis agus costas úis a aicmiú i gcatagóir aonair den ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas, déanfaidh an t- eintiteas iomlán gach díbhinne a fuarthas, iomlán an úis a fuarthas agus iomlán an úis a íocadh a aicmiú mar shreafaí airgid a eascraíonn as an ngníomhaíocht ghaolmhar sa ráiteas faoi shreabhadh airgid. Má aicmíonn eintiteas a chostais úis uile i gcatagóir maoiniúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas, mar shampla, dhéanfaidh an t- eintiteas a ús uile arna íoc a aicmiú mar shreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin.
- 34D Agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé go gceanglófaí ar eintiteas gach ioncam díbhinne, ioncam úis agus costas úis a aicmiú i níos mó ná catagóir amháin den ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas. I gcás den sórt sin, agus mír 34B á cur i bhfeidhm aige, déanfaidh an t- eintiteas rogha maidir le beartas cuntasáíochta chun na sreafaí airgid gaolmhara a aicmiú i gceann de na gníomhaíochtaí gaolmhara sa ráiteas faoi shreabhadh airgid. Má aicmíonn eintiteas costais úis i gcatagóir oibriúcháin agus i gcatagóir maoiniúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas, mar shampla, dhéanfaidh an t- eintiteas an t- ús uile a d'íoc sé i gcomhréir lena bheartas cuntasáíochta a aicmiú mar shreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin nó mar shreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin.

## Cánacha ar ioncam

- 35 Déanfar sreafaí airgid a eascraíonn as cánacha ar ioncam a chur i láthair ar leithligh agus a aicmiú mar shreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin ach amháin más féidir iad a shainaithint go sonrach le gníomhaíochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta.

...

## Comhpháirteanna airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim

- 46 I bhfianaise éagsúlacht na geleachtas bainistíochta airgid thirim agus na socrúithe baincéireachta ar fud an domhain agus chun IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* a chomhlíonadh, nochtann eintiteas an beartas a ghlacann sé chun comhdhéanamh airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim a chinneadh.
- 47 Déantar éifeacht aon athrú ar an mbeartas chun comhpháirteanna airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim a chinneadh, athrú ar aicmiú ionstraimí airgeadais a measadh roimhe seo a bheith mar chuid de phunann infheistíochta eintitis, mar shampla, a thuairisciú i gcomhréir le IAS 8.

...

## Dáta éifeachtach

- 64 Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 6, 10, 12, 14, 16- 18, 20, 31, 32, 35, 46 agus 47, cuirtear míreanna 33A agus 34A- 34D leis, agus scriostar míreanna 33 agus 34. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

|                                                   |
|---------------------------------------------------|
| Leasaítear an fonóta a ghabhann le teideal IAS 7. |
|---------------------------------------------------|

- \* I mí Mheán Fómhair 2007, leasaigh IASB teideal IAS 7 ó *Ráitis Sreafaí Airgid* chuig *Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid* mar iarmhairt ar an athbhreithniú ar IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* in 2007. I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 18.

## IAS 8 Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta

Leasaítear teideal IAS 8.

### IAS 8 Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais

Leasaítear míreanna 1, 3, 5, 11 agus 32 agus scriostar mír 2. Cuirtear mír 3A, míreanna 6A- 6J, 6K- 6L, 6M- 6N, 27A- 27I agus 31A- 31I, agus ceannteideal nó fo- cheannteideal gaolmhar ag gach ceann acu, agus mír 54J leis. Cuirtear fo- cheannteideal isteach roimh mhír 28 freisin. Ní leasaítear mír 28 ach cuirtear san áireamh í ar mhaithe le tagairt di a éascú.

### Cuspóir

- 1 Is é is cuspóir don Chaighdeán seo feabhas a chur ar ábharthacht agus iontaofacht ráiteas airgeadais eintitis, agus ar inchomparáideacht na ráiteas airgeadais sin le himeacht ama agus le ráitis airgeadais eintiteas eile, trí bhunús ullmhú na ráiteas airgeadais a fhorordú, lena n- áirítear an méid seo a leanas:
  - (a) ábhair ghinearálta;
  - (b) na critéir chun beartais chuntasaíochta a roghnú, a athrú agus a nochtadh; agus
  - (c) an cur chuige cuntasaíochta agus nochtadh athruithe ar bheartais chuntasaíochta, athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta agus ceartuithe earráidí.
- 2 [Scriosta]

### Raon feidhme

- 3 Cuirfear an Caighdeán seo i bhfeidhm chun bunús ullmhú na ráiteas airgeadais a chinneadh, lena n- áirítear beartais chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm, agus cuntas a dhéanamh ar athruithe ar bheartais chuntasaíochta, athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta agus ceartúcháin ar earráidí réamhthréimhse.
- 3A Leagtar amach le IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach* na ceanglais maidir le cur i láthair agus nochtadh ráiteas airgeadais eatramhach comhdhlúite. Tá feidhm ag míreanna 6A- 6N den Chaighdeán seo freisin maidir le ráitis airgeadais eatramhacha den sórt sin.
- ...

### Sainmhínithe

- 5 Úsáidtear na téarmaí seo a leanas sa Chaighdeán seo agus is é an méid seo a leanas is brí leo i ngach cás faoi seach:
  - ...
  - Is caighdeáin chuntasaíochta iad *Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS* arna n- eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta<sup>2</sup> Cuimsítear an méid seo a leanas leo:

- (a) Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais;
- (b) Caighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta;
- (c) Léirmhínte IFRIC; agus
- (d) Léirmhínte SIC.

Tugadh Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, IFRSanna agus Caighdeán IFRS ar Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS roimhe seo.

Sainmhínítear *faisnéis ábhartha* i bhFoscibhinn A de IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*. Úsáidtear ‘ábhartha’ sa Chaighdeán seo leis an mbrí chéanna.

...

## Bunús an ullmhaithe — ábhair ghinearálta

### Cur i láthair cothrom agus comhlíontacht le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS

- 6A Cuirfear staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid eintitis i láthair go cothrom sna ráitis airgeadais. Ceanglaítear le cur i láthair cothrom go ndéantar éifeachtaí idirbheart, teagmhas eile agus dálaí a léiriú go dílis i gcomhréir leis na sainmhínte agus na critéir aitheantais le haghaidh sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil le haghaidh Tuairisciú Airgeadais (Creat Coincheapúil)*. Glactar leis go mbaineann ráitis airgeadais cur i láthair cothrom amach trí IFRSanna a chur i bhfeidhm agus trí nochtadh breise a dhéanamh nuair is gá.
- 6B Déanfaidh eintiteas a gcomhlíonann a ráitis airgeadais Caighdeán Chuntasaíochta IFRS ráiteas sainráite gan chuntar maidir leis an gcomhlíontacht sin sna nótaí. Ní thabharfaidh eintiteas tuairisc ar ráitis airgeadais mar ráitis a chomhlíonann Caighdeán Chuntasaíochta IFRS ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais uile Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS.
- 6C I ngach cás, nach mór, baineann eintiteas cur i láthair cothrom amach trí chomhlíontacht le IFRSanna is infheidhme. Ceanglaítear le cur i láthair cothrom freisin go ndéanfaidh eintiteas na nithe seo a leanas:
- (a) beartais chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gCaighdeán seo. Leagtar amach leis an gCaighdeán seo ordlathas treoraíochta údarásaí a bhreithníonn an lucht bainistíochta in éagmais IFRS a bhaineann go sonrach le hítim.
  - (b) faisnéis, lena n-áirítear beartais chuntasaíochta, a chur i láthair ar bhealach ina soláthraítear faisnéis ábhartha, iontaofa, inchomparáide agus intuigthe.
  - (c) nochtaí breise a sholáthar nuair nach bhfuil comhlíontacht leis na ceanglais shonracha in IFRSanna leordhóthanach chun é a chur ar a gcumas d’úsáideoirí an tionchar atá ag idirbhearta áirithe, teagmhais eile agus dálaí ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht airgeadais an eintitis a thuiscint.
- 6D Ní féidir le heintiteas beartais chuntasaíochta mhíchuí a cheartú trí nochtadh a dhéanamh ar na beartais chuntasaíochta a úsáideadh ná trí nótaí ná ábhar míniúcháin.
- 6E Sna himthosca, nach dtarlaíonn ach go fíor- annamh, ina dtagann an lucht bainistíochta ar an gconclúid go mbeadh comhlíontacht le ceanglas in IFRS chomh míthreorach sin go mbeadh sí i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*, imeoidh an t-eintiteas ón gceanglas sin ar an mbealach a leagtar amach i mír 6F má cheanglaítear leis an gcreat rialála ábhartha, nó mura dtoirmisctear leis, imeacht den sórt sin.
- 6F Nuair a imíonn eintiteas ó cheanglas IFRS i gcomhréir le mír 6E, nochtfaidh sé na nithe seo a leanas:
- (a) gur tháinig an lucht bainistíochta ar an gconclúid go gcuirtear staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid an eintitis i láthair go cothrom sna ráitis airgeadais;
  - (b) gur chomhlíon sé IFRSanna is infheidhme, ach amháin gur imigh sé ó cheanglas ar leith cur i láthair cothrom a bhaint amach;
  - (c) teideal an IFRS ónar imigh an t-eintiteas, cineál an imeachta, lena n-áirítear an chóireáil a mbeadh gá léi de réir an IFRS, an fáth a mbeadh an chóireáil sin chomh míthreorach sin sna

himthosca go mbeadh sí i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*, agus an chóireáil a ghactar; agus

- (d) i gcás gach tréimhse a chuirtear i láthair, tionchar airgeadais an imeachta ar gach mír sna ráitis airgeadais a thuairisceofaí dá mbeifí ag comhlíonadh an cheanglais.
- 6G Nuair a d'imigh eintiteas ó cheanglas IFRS i dtréimhse roimhe sin, agus nuair a dhéanann an t-imeacht sin difear do na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais le haghaidh na tréimhse reatha, déanfaidh sé na nochtaí a leagtar amach i míreanna 6F(c)–6F(d).
- 6H Tá feidhm ag mír 6G, mar shampla, nuair a d'imigh eintiteas i dtréimhse roimhe sin ó cheanglas in IFRS maidir le tomhas sócmhainní nó dliteanas agus nuair a dhéanann an t-imeacht sin difear don tomhas ar athruithe ar shócmhainní agus dliteanais a aithnítear i ráitis airgeadais na tréimhse reatha.
- 6I Sna himthosca, nach dtarlaíonn ach go fíorannamh, ina dtagann an lucht bainistíochta ar an gconclúid go mbeadh comhlíontacht le ceanglas in IFRS chomh míthreorach sin go mbeadh sí i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*, ach ina dtoirmiscear leis an gcreat rialála ábhartha go n-imeofaí ón gceanglas, déanfaidh an t-eintiteas na gnéithe míthreoracha a bhraitear a bheith ann maidir le comhlíonadh a laghdú, a mhéid is féidir, trí na nithe seo a leanas a nochtadh:
- (a) teideal an IFRS i gceist, cineál an cheanglais agus an fáth ar chinn an lucht bainistíochta go bhfuil comhlíonadh an cheanglais sin chomh míthreorach sin sna himthosca go bhfuil sé i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*; agus
- (b) i gcás gach tréimhse a chuirtear i láthair, na coigeartuithe ar gach mír sna ráitis airgeadais ar tháinig an lucht bainistíochta ar an gconclúid ina leith go mbeadh gá leo chun cur i láthair cothrom a bhaint amach.
- 6J Chun críoch mhíreanna 6E–6I, bheadh mír faisnéise i gcoinbhleacht le cuspóir ráiteas airgeadais nuair nach léiriú dílis í ar na hidirbhearta, na teagmhais eile agus na dálaí a mhaíonn sí a bheith ina léiriú orthu nó a bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go mbeadh sí ina léiriú orthu agus, dá réir sin, gur dhócha go mbeadh tionchar aici ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ráiteas airgeadais. Agus measúnú á dhéanamh aige ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh comhlíontacht le ceanglas sonrach in IFRS chomh míthreorach sin go mbeadh sí i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*, breithníonn an lucht bainistíochta na nithe seo a leanas:
- (a) an fáth nach mbaintear cuspóir na ráiteas airgeadais amach sna himthosca áirithe sin; agus
- (b) conas atá imthosca an eintitis difriúil le himthosca eintiteas eile a chomhlíonann an ceanglas. Má dhéanann eintitis eile, atá in imthosca comhchosúla, an ceanglas a chomhlíonadh, tá toimhde infhrisnéise ann nach mbeadh comhlíontacht an eintitis leis an gceanglas chomh míthreorach sin go mbeadh sí i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*.

## Gnóthas leantach

- 6K Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, déanfaidh an lucht bainistíochta measúnú ar chumas eintitis leanúint de bheith ina ghnóthas leantach. Ullmhóidh eintiteas ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má bheartaíonn an lucht bainistíochta an t-eintiteas a leachtú nó scor den trádáil, nó mura bhfuil aon rogha mhalartach réalaíoch aige ach é sin a dhéanamh. Nuair atá an lucht bainistíochta ar an eolas, agus an measúnú á dhéanamh aige, faoi éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúiseanna móra amhrais maidir le cumas an eintitis leanúint de bheith ina ghnóthas leantach, nochtfaidh an t-eintiteas na héiginnteachtaí sin. Nuair nach n-ullmhaíonn eintiteas ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantach, nochtfaidh sé an méid sin, in éineacht leis an mbonn ar ar ullmhaigh sé na ráitis airgeadais agus an chúis nach meastar an t-eintiteas a bheith ina ghnóthas leantach.
- 6L Agus measúnú á dhéanamh aige ar cé acu atá nó nach bhfuil toimhde an ghnóthais leantaigh iomchuí, déanann an lucht bainistíochta gach faisnéis atá ar fáil maidir leis an todhchaí a chur san áireamh, ar tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe í, ach gan bheith teoranta dó sin. Braitheann méid an bhreithnithe ar fhiorais gach cáis. Nuair atá stair oibríochtaí brabúsacha ag eintiteas agus rochtain éasca ar acmhainní airgeadais aige, féadfaidh an t-eintiteas teacht ar an gconclúid go bhfuil bonn cuntasíochta an ghnóthais leantaigh iomchuí gan anailís mhionsonraithe. I gcásanna eile, is féidir go mbeidh ar an lucht bainistíochta réimse leathan fachtóirí a bhreithniú a bhaineann leis an mbrabúsacht atá ann faoi láthair agus leis an mbrabúsacht ionchasach, le sceidil aisiocaiochtaí fiachais agus le foinsí féideartha maoiniúcháin athsholáthair sula mbeidh sé sásta gurb iomchuí é an bonn gnóthais leantaigh.

## Bonn fabhraithe cuntasaíochta

- 6M Ullmhóidh eintiteas a ráitis airgeadais, seachas faisnéis maidir le sreabhadh airgid, agus úsáid á baint as an mbonn fabhraithe cuntasaíochta.
- 6N Nuair a úsáidtear an bonn fabhraithe cuntasaíochta, aithníonn eintiteas míreanna mar shócmhainní, dliteanas, cothromas, ioncam agus costais (na heilimintí de ráitis airgeadais) nuair a chomhlíonann siad na sainmhínithe agus na critéir aitheantais le haghaidh na ngnéithe sin sa *Chreat Coincheapúil*.

## Beartais chuntasaíochta

---

### Beartais chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm

- ...
- 11 Agus an breithiúnas a bhfuil tuairisc air i mír 10 á dhéanamh ag an lucht bainistíochta, déanfaidh sé tagairt do na foinsí seo a leanas, agus breithneoidh siad infheidhmeacht na bhfoinsí sin, in ord íslitheach:

- ...
- (b) na sainmhínithe, na critéir aitheantais agus na coincheapa tomhais le haghaidh sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas sa *Chreat Coincheapúil*.
- ...

### Nochtadh

#### *Roghnú agus cur i bhfeidhm beartas cuntasaíochta a nochtadh*

- 27A Nochtfaidh eintiteas faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta (féach mír 5). Tá faisnéis maidir le beartas cuntasaíochta ábhartha más féidir coinne a bheith leis go réasúnta, nuair a bhreithnítear an fhaisnéis in éineacht le faisnéis eile atá san áireamh i ráitis airgeadais eintitis, go bhféadfaidh sí tionchar a imirt ar chinntí a dhéanann príomhúsáideoirí ráiteas airgeadais ilchuspóireach ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.
- 27B Faisnéis neamhábhhartha atá i bhfaisnéis maidir le beartas cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta neamhábhhartha, teagmhais eile nó dálaí, agus ní gá an fhaisnéis sin a nochtadh. D'fhéadfadh faisnéis maidir le beartas cuntasaíochta a bheith ábhartha mar sin féin i ngeall ar chineál na n-idirbheart gaolmhar, teagmhas eile nó dálaí, fiú más méideanna neamhábhhartha iad na méideanna. Ní faisnéis ábhartha í an fhaisnéis uile maidir le beartas cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta ábhartha, teagmhais eile nó dálaí, áfach.
- 27C Meastar gur faisnéis ábhartha atá san fhaisnéis maidir le beartas cuntasaíochta más rud é go mbeadh gá ag úsáideoirí ráiteas airgeadais de chuid eintitis léi chun faisnéis ábhartha eile sna ráitis airgeadais a thuiscint. Mar shampla, is dócha go mbreithneoidh eintiteas go bhfuil faisnéis maidir le beartas cuntasaíochta ábhartha dá ráitis airgeadais má bhaineann an fhaisnéis sin le hidirbhearta ábhartha, teagmhais eile nó dálaí agus sna cásanna seo a leanas:
- (a) gur athraigh an t-eintiteas a bheartas cuntasaíochta le linn na tréimhse tuairiscithe agus gur tháinig athrú ábhartha ar an bhfaisnéis sna ráitis airgeadais mar thoradh ar an athrú sin;
  - (b) gur roghnaigh an t-eintiteas an beartas cuntasaíochta ó rogha amháin nó níos mó a cheadaítear le IFRSanna—d'fhéadfadh cás den sórt sin teacht chun cinn dá roghnódh an t-eintiteas réadmhaoin infheistíochta a thomhas ar chostas stairiúil seachas ar luach cóir;
  - (c) gur forbraíodh an beartas cuntasaíochta i gcomhréir leis an gCaighdeán seo in éagmais IFRS a bhfuil feidhm shonrach aige;
  - (d) go mbaianeann an beartas cuntasaíochta le réimse a bhfuil gá le heintiteas breithiúnais nó toimhdí móra a dhéanamh ina leith agus an beartas cuntasaíochta á chur i bhfeidhm, agus go nochtann an t-eintiteas na breithiúnais nó na toimhdí sin i gcomhréir le míreanna 27G agus 31A; nó
  - (e) go bhfuil an chuntasaíocht a bhfuil gá léi ina leith casta agus nach dtuigfeadh úsáideoirí ráitis airgeadais an eintitis na hidirbhearta ábhartha, na teagmhais eile ná na dálaí sin murach sin—d'fhéadfadh cás den

sórt sin teacht chun cinn dá gcuirfeadh eintiteas níos mó ná IFRS amháin i bhfeidhm maidir le haicme idirbheart ábhartha.

- 27D Le faisnéis maidir le beartas cuntasáiochta lena ndírítear ar an gcaoi ar chuir eintiteas na ceanglais sna IFRSanna i bhfeidhm ar a chúinsí féin, soláthraítear faisnéis eintiteas- sonrach atá níos úsáidí d'úsáideoirí ráiteas airgeadais ná faisnéis chaighdeánaithe, nó faisnéis nach ndéanann ach ceanglais IFRSanna a dhúbailt nó a achoimriú.
- 27E Má nochtann eintiteas faisnéis neamhábhartha maidir le beartas cuntasáiochta, ní dhéanfar faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasáiochta a dhoiléiriú leis an bhfaisnéis sin.
- 27F Le conclúid ó eintiteas gur faisnéis neamhábhartha atá i bhfaisnéis maidir le beartas cuntasáiochta ní dhéanfar difear do na ceanglais ghaolmhara maidir le nochtadh a leagtar amach in IFRSanna eile.
- 27G **Nochtfaidh eintiteas, in éineacht lena fhaisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasáiochta nó nótaí eile, na breithiúnais, seachas na breithiúnais sin lena mbaineann meastacháin (féach mír 31A), atá déanta ag an lucht bainistíochta agus próiseas bheartais chuntasáiochta an eintitis á chur i bhfeidhm aige agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.**
- 27H Agus próiseas bheartais chuntasáiochta an eintitis á chur i bhfeidhm aige, déanann an lucht bainistíochta breithiúnais éagsúla, seachas iad siúd lena mbaineann meastacháin, a fhéadann difear mór a dhéanamh do na méideanna a aithníonn sé ina ráitis airgeadais. Mar shampla, déanann an lucht bainistíochta breithiúnais agus na nithe seo a leanas á gcinneadh aige:
- (a) nuair a aistrítear chuig eintitis eile, go substaintiúil, na rioscaí agus luaíochtaí móra úinéireachta uile a bhaineann le sócmhainní airgeadais agus, i gcás léasóirí, sócmhainní atá faoi réir léasanna;
  - (b) cibé acu is socruithe maoiniúcháin, ó thaobh substainte, iad díolacháin áirithe earraí nó nach iad agus nach n- eascraíonn ioncam astu más ea; agus
  - (c) cé acu a eascraíonn nó nach n-eascraíonn sreafaí airgid ar dhátaí sonraithe as téarmaí conarthacha sócmhainne airgeadais ar íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc amháin atá iontu.
- 27I Ceanglaítear le IFRSanna eile roinnt de na nochtaí a dhéantar i gcomhréir le mír 27G. Ceanglaítear le IFRS 12 *Nochtadh Leasanna in Eintitis Eile*, mar shampla, go nochtfaidh eintiteas na breithiúnais a rinne sé agus é á chinneadh cibé acu a rialaíonn nó nach rialaíonn sé eintiteas eile. Ceanglaítear le IAS 40 *Réadmhaoín Infheistíochta* go nochtfar na critéir a d'fhorbair an t- eintiteas chun idirdhealú a dhéanamh idir réadmhaoín infheistíochta agus réadmhaoín úinéir- áitithe, agus idir sin agus réadmhaoín arna sealbhú le díol i ngnáthchúrsa gnó, nuair is deacair réadmhaoín a aicmiú.

### *Athruithe ar bheartais chuntasáiochta a nochtadh*

- 28 I gcás ina bhfuil éifeacht ag cur i bhfeidhm tosaigh IFRS ar an tréimhse reatha nó ar aon réamhthréimhse, i gcás ina mbeadh éifeacht den sórt sin aige ach amháin go mbeadh sé dodhéanta méid an choigeartaithe a chinneadh, nó i gcás ina bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar thréimhsí sa todhchaí, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas:

...

### *Foinsí éiginnteachta meastacháin a nochtadh*

- 31A **Nochtfaidh eintiteas faisnéis maidir leis na toimhdí a dhéanann sé faoin todhchaí, agus foinsí móra eile éiginnteachta meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ar toimhdí iad lena mbaineann riosca suntasach go ndéanfar coigeartú ábhartha dá dtoradh ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile. Maidir leis na sócmhainní agus na dliteanas sin, áireofar leis na nótaí mionsonraí maidir leis na nithe seo a leanas:**
- (a) a gcineál; agus
  - (b) a suim glanluacha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- 31B Chun suimeanna glanluacha roinnt sócmhainní agus dliteanas a chinneadh, is gá meastachán a dhéanamh ar na héifeachtaí a bheadh ag teagmhais éiginnte sa todhchaí ar na sócmhainní agus na dliteanas sin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. In éagmais margadhphraghsanna a breithníodh le déanaí, mar shampla, tá gá le meastacháin atá dírithe ar an todhchaí chun tomhas a dhéanamh ar an méid in-aisghabhála d'aicmí réadmhaoine, gléasra agus

trealaimh, ar an toradh atá ag difheidhmeacht teicneolaíochta ar fhardail, ar fhorálacha faoi réir an toraidh a bheidh ann amach anseo ar dhlíthíocht atá idir lámha agus ar dlíteanais sochar fadtéarmach fostaithe amhail oibleagáidí pinsin. Áirítear leis na meastacháin sin toimhdí maidir le míreanna amhail an coigeartú riosca ar shreafaí airgid nó rátaí lascaíne, athruithe amach anseo ar thuarastail agus athruithe amach anseo ar phraghsanna a dhéanann difear do chostais eile.

- 31C Baineann na toimhdí agus na foinsí eile éiginnteachta meastacháin a nochtar i gcomhréir le mír 31A leis na meastacháin óna dteastaíonn na breithiúnais is deacra, is suibhiachtúla nó is casta ón lucht bainistíochta. Dá líonmhaire na hathróga agus na toimhdí a dhéanann difear don réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann amach seo ar na héiginnteachtaí, is ea is suibhiachtúla agus is casta na breithiúnais sin, agus méadaíonn dá réir sin, de ghnáth, ar an bhféidearthacht go ndéanfar coigeartú ábhartha iarmhartach ar shuímeanna glanluacha sócmhainní agus dlíteanas.
- 31D Ní cheanglaítear na nochtáí i mír 31A le haghaidh sócmhainní ná dlíteanais a mbaineann riosca mór leo go n- athrófar a suimeanna glanluacha go hábhartha laistigh den chéad bhliain airgeadais eile más amhlaidh, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, go dtomhaistear ar luach cóir iad bunaithe ar phraghas arna lua i margadh gníomhach le haghaidh sócmhainn nó dlíteanas atá comhionann leo. D'fhéadfadh athrú ábhartha teacht ar luachanna córa den sórt sin laistigh den chéad bhliain airgeadais eile, ach ní eascródh na hathruithe sin as toimhdí ná as foinsí eile éiginnteachta meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- 31E Soláthraíonn eintiteas na nochtáí i mír 31A ar bhealach a chuidíonn le húsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar na breithiúnais a dhéanann an lucht bainistíochta faoin todhchaí agus faoi fhoinsí eile éiginnteachta meastacháin. Bíonn cineál agus méid na faisnéise a sholáthraítear éagsúil de réir chineál na toimhde agus imthosca eile. Is samplaí iad na nithe seo a leanas de na cineálacha nochtá a dhéanann eintiteas:
- (a) cineál na toimhde nó na héiginnteachta meastacháin eile;
  - (b) a íogaire atá suimeanna glanluacha i leith na modhanna, na dtoimhdí agus na meastachán is bonn lena ríomh, lena n-áirítear na cúiseanna atá leis an íogaireacht;
  - (c) an réiteach ionchasach ar éiginnteacht agus raon na dtorthaí a d'fhéadfadh a bheith ann go réasúnta laistigh den chéad bhliain airgeadais eile i leith shuímeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas dá ndéantar difear; agus
  - (d) míniú ar athruithe a rinneadh ar thoimhdí san am a chuaigh thart maidir leis na sócmhainní agus na dlíteanais sin, má fhanann an éiginnteacht gan réiteach.
- 31F Ní cheanglaítear leis an gCaighdeán seo ar eintiteas faisnéis nó réamhaisnéisí faoin mbuiséad a nochtadh agus na nochtáí i mír 31A á ndéanamh aige.
- 31G Bíonn sé dodhéanta uaireanta nochtadh a dhéanamh ar mhéid na n- éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag toimhde nó ag foinse eile éiginnteachta meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. I gcásanna den sórt sin, nochtann an t-eintiteas go bhféadfadh sé tarlú go réasúnta, ar bhonn an eolais atá ann faoi láthair, go mbeadh gá le coigeartú ábhartha ar shuím glanluacha na sócmhainne nó an dlíteanais dá ndéantar difear mar gheall ar thorthaí laistigh den chéad bhliain airgeadais eile a bheith éagsúil leis an toimhde. I ngach cás, nochtann an t-eintiteas cineál agus suim glanluacha na sócmhainne sonraí nó an dlíteanais shonraigh (nó aicme sócmhainní nó dlíteanas) dá ndéanann an toimhde difear.
- 31H Ní bhaineann na nochtáí i mír 27G ar bhreithiúnais ar leith a rinne an lucht bainistíochta sa phróiseas a bhaineann le beartais chuntasaíochta an eintitis a chur i bhfeidhm leis na nochtáí ar fhoinsí éiginnteachta meastacháin i mír 31A.
- 31I Ceanglaítear le IFRSanna eile go nochtfar roinnt de na toimhdí a cheanglófaí murach sin i gcomhréir le mír 31A. Ceanglaítear le IAS 37 *Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*, mar shampla, go nochtfar, in imthosca sonraíthe, toimhdí móra maidir le teagmhais amach anseo a dhéanann difear d'aicmí forálacha. Ceanglaítear le IFRS 13 *Tomhas Cóirluacha* go nochtfar toimhdí móra (lena n- áirítear an teicníc (na teicnící) luachála agus na hionchuir) a úsáideann an t- eintiteas nuair a thomhaiseann sé luacha córa sócmhainní agus dlíteanas arna sealbhú ar luach cóir.

## Meastacháin chuntasaíochta

32 D'fhéadfaí a cheangal le beartas cuntasaíochta míreanna i ráitis airgeadais a thomhas ar bhealach lena mbaineann éiginnteacht tomhais — is é sin, d'fhéadfaí a cheangal leis an mbeartas cuntasaíochta míreanna den sórt sin a thomhas ag méideanna airgeadaíochta nach féidir a bhreathnú go díreach agus nach mór meastachán a dhéanamh ina leith ina ionad sin. I gcás den sórt sin, forbraíonn eintiteas meastachán cuntasaíochta chun an cuspóir a leagadh amach leis an mbeartas cuntasaíochta a bhaint amach. Úsáidtear breithiúnais nó toimhdí atá bunaithe ar an bhfaisnéis iontaofa is déanaí atá ar fáil chun meastacháin chuntasaíochta a fhorbairt. Is samplaí de mheastacháin chuntasaíochta iad na nithe seo a leanas:

...

(c) luach cóir sócmhainne nó dliteanais, agus IFRS 13 á chur i bhfeidhm;

...

(e) foráil maidir le hoibleagáidí barántais, agus IAS 37 á chur i bhfeidhm.

...

## Dáta éifeachtach agus aistriú

...

54J Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 1, 3, 5, 11 agus 32, cuirtear míreanna 3A, 6A- 6N, 27A- 27I agus 31A- 31I leis agus ceannteidil agus fo- cheannteidil ghaolmhara, cuirtear fo- cheannteideal os cionn mhír 28 leis agus scriostar mír 2. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Scríostar an fonóta a ghabhann leis an sainmhíniú ar *Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS* i mír 5.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 54H.

\* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh an sainmhíniú ar 'ábhartha' in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## IAS 10 *Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe*

Leasaítear míreanna 13 agus 16 agus cuirtear mír 23D leis.

### Aitheantas agus tomhas

...

#### Díbhinní

...

- 13 Má dhearbhaítear díbhinní tar éis na tréimhse tuairiscithe ach sula n- údaraítear na ráitis airgeadais lena n- eisiúint, ní aithnítear na díbhinní mar dhliteanas ag deireadh na tréimhse tuairiscithe toisc nach ann d’aon oibleagáid an tráth sin. Nochtar díbhinní den sórt sin sna nótaí i gcomhréir le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*.

### Gnóthas leantach

...

- 16 Sonraítear le IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* nochtaí a cheanglaítear más rud é:
- (a) nach n- ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhunús gnóthais leantaigh; nó
  - (b) go bhfuil an lucht bainistíochta ar an eolas faoi éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d’fhéadfadh a bheith ina gcúiseanna móra amhrais maidir le cumas an eintitis leanúint de bheith ina ghnóthas leantach. D’fhéadfadh sé go dtiocfadh na teagmhais nó na coinníollacha lena n-éilítear nochtadh chun cinn tar éis na tréimhse tuairiscithe.

...

### Dáta éifeachtach

...

- 23D Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh míreanna 13 agus 16. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le ‘sainmhíniú ar ábhartha i mír 7 de IAS 1’ i mír 23C.

- \* I mí Aibreáin 2024 d’eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh an sainmhíniú ar ‘ábhartha’ in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## IAS 12 Cánacha Ioncaim

Leasaítear míreanna 62A, 77 (agus a fho- cheannteideal gaolmhar) agus 78 (agus a fho- cheannteideal gaolmhar) agus mír 81. Cuirtear isteach mír 98N.

### Cáin reatha agus cáin iarchurtha a aithint

...

#### Ítimí a aithnítear lasmuigh de bhrabús nó caillteanas

...

62A Le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, ceanglaítear nó ceadáítear ítimí áirithe a chur chun sochair go díreach do chothromas nó iad a mhuirearú go díreach ar chothromas. Is iad seo a leanas samplaí d'ítimí den sórt sin:

- (a) coigeartú ar iarmhéid tosaigh tuillimh choimeádta a leanann as athrú ar bheartas cuntasaiochta a chuirtear i bhfeidhm go cúlghabhálach nó as ceartú earráide (féach IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*); agus
- (b) méideanna a eascraíonn as aitheantas tosaigh na comhpháirte cothromais d'ionstraim chumaisc airgeadais (féach mír 23).

...

### Cur i Láthair

...

#### Costas cánach

##### Costas cánach (ioncam) a bhaineann le míreanna a aithnítear i mbrabús nó caillteanas

77 Cuirfear an costas cánach (ioncam) a bhaineann le míreanna a aithnítear i mbrabús nó caillteanas ó oibríochtaí leanúnacha i láthair sa chatagóir cánach ioncaim sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.

...

##### Difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte ar shócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a eascraíonn as cánacha ioncaim

78 Má aithnítear difríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte ar shócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a eascraíonn as cánacha ioncaim i mbrabús nó caillteanas i gcomhréir le IAS 21, aicmeofar difríochtaí den sórt sin agus na ceanglais i mír 67 de IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* á gcur i bhfeidhm.

### Nochtadh

...

81 Déanfar an méid seo a leanas a nochtadh ar leithligh freisin:

...

- (ab) an méid cánach ioncaim a bhaineann le gach comhpháirt d'ioncam cuimsitheach eile (féach mír 62 agus mír 93 de IFRS 18);

...

- (h) maidir le hoibríochtaí scortha, an costas cánach a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (i) an gnóthachan nó an caillteanas tráth an scoir; agus
- (ii) brabús nó caillteanas na hoibríochta scortha le haghaidh na tréimhse, mar aon leis na méideanna comhfhreagracha le haghaidh gach réamhthréimhse a chuirtear i láthair;

...

## Dáta éifeachtach

---

...

98N Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 62A, 77 (agus a fho- cheannteideal gaolmhar) agus 78 (agus a fho- cheannteideal gaolmhar) agus mír 81. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 92.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 98B.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartaí Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 98H.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IAS 16 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh

Leasaítear mír 51. Cuirtear isteach mír 81O.

### Tomhas tar éis aitheantais

...

#### Dímheas

...

#### Méid in-dímheasa agus tréimhse dhímheasa

...

- 51 Déanfar athbhreithniú ar luach iarmharach agus saolré úsáide sócmhainne ag deireadh gach bliana airgeadais ar a laghad agus, má tá ionchais éagsúil le meastacháin roimhe sin, déanfar cuntas ar an athrú/na hathruithe mar athrú ar mheastachán cuntasáíochta i gcomhréir le IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

...

### Dáta éifeachtach

...

- 81O Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 51. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 81B.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 81G.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IAS 19 Sochair Fostaithe

Leasaítear míreanna 25, 134, 158 agus 171. Cuirtear mír 180 isteach.

### Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

---

...

#### Nochtadh

- 25 Cé nach gceanglaítear leis an gCaighdeán seo nochtaí sonracha maidir le sochair ghearrthéarmacha fostaithe, d'fhéadfadh IFRSanna eile nochtaí a cheangal. Mar shampla, ceanglaítear le IAS 24 nochtaí maidir le sochair fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta. Ceanglaítear le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* go nochtfar costas sochar fostaithe.

...

### Sochair iarfhostaíochta: pleananna sochair shainithe

---

...

#### Cur i Láthair

...

#### Comhpháirteanna costais sochair shainithe

- 134 Le mír 120 ceanglaítear ar eintiteas costas seirbhíse agus ús glan ar an nglandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a aithint i mbrabús nó caillteanas. Ní shonraítear leis an gCaighdeán seo conas ba cheart d'eintiteas costas seirbhíse agus ús glan ar an nglandliteanas sochair shainithe (sócmhainn) a chur i láthair. Cuireann eintiteas na comhpháirteanna sin i láthair i gcomhréir le IFRS 18.

...

### Sochair fhadtéarmacha fostaithe eile

---

...

#### Nochtadh

- 158 Cé nach gceanglaítear leis an gCaighdeán seo nochtaí sonracha maidir le sochair fhadtéarmacha fostaithe eile, d'fhéadfadh IFRSanna eile nochtaí a cheangal. Mar shampla, ceanglaítear le IAS 24 nochtaí maidir le sochair fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta. Ceanglaítear le IFRS 18 nochtheadh maidir le costas sochar fostaithe.

## Sochair i dtaca le foirceannadh

---

...

### Nochtadh

- 171 Cé nach gceanglaítear leis an gCaighdeán seo nochtaí sonracha faoi shochair foirceanta, d'fhéadfadh IFRSanna eile nochtaí a cheangal. Mar shampla, ceanglaítear le IAS 24 nochtaí maidir le sochair fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta. Ceanglaítear le IFRS 18 nochtheadh maidir le costas sochar fostaithe.

## Aistriú agus dáta éifeachtach

---

...

- 180 Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 25, 134, 158 agus 171. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*,' i mír 173.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 175.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8.

## IAS 20 Cuntasaíocht um Dheontais Rialtais agus um Nochtadh Cúnaimh Rialtais

Leasaítear míreanna 16, 29 agus 32 agus cuirtear mír 49 leis

### Deontais rialtais

---

- ...
- 16 Rud bunúsach don chur chuige ioncaim é gur cheart deontais rialtais a aithint i mbrabús nó caillteanas ar bhonn córasach le linn na dtréimhsí ina n- aithníonn an t- eintiteas mar chostais na costais ghaolmhara dá bhfuil na deontais beartaithe a chúiteamh. Níl aitheantas deontas rialtais i mbrabús nó caillteanas ar bhonn fáiltas i gcomhréir leis an toimhde cuntasaíochta fabhráithe (féach IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*) agus ní bheadh sé inghlactha ach amháin mura raibh aon bhonn ann chun deontas a leithdháileadh ar thréimhsí seachas an tréimhse ina bhfuarthas é.
- ...

### Cur i láthair deontas a bhaineann le hioncam

- 29 Aicmítear deontais a bhaineann le hioncam agus cuirtear i láthair iad sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas i gcomhréir leis na ceanglais in IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*. Áirítear iad le brabús nó caillteanas, mar ioncam nó mar asbhaint agus an costas gaolmhar á thuairisciú.
- ...

### Aisíocaíocht deontas rialtais

- 32 Déanfar cuntas ar dheontas rialtais a thagann chun bheith in- aisíoctha mar athrú ar mheastachán cuntasaíochta (féach IAS 8). Déanfar aisíocaíocht deontas a bhaineann le hioncam a chur i bhfeidhm ar dtús in aghaidh aon chreidmheas iarchurtha gan amúchadh a aithníodh i leith an deontais. A mhéid a sháraíonn an aisíocaíocht aon chreidmheas iarchurtha den sórt sin, nó i gcás nach ann d'aon chreidmheas iarchurtha, aithneofar an aisíocaíocht láithreach i mbrabús nó caillteanas. Aithneofar aisíocaíocht deontas a bhaineann le sócmhainn trí bhíthin suim ghlanluacha na sócmhainne a mhéadú nó iarmhéid an ioncaim iarchurtha a laghdú faoin méid is in-aisíoctha. An dímhéas breise carnach a d'aithneofaí i mbrabús nó caillteanas go dtí seo d'uireasa an deontais, aithneofar láithreach é i mbrabús nó caillteanas.
- ...

## Dáta éifeachtach

---

- ...
- 49 Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 16, 29 agus 32. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 42.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 46.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 18.

## IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*

Leasaítear mír 48 agus cuirtear mír 60N leis.

### Airgeadra tuairiscithe seachas an t- airgeadra feidhmiúil a úsáid

...

#### **Diúscairt nó diúscairt pháirteach oibríochta eachtraí**

- 48 Ar oibríocht eachtrach a dhiúscairt, déanfar méid carnach na ndifríochtaí luacha de bharr athrú sa ráta malairte a bhaineann leis an oibríocht eachtrach sin, a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile agus a charntar sa ghné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna, a athaicmiú ó chothromas chuig brabús nó caillteanas (mar choigeartú athaicmithe) nuair a aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas ar dhiúscairt (féach IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*).

...

### Dáta éifeachtach agus aistriú

...

- 60N Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 48. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 60.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 60A.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 60H.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 18.

## IAS 24 Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara

Leasaítear mír 20 agus cuirtear isteach mír 28D.

### Nochtaí

---

#### Gach eintiteas

- ...
- 20 Is síneadh é aicmiú na méideanna is inioctha le páirtithe gaolmhara sna catagóirí éagsúla, agus is infhaighte uathu, mar a cheanglaítear i mír 19, ar an gceanglas maidir le nochtadh in IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* chun faisnéis a chur i láthair sa ráiteas staide airgeadais nó a nochtadh sna nótaí. Leathnaítear na catagóirí chun anailís níos cuimsithí ar iarmhéideanna páirtithe gaolmhara a chur ar fáil agus tá feidhm ag na catagóirí maidir le hidirbhearta páirtithe gaolmhara.
- ...

### Dáta éifeachtach agus aistriú

---

- ...
- 28D Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 20. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

## **IAS 26 Cuntasaíocht agus Tuairisciú na bPleananna Sochair Scoir**

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 38.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais chun faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a nochtadh in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IAS 27 *Ráitis Airgeadais ar Leith*

Cuirtear fonóta le '(mar a shainmhínítear in IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*),' i mír 18G.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 18J.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8.

## IAS 28 Infheistíochtaí i gComhlaigh agus i gComhfhiontair

Leasaítear mír 10 agus cuirtear isteach mír 45L.

### Modh an chothromais

- 10 Faoi mhodh an chothromais, ar aitheantas tosaigh, aithnítear an infheistíocht i ngnólacht comhlachaithe nó i gcomhfhiontair ar costas, agus déantar an tsuim ghlanluacha a mhéadú nó a laghdú chun sciar an infheisteora de bhrabús nó caillteanas na hinstitiúide infheistiúcháin i ndiaidh an dáta éadála a aithint. Aithnítear sciar an infheisteora de bhrabús nó caillteanas na hinstitiúide infheistiúcháin i mbrabús nó caillteanas an infheisteora. Le dáileacháin a fuarthas ó institiúid infheistiúcháin, laghdaítear suim ghlanluacha na hinfheistíochta. D'fhéadfadh sé gur gá an tsuim ghlanluacha a choigeartú freisin chun athruithe a dhéanamh ar leas comhréireach an infheisteora san institiúid infheistiúcháin a eascraíonn as athruithe ar ioncam cuimsitheach eile na hinstitiúide infheistiúcháin. Áirítear le hathruithe den sórt sin athruithe a eascraíonn as athluacháil réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus as difríochtaí aistriúcháin malairte eachtraí. Aithnítear sciar an infheisteora de na hathruithe sin in ioncam cuimsitheach eile an infheisteora (féach IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*).

...

### Dáta éifeachtach agus aistriú

...

- 45L Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 10. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 45B.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IAS 29 *Tuairisciú Airgeadais i nGeilleagair Hipearbhoilscitheacha*

Leasaítear míreanna 8 agus 25 agus cuirtear mír 42 leis.

### Athráiteas ar ráitis airgeadais

---

- ...
- 8 Ráitis airgeadais eintitis arb é a airgeadra feidhmiúil é an t-airgeadra i ngeilleagar hipearbhoilscitheach, bídis bunaithe ar chur chuige costais stairiúil nó ar chur chuige costais reatha, luafar iad i dtéarmaí an aonaid tomhais reatha i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe. Déanfar na figiúirí comhfhreagracha le haghaidh na tréimhse roimhe sin a cheanglaítear le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus aon fhaisnéis i leith tréimhsí níos luaithe, a lua freisin i dtéarmaí an aonaid tomhais reatha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Chun méideanna comparáideacha a chur i láthair in airgeadra tuairiscithe éagsúil, tá feidhm ag míreanna 42(b) agus 43 de IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*.
- ...

#### Ráitis airgeadais costais stairiúil

##### Ráiteas staide airgeadais

- ...
- 25 Ag tús na chéad tréimhse agus i dtréimhsí ina diaidh sin, athshonraítear gach gné de chaipiteal gnáthscaireanna úinéirí trí innéacs praghsanna ginearálta a chur i bhfeidhm ó thús na tréimhse nó ón dáta ranníocaíochta, más déanaí é. Déantar na gluaiseachtaí i gcothromas úinéirí le haghaidh na tréimhse a nochtadh i gcomhréir le IFRS 18.
- ...

### Dáta éifeachtach

---

- ...
- 42 Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh míreanna 8 agus 25. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

## IAS 32 Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair

Leasaítear míreanna 34, 39- 41 agus AG29 agus cuirtear mír 97U leis.

### Cur i Láthair

...

#### Scaireanna cisteáin (féach mír AG36 freisin)

...

- 34 Déantar an méid scaireanna cisteáin arna sealbhú a chur i láthair ar leithligh sa ráiteas staide airgeadais nó sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó a nochtadh sna nótaí, i gcomhréir le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*. Soláthraíonn eintiteas nochtadh i gcomhréir le IAS 24 *Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara* má athfhaigheann an t- eintiteas a ionstraimí cothromais dílse ó pháirtithe gaolmhara.

#### Ús, díbhinní, caillteanais agus gnóthachain (féach freisin mír AG37)

...

- 39 Déantar an méid costas idirbhirt a ndéantar cuntas air mar asbhaint ó chothromas sa tréimhse a chur i láthair sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó a nochtadh sna nótaí i gcomhréir le IFRS 18.
- 40 Féadfar díbhinní a aicmítear mar chostas a chur i láthair sa ráiteas (sna ráitis) ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile nó a nochtadh sna nótaí in éineacht le hús ar dhliteanais eile nó mar mhír ar leithligh. I dteannta cheanglais an Chaighdeáin seo, tá cur i láthair agus nochtadh úis agus díbhinní faoi réir cheanglais IFRS 18 agus IFRS 7. In imthosca áirithe, mar gheall ar na difríochtaí idir ús agus díbhinní i ndáil le hábhair amhail in- asbhainteacht chánach, féadfaidh eintiteas a chinneadh go gcuirfidh sé costais úis i láthair ar leithligh ó chostais díbhinní sa ráiteas/sna ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile. Nochtar iarmhairtí cánach i gcomhréir le IAS 12.
- 41 Is mar ioncam nó costas i mbrabús nó caillteanas a aithnítear gnóthachain agus caillteanais a bhaineann le hathruithe ar shuim ghlanluacha dliteanais airgeadais fiú nuair a bhaineann siad le hionstraim lena n- áirítear ceart chun leas iarmharach i sócmhainní an eintitis a fháil mar mhalairt ar airgead tirim nó sócmhainn airgeadais eile (féach mír 18(b)). Faoi IFRS 18, cuireann an t- eintiteas aon ghnóthachan nó aon chaillteanas a eascraíonn as atomhas ionstraime den sórt sin i láthair ar leithligh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach más gá cur i láthair den sórt sin chun achoimre struchtúrtha úsáideach ar ioncam agus ar chostais an eintitis a sholáthar.

...

### Dáta éifeachtach agus aistriú

...

- 97U Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 34, 39- 41 agus AG29. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

...

## Foscúbhinn

### Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm

#### IAS 32 *Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair*

...

#### Cur i Láthair

---

##### Dlíteanais agus cothromas (míreanna 15- 27)

...

##### Láimhseáil i ráitis airgeadais chomhdhlúite

AG29 I ráitis airgeadais chomhdhlúite, cuireann eintiteas leasanna neamh- urlámhais i láthair — i.e. leasanna páirtithe eile i gcothromas agus ioncam a fhochuideachtaí — i gcomhréir le IFRS 18 agus IFRS 10. Agus ionstraim airgeadais á haicmiú (nó comhpháirt di) i ráitis airgeadais chomhdhlúite, breithníonn eintiteas na téarmaí agus coinníollacha uile a comhaontaíodh idir comhaltaí an ghrúpa agus sealbhóirí na hionstraime chun a chinneadh cé acu atá oibleagáid ar an ngrúpa ina iomláine airgead tirim nó sócmhainn airgeadais eile a chur ar fáil i ndáil leis an ionstraim nó í a shocrú ar bhealach as a n-eascraíonn aicmiú dlíteanais. Nuair a eisiúnn fochuideachta i ngrúpa ionstraim airgeadais agus aontaíonn máthairchuideachta nó grúpeintiteas eile téarmaí breise go díreach le sealbhóirí na hionstraime (e.g. ráthaíocht), d'fhéadfadh sé nach mbeadh discríd ag an ngrúpa maidir le dáileacháin ná fuascailt. Cé go bhféadfadh an fochuideachta an ionstraim a aicmiú go hiomchuí gan aird ar na téarmaí breise sin ina ráitis airgeadais aonair, breithnítear an éifeacht a bhíonn ag comhaontuithe eile idir comhaltaí an ghrúpa agus sealbhóirí na hionstraime chun a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais chomhdhlúite léiriú ar na conarthaí agus ar na hidirbhearta atá déanta ag an ngrúpa ina iomláine. A mhéid atá oibleagáid nó foráil socraíochta den sórt sin ann, déantar an ionstraim (nó comhpháirt di atá faoi réir na hoibleagáide) a aicmiú mar dhlíteanas airgeadais i ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 96A.

\* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí*.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 96C.

\* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 7.

Cuirtear fonóta le deireadh mhíreanna 97A agus 97K.

\* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 97N.

\* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

I mír 98 leasaítear an fonóta a ghabhann le deireadh na habairte.

\* I mí Lúnasa 2005 d'athlonnaigh IASB gach nochtadh a bhaineann le hionstraimí airgeadais chuig IFRS 7.

## IAS 33 *Tuilleamh in aghaidh na Scaire*

Leasaítear míreanna 4A, 13 agus 67A- 68A, scriostar míreanna 73- 73A agus cuirtear míreanna 73B- 73C agus 74F leis.

### Raon feidhme

---

- ...
- 4A Má chuireann eintiteas míreanna brabúis nó caillteanais i láthair i ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas ar leithligh ó ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair mar a dtugtar tuairisc air i mír 12(b) de IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*, ní chuireann sé tuilleamh in aghaidh na scaire i láthair ach amháin sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.
- ...

### Tomhas

---

#### Tuilleamh bunúsach in aghaidh na scaire

- ...
- Tuilleamh**
- ...
- 13 Déantar gach mír ioncaim agus costais atá inchurtha i leith shealbhóirí gnáthchothromais an mháthaireintitis a aithnítear i dtréimhse, lena n- áirítear costas cánach agus díbhinní ar scaireanna tosaíochta a aicmítear mar dhliteanais, a chur san áireamh agus brabús nó caillteanas á chinneadh le haghaidh na tréimhse atá inchurtha i leith shealbhóirí gnáthchothromais an mháthaireintitis (féach IFRS 18).
- ...

### Cur i Láthair

---

- ...
- 67A Má chuireann eintiteas míreanna brabúis nó caillteanais i láthair i ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas ar leithligh ó ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair mar a dtugtar tuairisc air i mír 12(b) de IFRS 18, cuireann sé tuilleamh bunúsach agus caolaithe in aghaidh na scaire i láthair, mar a cheanglaítear i míreanna 66 agus 67, sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.
- 68 **Déanfaidh eintiteas a thuairiscíonn oibríocht scortha na méideanna bunúsacha agus caolaithe in aghaidh na scaire a chur i láthair le haghaidh na hoibríochta scortha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach nó an fhaisnéis sin a nochtadh sna nótaí.**
- 68A Má chuireann eintiteas míreanna brabúis nó caillteanais i láthair i ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas ar leithligh ó ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair mar a dtugtar tuairisc air i mír 12(b) de IFRS 18, cuireann sé tuilleamh bunúsach agus caolaithe in aghaidh na scaire i láthair le haghaidh na hoibríochta scortha, mar a cheanglaítear i mír 68, sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas nó nochtann sé an fhaisnéis sin sna nótaí.
- ...

### Nochtadh

---

...

- 73 [Scriosta]
- 73A [Scriosta]
- 73B Anuas ar thuilleamh bunúsach agus caolaithe in aghaidh na scaire a chur i láthair a cheanglaítear leis an gCaighdeán seo, ceadáítear d'eintiteas méideanna breise in aghaidh na scaire a nochtadh sna nótaí agus tomhas feidhmíochta á úsáid mar uimhreoir atá difriúil leis an tomhas a cheanglaítear le míreanna 12- 18 agus 33- 35. Is éard a bheidh san uimhreoir/sna huimhreoirí sin, áfach, an méid/na méideanna atá inchurtha i leith shealbhóirí gnáthchothromais an mháthaireintitis de na nithe seo a leanas:
- (a) iomlán nó fo- iomlán i míreanna 69, 86 agus 118 de IFRS 18; nó
  - (b) tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe mar a shainmhínítear i mír 117 de IFRS 18.
- 73C Má nochtann eintiteas méid breise in aghaidh na scaire, agus mír 73B á cur i bhfeidhm aige, déanfaidh an t- eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) na méideanna bunúsacha agus caolaithe breise in aghaidh na scaire a nochtadh ar bhealach ina dtugtar an tsuntasacht chéanna dóibh.
  - (b) an méid breise in aghaidh na scaire a ríomh trí úsáid a bhaint as an meánlíon ualaithe gnáthscaireanna a chinntear i gcomhréir leis an gCaighdeán seo.
  - (c) an méid breise in aghaidh na scaire a nochtadh sna nótaí. Ní féidir an fhaisnéis sin a chur i láthair sna príomhráitis airgeadais.
  - (d) an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 121- 125 de IFRS 18 le haghaidh na n- uimhreoirí ar tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe iad a nochtadh.

## Dáta éifeachtach

- ...
- 74F Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 4A, 13 agus 67A- 68A, cuirtear míreanna 73B- 73C leis agus scriostar míreanna 73- 73A. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 74A.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 74D.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 18.

## IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach*

Leasaítear míreanna 1- 5, 7- 10, 11A- 12, 19 (agus a cheannnteideal gaolmhar), 20 agus 24 agus cuirtear míreanna 16A(m) agus 61 leis.

### Raon feidhme

- 1 Ní thugtar sainordú leis an gCaighdeán seo maidir leis na heintitis ar cheart a cheangal orthu tuarascálacha airgeadais eatramhacha a fhoilsiú, cé chomh minic ná cé chomh luath tar éis dheireadh na hidirthréimhse. Mar sin féin, is minic a cheanglaíonn rialtais, rialtóirí urrús, stocmhalartáin agus comhlachtaí cuntasáiochta ar eintitis a dhéantar a bhfiachas nó a n-urrúis chothromais a thrádáil go poiblí, tuarascálacha airgeadais eatramhacha a fhoilsiú. Tá feidhm ag an gCaighdeán seo má cheanglaítear ar eintiteas nó má roghnaíonn sé tuarascáil airgeadais eatramhach a fhoilsiú i gcomhréir le Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS. Spreagann an Coiste um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta eintitis arna liostú ar stocmhalartán chun tuarascálacha airgeadais eatramhacha a sholáthar atá i gcomhréir leis na prionsabail um aitheantas, tomhas agus nochtadh a leagtar amach sa Chaighdeán seo. Go sonrach, spreagtar eintitis arna liostú ar stocmhalartán an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - (a) tuarascálacha airgeadais eatramhacha a sholáthar ar a laghad ó dheireadh na chéad leithe dá mbliain airgeadais; agus
  - (b) a dtuarascálacha airgeadais eatramhacha a chur ar fáil tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse.
- 2 Déantar meastóireacht ar gach tuarascáil airgeadais, bíodh sí bliantúil nó eatramhach, aisti féin maidir le comhréireacht le Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS. Cé go bhféadfadh sé nár sholáthair eintiteas tuarascálacha airgeadais eatramhacha le linn bliain airgeadais ar leith nó go bhféadfadh sé gur sholáthair sé tuarascálacha airgeadais eatramhacha nach gcomhlíonann an Caighdeán seo, ní chuirtear cosc leis sin ar ráitis airgeadais bhliantúla an eintitis Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS a chomhlíonadh má dhéanann siad amhlaidh ar shlí eile.
- 3 Má thugtar tuairisc ar tuarascáil airgeadais eatramhach eintitis mar thuarascáil a chomhlíonann Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS, ní mór di ceanglais uile an Chaighdeáin seo a chomhlíonadh. Le mír 19, éilítear nochtáil áirithe i ndáil leis sin.

### Sainmhínte

- 4 Úsáidtear na téarmaí seo a leanas sa Chaighdeán seo agus is é an méid seo a leanas is brí leo i ngach cás faoi seach:

...

Ciallaíonn *tuarascáil airgeadais eatramhach* tuarascáil airgeadais ina bhfuil tacar iomlán de ráitis airgeadais (mar a dtugtar tuairisc air in IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* nó tacar de ráitis airgeadais chomhdhlúite (mar a dtugtar tuairisc air sa Chaighdeán seo) le haghaidh idirthréimhse.)

### Inneachar tuarascála airgeadais eatramhaí

- 5 Áirítear na compháirteanna seo a leanas le tacar iomlán de ráitis airgeadais, de réir an tsainmhínte a thugtar air in IFRS 18:
  - (a) ráiteas (nó ráitis) ar fheidhmíocht airgeadais le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;
  - (b) ráiteas staide airgeadais i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe;
  - (c) ráiteas ar athruithe sa chothromas le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;
  - (d) ráiteas faoi shreabhadh airgid le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;
  - (e) nótaí le haghaidh na tréimhse tuairiscithe;

(ea) faisnéis chomparáideach i leith na tréimhse roimhe sin mar a shonraítear i míreanna 31- 32 de IFRS 18; agus

(f) ráiteas staide airgeadais ag tús na tréimhse roimhe sin má cheanglaítear sin le mír 37 de IFRS 18.

Féadfaidh eintiteas teidil a úsáid le haghaidh na ráiteas nach iad na teidil a úsáidtear sa Chaighdeán seo iad. Féadfaidh eintiteas an teideal ‘clár comhardaithe’ a úsáid in ionad ‘ráiteas staide airgeadais’, mar shampla.

...

- 7 Níl aon rud sa Chaighdeán seo beartaithe chun eintiteas a chosc nó a dhíspreagadh maidir le tacar iomlán de ráitis airgeadais a fhoilsiú (mar a dtugtar tuairisc air in IFRS 18) ina thuarascáil airgeadais eatramhach, seachas ráitis airgeadais chomhdhlúite agus nótaí míniúcháin roghnaithe. Ní chuireann an Chaighdeán seo cosc ach oiread ar eintiteas níos mó ná na míreanna líne íosta nó na nótaí míniúcháin roghnaithe, mar a leagtar amach sa Chaighdeán seo iad, a chur san áireamh i ráitis airgeadais eatramhacha chomhdhlúite, ná ní thugann an chaighdeán seo díspregadh d’eintiteas amhlaidh a dhéanamh. Tá feidhm freisin ag an treoraíocht um aitheantas agus tomhas sa Chaighdeán seo maidir le ráitis airgeadais chomhiomlána le haghaidh idirthréimhse, agus d’áireofaí i ráitis den sórt sin na nochtáí ar fad a cheanglaítear leis an gCaighdeán seo (go háirithe na nochtáí nóta roghnaithe i mír 16A) mar aon leis na nochtáí a cheanglaítear le IFRSanna eile.

## **Comhpháirteanna íosta de thuarascáil airgeadais eatramhach**

- 8 Áireofar i dtuarascáil airgeadais eatramhach, ar a laghad, na comhpháirteanna seo a leanas:

- (a) ráiteas comhdhlúite (nó ráitis chomhdhlúite) ar fheidhmíocht airgeadais;
- (b) ráiteas comhdhlúite staide airgeadais;
- (c) ráiteas comhdhlúite ar athruithe sa chothromas;
- (d) ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid; agus
- (e) nótaí míniúcháin roghnaithe.

- 8A Má chuireann eintiteas míreanna brabúis nó caillteanais i láthair i ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas ar leithligh ó ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair mar a dtugtar tuairisc air i mír 12(b) de IFRS 18, cuireann sé faisnéis chomhdhlúite eatramhach i láthair ón ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.

## **Foirm agus inneachar ráiteas airgeadais eatramhach**

- 9 Má fhoilsíonn eintiteas tacar iomlán de ráitis airgeadais ina thuarascáil airgeadais eatramhach, comhlíonfaidh foirm agus inneachar na ráiteas sin le ceanglais IFRS 18 maidir le tacar iomlán de ráitis airgeadais.

- 10 Má fhoilsíonn eintiteas tacar comhdhlúite de ráitis airgeadais ina thuarascáil airgeadais eatramhach, áireofar leis na ráitis chomhdhlúite sin, ar a laghad, gach ceann de na ceanteidil agus na fo- iomláin a áiríodh lena ráitis airgeadais bhliantúla is déanaí agus na nótaí míniúcháin roghnaithe a cheanglaítear leis an gCaighdeán seo. Agus ráitis airgeadais chomhdhlúite á n- ullmhú aige, cuirfidh eintiteas an Caighdeán seo agus na ceanglais i míreanna 41- 45 de IFRS 18 agus i míreanna 6A- 6N de IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* i bhfeidhm freisin. Áireofar míreanna líne nó nótaí breise i gcás ina mbeadh na ráitis airgeadais eatramhacha chomhdhlúite míthreorach dá bhfágfaí ar lár iad.

...

- 11A Má chuireann eintiteas míreanna brabúis nó caillteanais i láthair i ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas ar leithligh ó ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair mar a dtugtar tuairisc air i mír 12(b) de IFRS 18, cuireann sé tuilleamh bunúsach agus caolaithe in aghaidh na scaire i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas.

- 12 Soláthraítear treoraíocht le IFRS 18 maidir le struchtúr na ráiteas airgeadais. Léirítear leis na Samplaí Léiritheacha a ghabhann le IFRS 18 bealaí inar féidir an ráiteas staide airgeadais, an ráiteas (na ráitis) ar fheidhmíocht airgeadais agus an ráiteas ar athruithe sa chothromas a chur i láthair.

...

## **Nochtáí eile**

- 16A Sa bhreis ar theagmhais agus idirbhearta móra a nochtadh i gcomhréir le míreanna 15–15C, cuirfidh eintiteas an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sna nótaí a ghabhann lena ráitis airgeadais eatramhacha

nó áit éigin eile sa tuarascáil airgeadais eatramhach. Tabharfar na nochtaí seo a leanas sna ráitis airgeadais eatramhacha nó cuirfear san áireamh iad trí chrostagairt ó na ráitis airgeadais eatramhacha go dtí ráiteas éigin eile (amhail tráchtairacht bhainistíochta nó tuarascáil ar rioscaí) atá ar fáil d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais ar na téarmaí céanna agus atá na ráitis airgeadais eatramhacha ar fáil dóibh agus an tráth céanna. I gcás nach bhfuil rochtain ag úsáideoirí na ráiteas airgeadais ar an bhfaisnéis atá curtha san áireamh trí chrostagairt ar na téarmaí céanna agus an tráth céanna, tá an tuarascáil airgeadais eatramhach neamhiomlán. Ba cheart an fhaisnéis a thuairisciú ar bhonn airgeadais bliain go dáta, de ghnáth.

...

- (m) na nochtaí maidir le tomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht a cheanglaítear le míreanna 121- 125 de IFRS 18.

...

## **Nochtadh comhlíontachta le Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS**

- 19 Má chomhlíonann tuarascáil airgeadais eatramhach eintitis an Caighdeán seo, nochtfar an méid sin. Ní thabharfar tuairisc ar thuarascáil airgeadais eatramhach mar thuarascáil a chomhlíonann Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS—ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais uile Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS.

## **Tréimhsí ar ina leith a éilítear ráitis airgeadais eatramhacha a chur i láthair**

- 20 Áireofar i dtuarascálacha eatramhacha ráitis airgeadais eatramhacha (comhdhlúite nó comhiomlán) le haghaidh tréimhsí mar a leanas:

...

- (b) ráiteas/ráitis ar fheidhmíocht airgeadais le haghaidh na hidirthréimhse reatha agus go carnach le haghaidh na bliana airgeadais reatha go dtí seo, le ráiteas comparáideach/ráitis chomparáideacha ar fheidhmíocht airgeadais le haghaidh na n-idirthréimhsí inchomparáide (reatha agus bliain go dáta) den bhliain airgeadais díreach roimhe sin. Mar a cheadaítear le IFRS 18, féadfaidh tuarascáil eatramhach ráiteas (nó ráitis) ar fheidhmíocht airgeadais a chur i láthair le haghaidh gach tréimhse.

...

## Ábharthacht

- 24 Le IFRS 18 sainmhínear faisnéis ábhartha agus ceanglaítear nochtadh ar leithligh ar mhíreanna ábhartha, lena n-áirítear (mar shampla) oibríochtaí scortha, agus ceanglaítear le IAS 8 nochtadh athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta, earráidí, agus athruithe ar bheartais chuntasaíochta. Níl treoraíocht chainníochtaithe maidir le hábharthacht sa dá Chaighdeán.

## Dáta éifeachtach

- 61 Le IFRS 18 arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaítear míreanna 1- 5, 7- 10, 11A- 12, 19 (agus a cheannteideal gaolmhar), 20 agus 24 agus cuirtear mír 16A(m) leis. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige. I ráitis airgeadais eatramhacha sa chéad bhliain ina gcuirtear IFRS 18 i bhfeidhm, cuirfidh eintiteas míreanna C4- C6 d'Fhoscríbhinn C de IFRS 18 i bhfeidhm.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 47.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le deireadh mhíreanna 51 agus 52.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais sin in IAS 1 anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 52.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i míreanna 53, 56 agus 58.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 59.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB an sainmhíniú ar 'ábhartha' in IAS 1 anonn go IFRS 18.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 60.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, thug IASB na ceanglais chun faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a nochtadh in IAS 1 anonn go IAS 8.

## IAS 36 *Lagú Sócmhainní*

|                                        |
|----------------------------------------|
| Cuirtear fonóta le deireadh mhír 140A. |
|----------------------------------------|

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## **IAS 37 *Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha***

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 104.

- \* I mí Aibreáin 2024 d’eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh an sainmhíniú ar ‘ábhartha’ in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## IAS 38 Sócmhainní Doláimhsithe

Leasaítear mír 102 agus cuirtear mír 130N leis.

### Sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saolré úsáideach chríochna acu

...

#### Luach iarmharach

...

- 102 Tá meastachán ar luach iarmharach sócmhainne bunaithe ar an méid is in- aisghabhála ó dhiúscairt ag úsáid praghsanna atá i réim ar dháta an mheastacháin le haghaidh díol sócmhainne comhchosúla a bhfuil deireadh a saolré úsáide bainte amach aici agus a oibríodh faoi dhálaí atá comhchosúil leo sin faoina n- úsáidfear an tsócmhainn. Déantar athbhreithniú ar an luach iarmharach ag deireadh gach bliana airgeadais ar a laghad. Is mar athrú ar mheastachán cuntasáiochta i gcomhréir le IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* a dhéantar cuntas ar athrú ar luach iarmharach na sócmhainne.

...

### Forálacha idirthréimhseacha agus dáta éifeachtach

...

- 130N Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 102. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 130B.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## IAS 40 Réadmhaoin Infheistíochta

Leasaítear mír 31 agus cuirtear isteach mír 85I.

### Tomhas tar éis aitheantais

#### Beartas cuntasaióchta

- ...
- 31 Luaitear in IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* nach ndéanfar athrú deonach ar bheartas cuntasaióchta ach amháin má thagann faisnéis iontaofa agus níos ábhartha as an athrú sna ráitis airgeadais maidir leis na héifeachtaí a bhíonn ag idirbhearta, teagmhais eile nó dálaí ar staid airgeadais, ar fheidhmíocht airgeadais nó ar shreafaí airgid an eintitis. Is beag seans go mbeidh cur i láthair níos ábhartha ann mar thoradh ar athrú ón tsamhail luacha chóir go dtí an tsamhail chostais.
- ...

### Dáta éifeachtach

- ...
- 85I Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 31. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 85A.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## IAS 41 *Talmhaíocht*

Leasaítear míreanna 50 agus 53 agus cuirtear mír 66 leis.

### Nochtadh

#### Ginearálta

...  
50 Nochtfaidh eintiteas réiteach d'athruithe ar shuim ghlanluacha sócmhainní bitheolaíocha idir tús agus deireadh na tréimhse reatha. Áireofar leis an réiteach:

...  
53 Bíonn gníomhaíocht talmhaíochta neamhchosanta ar rioscaí aeráide, galair agus ar rioscaí nádúrtha eile go minic. Má tharlaíonn teagmhas as a n- eascraíonn mír ábhartha ioncaim nó costais, nochtar cineál agus méid na míre sin i gcomhréir le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*. I measc na samplaí de theagmhas den sórt sin tá ráig de ghalar nimhneach, tuile, triomach nó sioc mór, agus plá feithidí.

### Dáta éifeachtach agus aistriú

...  
66 Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh míreanna 50 agus 53. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartaíocht Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' i mír 59.

\* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRIC 1 *Athruithe ar Dhíchoimisiúnú, Athbhunú agus Dliteanais Chomhchosúla atá ann cheana*

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear na tagairtí do IAS 1 agus IAS 8. Leasaítear míreanna 6 agus 8 agus cuirtear mír 9C leis.

### Tagairtí

---

- IFRS 16 *Léasanna*
- IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 16 *Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh* (arna athbhreithniú in 2003)
- IAS 23 *Costais Iasachtaíochta*
- IAS 36 *Lagú Sócmhainní* (arna athbhreithniú in 2004)
- IAS 37 *Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*
- ...

### Comhdhearcadh

---

- ...
- 6 Má dhéantar an tsócmhainn ghaolmhar a thomhas trí úsáid a bhaint as an tsamhail athluachála:
- ...
- (d) Ceanglaítear le IFRS 18 míreanna ioncaim chuimsithigh eile a chur i láthair mar mhíreanna líne sa ráiteas ina gcuirtear ioncam cuimsitheach i láthair. Agus an ceanglas sin á chomhlíonadh, déanfar an t- athrú ar an mbarrachas athluachála a eascraíonn as athrú ar an dliteanas a shainaitheint agus a chur i láthair ar leithligh mar sin.
- ...
- 8 Aithneofar leachtú tréimhsiúil na lascaine i mbrabús nó caillteanas mar chostas úis ó dhliteanais seachas na dliteanais sin a eascraíonn as idirbhearta nach mbaineann ach le maoiniú a thiomsú de réir mar a tharlaíonn sé agus aicmeofar é — agus mír 61 de IFRS 18 á cur i bhfeidhm — i gcatagóir maoiniúcháin an ráitis ar bhrabús nó ar chaillteanas. Ní cheadaítear caipitliú faoi IAS 23.

## Dáta éifeachtach

---

- ...
- 9C Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh míreanna 6 agus 8. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.
- ...

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 9A.

- \* I mí Aibreáin 2024 d’eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Leasaítear an fonóta ag deireadh mhír 10.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18, d’athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## **IFRIC 2 Scaireanna Comhaltaí in Eintitis Chomharchumainn agus Ionstraimí Comhchosúla**

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 Beartaís Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta' i mír 17.

\* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## **IFRIC 5 Cearta chun Leasanna a eascraíonn as Cistí a bhaineann le Díchoimisiúnú, le hAthchóiriú agus le hAthshlánú Comhshaoil**

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear an tagairt do IAS 8.

### **Tagairtí**

---

- IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais*
- IFRS 10 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite*
- IFRS 11 *Comhshocruithe*
- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 28 *Infheistíochtaí gComhlaigh agus i gComhfhiontair*
- IAS 37 *Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*

## **IFRIC 6 *Dlíteanais de bharr Rannpháirtíocht i Margadh Sonrach — Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach***

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear an tagairt do IAS 8.

### **Tagairtí**

---

- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 37 *Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*

## IFRIC 12 Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear an tagairt do IAS 8.

### Tagairtí

---

- *Creat i gcomhair Ullmhú agus Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais*
- *IFRS 1 Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais*
- *IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí*
- *IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais*
- *IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí*
- *IFRS 16 Léasanna*
- *IAS 8 Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- *IAS 16 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh*
- *IAS 20 Cuntasaíocht um Dheontais Rialtais agus um Nochtadh Cúnaimh Rialtais*
- *IAS 23 Costais Iasachtaíochta*
- *IAS 32 Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair*
- *IAS 36 Lagú Sócmhainní*
- *IAS 37 Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*
- *IAS 38 Sócmhainní Doláimhsithe*
- *SIC- 29 Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse: Nochtaí*

## IFRIC 14 IAS 19 — An Teorainn ar Shócmhainn Sochair Shainithe, na hÍoscheanglais Chistiúcháin agus a nIdirghníomhaíocht

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear na tagairtí do IAS 1 agus IAS 8. Leasaítear mír 10 agus cuirtear isteach mír 27D.

### Tagairtí

- IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 19 *Sochair Fostaithe* (arna athbhreithniú in 2011)
- IAS 37 *Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*
- ...

### Comhdhearcadh

#### Infhaighteacht aisíocaíochta nó laghdú ar ranníocaíochtaí amach anseo

- ...
- 10 I gcomhréir le IAS 8, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis faoi phríomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe lena mbaineann riosca mór go ndéanfaí coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na glansócmhainne nó an ghlandlíteanais a aithnítear sa ráiteas staide airgeadais. D'fhéadfaí a áireamh leis sin nochtadh aon sriain maidir le hinréadaitheacht reatha an bharrachais nó nochtadh an bhoinn a úsáidtear chun méid na tairbhe eacnamaíche atá ar fáil a chinneadh.
- ...

### Dáta éifeachtach

- ...
- 27D Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 10. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Cuirtear fonóta le deireadh mhír 27A.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## **IFRIC 16 *Fáluithe de Ghlan- infheistíocht in Oibríocht Eachtrach***

|                                                                |
|----------------------------------------------------------------|
| Faoi gceannteideal ‘Tagairtí’, leasaítear an tagairt do IAS 8. |
|----------------------------------------------------------------|

### **Tagairtí**

---

- IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais*
- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*

## IFRIC 17 *Dáiltí Sócmhainní Neamhairgid ar Úinéirí*

Faoin gceannteideal ‘Tagairtí’, leasaítear an tagairt do IAS 1. Leasaítear mír 2 agus cuirtear isteach mír 21.

### Tagairtí

- IFRS 3 *Comhcheangail idir Gnólachtaí* (arna athbhreithniú in 2008)
- IFRS 5 *Sócmhainní Neamhreatha arna Sealbhú lena nDíol agus Oibríochtaí Scortha*
- IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí*
- IFRS 10 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite*
- IFRS 13 *Tomhas Cóirluacha*
- IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- IAS 10 *Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe*

...

### Cúlra

- 2 Ní thugtar treoraíocht leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) maidir leis an gcaoi ar cheart d’eintiteas dáileacháin ar a úinéirí (dá ngairtear díbhinní go coitianta) a thomhas. Le IFRS 18 ceanglaítear ar eintiteas mionsonraí díbhinní a aithnítear mar dháileacháin ar úinéirí a chur i láthair sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó iad a nochtaidh sna nótaí.

...

### Dáta éifeachtach

- 21 Le IFRS 18, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 2. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Scríostar an fonóta a ghabhann le ‘úinéirí’ i mír 1.

## IFRIC 19 *Dliteanais Airgeadais a Mhúchadh le hIonstraimí Cothromais*

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear na tagairtí do IAS 1 agus IAS 8. Leasaítear mír 11 agus cuirtear isteach mír 18.

### Tagairtí

---

- *Creat i gcomhair Ullmhú agus Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais*
- *IFRS 2 Íocaíocht Scairbhunaithe*
- *IFRS 3 Comhcheangail idir Gnólachtaí*
- *IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais*
- *IFRS 13 Tomhas Cóirluacha*
- *IFRS 18 Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- *IAS 8 Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- *IAS 32 Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair*

...

### Comhdhearcadh

---

...

- 11 Cuirfidh eintiteas gnóthachan nó caillteanas a aithnítear i gcomhréir le míreanna 9 agus 10 i láthair mar mhír líne ar leithligh sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas nó nochtfaidh sé sna nótaí é.

### Dáta éifeachtach agus aistriú

---

...

- 18 Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 11. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

## IFRIC 20 *Costais Scafa i gCéim Táirgthe Mianaigh Dromchla*

|                                                                 |
|-----------------------------------------------------------------|
| Faoin gceannteideal ‘Tagairtí’, leasaítear an tagairt do IAS 1. |
|-----------------------------------------------------------------|

### **Tagairtí**

---

- *Creat Coincheapúil le haghaidh Tuairisciú Airgeadais*
- *IFRS 18 Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- *IAS 2 Fardail*
- *IAS 16 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh*
- *IAS 38 Sócmhainní Doláimhsithe*

## IFRIC 21 *Tobhaigh*

Faoin gceannteideal ‘Tagairtí’, leasaítear na tagairtí do IAS 1 agus IAS 8.

### Tagairtí

- IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 12 *Cánacha Ioncaim*
- IAS 20 *Cuntasaíocht um Dheontais Rialtais agus um Nochtaí Cúnaimh Rialtais*
- IAS 24 *Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara*
- IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach*
- IAS 37 *Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*
- IFRIC 6 *Dliteanais de bharr Rannpháirtíocht i Margadh Sonrach—Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach*

Cuirtear fonóta le ‘IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*’ i mír A2.

- \* Nuair a d’eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d’athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRIC 22 *Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach agus Comaoin Réamhíocaíochta*

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear an tagairt do IAS 8.

### Tagairtí

---

- *An Creat Coincheapúil le haghaidh Tuairisciú Airgeadais*
- *IAS 8 Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- *IAS 21 Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*

Cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*,' i mír A2.

- \* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.

## IFRIC 23 Éiginnteacht maidir le Láimhseálacha Cánach Ioncaim

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear na tagairtí do IAS 1 agus IAS 8. Leasaítear míreanna 14 agus A4 agus cuirtear mír B1A leis.

### Tagairtí

- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 10 *Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe*
- IAS 12 *Cánacha Ioncaim*
- ...

### Comhdhearcadh

...

#### Athruithe ar fhíorais agus ar imthosca

...

- 14 Léireoidh eintiteas éifeacht athraithe ar fhíorais agus imthosca nó éifeacht faisnéise nua mar athrú ar mheastachán cuntasaióchta agus IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* á chur i bhfeidhm. Cuirfidh eintiteas IAS 10 *Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe* i bhfeidhm chun a chinneadh an teagmhas coigeartúcháin nó teagmhas neamhchoigeartúcháin é athrú a tharlaíonn tar éis na tréimhse tuairiscithe.

...

### Foscríbhinn A

#### Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm

### Nochtadh

- A4 I gcás ina mbeidh éiginnteacht ann maidir le láimhséalacha cánach ioncaim, cinntídh eintiteas cé acu a nochtfar nó nach nochtfar an méid seo a leanas:

- (a) breithiúnais a dhéantar chun brabús inchánach (caillteanas cánach), boinn chánach, caillteanais chánach neamhúsáidte, creidmheasanna cánach neamhúsáidte agus rátaí cánach a chinneadh agus mír 27G de IAS 8 á cur i bhfeidhm; agus
- (b) faisnéis faoi na toimhdí agus na meastacháin a dhéantar chun brabús inchánach (caillteanas cánach), boinn chánach, caillteanais chánach neamhúsáidte, creidmheasanna cánach neamhúsáidte agus rátaí cánach a chinneadh agus míreanna 31A- 31E de IAS 8 á gcur i bhfeidhm.

...

## Foscúbhinn B

### Dáta éifeachtach agus aistriú

#### Dáta éifeachtach

---

B1A ...  
Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh míreanna 14 agus A4. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

## SIC- 7 Tabhairt isteach an Euro

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear na tagairtí do IAS 1 agus IAS 8.

### Tagairtí

---

- IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 10 *Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe*
- IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí* (arna athbhreithniú in 2003)
- IAS 27 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus Ar Leith* (arna athbhreithniú in 2008)

Faoin gceannteideal 'Dáta éifeachtach', cuirtear fonóta le deireadh an dara mír.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## **SIC- 10 Cúnamh Rialtais—Gan Aon Choibhneas Sonrach aige le Gníomhaíochtaí Oibriúcháin**

|                                                                 |
|-----------------------------------------------------------------|
| Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear an tagairt do IAS 8. |
|-----------------------------------------------------------------|

### **Tagairtí**

---

- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 20 Cuntasaíocht um Dheontais Rialtais agus um Nochtadh Cúnaimh Rialtais

## **SIC- 25 Cánacha Ioncaim — Athruithe ar Stádas Cánach Eintitis nó a Scairshealbhoirí**

Faoin gceannteideal 'Tagairtí', leasaítear na tagairtí do IAS 1 agus IAS 8.

### **Tagairtí**

---

- IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*
- IAS 12 *Cánacha Ioncaim*

Faoin gceannteideal 'Dáta éifeachtach', cuirtear fonóta le deireadh an dara mír.

- \* I mí Aibreáin 2024 d'eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

## SIC- 29 Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse: Nochtaí

|                                                                |
|----------------------------------------------------------------|
| Faoi gceannteideal ‘Tagairtí’, leasaítear an tagairt do IAS 1. |
|----------------------------------------------------------------|

### Tagairtí

---

- IFRS 16 *Léasanna*
- IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- IAS 16 *Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh* (arna athbhreithniú in 2003)
- IAS 37 *Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*
- IAS 38 *Sócmhainní Doláimhsithe* (arna athbhreithniú in 2004)
- IFRIC 12 *Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse*

## SIC- 32 Sócmhainní Doláimhsithe — Costais Láithreáin Gréasáin

Faoin gceannteideal ‘Tagairtí’, leasaítear an tagairt do IAS 1. Leasaítear mír 5. Cuirtear mír neamhuimhrithe isteach i ndiaidh na míre deireanaí faoin gceannteideal ‘Dáta éifeachtach’.

### Tagairtí

- IFRS 3 *Comhcheangail idir Gnólachtaí*
- IFRS 15 *Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí*
- IFRS 16 *Léasanna*
- IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*
- IAS 2 *Fardail* (arna athbhreithniú in 2003)
- IAS 16 *Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh* (arna athbhreithniú in 2003)
- IAS 36 *Lagú Sócmhainní* (arna athbhreithniú in 2004)
- IAS 38 *Sócmhainní Doláimhsithe* (arna athbhreithniú in 2004)
- ...

### Saincheist

- ...
- 5 Níl feidhm ag an Léirmhíniú seo maidir le caiteachas ar chrua- earraí suímh gréasáin a cheannach, a fhorbairt agus a oibriú (e.g. freastalaithe gréasáin, freastalaithe tástála, freastalaithe táirgeachta agus naisc idirlín). Tugtar cuntas ar chaiteachas den sórt sin faoi IAS 16. Ina theannta sin, i gcás ina dtabhaíonn eintiteas caiteachas ar sholáthraí seirbhísí idirlín a óstálann suíomh gréasáin an eintitis, aithnítear an caiteachas mar chostas faoi mhír 46 de IFRS 18 agus faoin gCreat Coincheapúil le haghaidh Tuairisciú Airgeadais nuair a fhaightear na seirbhísí.
- ...

### Dáta éifeachtach

...

Le *Leasuithe ar Thagairtí don Chreat Coincheapúil i gCaighdeán IFRS*, a eisíodh in 2018, leasaítear mír 5. Cuirfidh eintiteas an leasú sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2020 nó ina dhiaidh sin. Ceadáítear cur i bhfeidhm níos luaithe má chuireann an t-eintiteas i bhfeidhm freisin an tráth céanna nó níos luaithe na leasuithe uile a rinneadh le *Leasuithe ar Thagairtí don Chreat Coincheapúil i gCaighdeán IFRS*. Cuirfidh eintiteas an leasú ar SIC- 32 i bhfeidhm go cúlgabhálach i gcomhréir le IAS 8 *Beartaí Chuntaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntaíochta agus Earráidí Cuntaíochta*. Mar sin féin, má chinneann eintiteas go mbeadh cur i bhfeidhm cúlgabhálach dodhéanta nó go mbainfeadh costas míchuí nó iarracht mhíchuí leis, cuirfidh sé an leasú i bhfeidhm ar SIC- 32 faoi threoir mhíreanna 23–28, 50–53 agus 54F de IAS 8.

Le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, leasaíodh mír 5. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm agus IFRS 18 á chur i bhfeidhm aige.

Faoin gceannteideal ‘Dáta éifeachtach’, cuirtear fonóta le deireadh an dara mír.

- \* I mí Aibreáin 2024 d’eisigh IASB IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* agus tugadh na ceanglais sin in IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* anonn go IFRS 18.

Faoin gceannteideal 'Dáta éifeachtach', cuirtear fonóta le 'IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí Cuntasaíochta*' sa chúigiú mír.

\* Nuair a d'eisigh sé IFRS 18, d'athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.